SDCC Páirceanna Parks

# Maireachtáil le Crainn



## Beartas um Bainistíocht Crann 2026 - 2031



# Table of Contents


| | |
|---|---|
| **Réamhrá** | **8** |
| **1.0 Réamhrá** | **10** |
| 1.1 Crainn ar fud Chomhairle Contae Átha Cliath Theas | 13 |
| 1.2 Crainn agus an Oidhreacht Shóisialta | 14 |
| 1.3 Cén fáth ar cheart Beartas um Bainistíocht Crann a bheith ann? | 15 |
| 1.4 Tábhacht na gCrann | 16 |
| 1.5 Crainn agus an tAthrú Aeráide | 18 |
| 1.6 Na crainn agus an Timpeallacht Uirbeach | 20 |
| 1.7 Fís | 21 |
| 1.8 Aidhmeanna an Bheartais um Bainistíocht Crann | 21 |
| 1.9 Plean Gníomhaíochta | 23 |
| 1.10 Monatóireacht agus Athbhreithniú Beartais | 23 |
| **2.0 Bainistíocht Crann** | **24** |
| 2.1 An tSeirbhís Cothabhála Crann | 24 |
| 2.2 Clár um Bainistíocht Crann | 25 |
| 2.3 Córas Bainistíochta Crann | 26 |
| 2.4 Suirbhéireacht Crann | 26 |
| 2.5 Oibreacha Frithghníomhacha agus Éigeandála | 27 |
| 2.6 Feasacht, Oideachas agus Rannpháirtíocht an Phobail | 27 |
| 2.7 Oibreacha Crann a Chur in Ord Tosaíochta | 27 |
| 2.7.1 Freagra ar Fhiosrúcháin | 27 |
| 2.7.2 Iniúchtaí | 28 |
| 2.7.3 Bainistíocht Baoil Crann | 28 |
| 2.7.4 Córas Rátála Tosaíochta d'Oibreacha Crann | 29 |


Contents

# Contents

**3 Cothabháil na gCrann** **31**

3.1 Faisnéis Phoiblí maidir le hOibreacha Crann 32

3.2 Cúiseanna le Prúnáil agus Leagan Crann 33

3.3 Prúnáil na gCrann 33

3.4 Barrghearradh na gCrann 34

3.5 Baint na gCrann 34

3.6 Baint Stumpa 35

3.7 Caighdeán na hOibre 36

3.8 Prúnáil Neamhúdaraithe, Baint nó Damáiste do Chrainn faoi Úinéireacht na Comhairle 36

3.9 Cothabháil na gCrann Sráide á hÍoc nó á Socrú ag Cónaitheoirí 37

3.10 Beartais um Úsáidí Adhmaid agus Dramhaíola Glaise 38

3.11 Éin atá ag neadú 38

3.12 Bainistiú Thitim na nDuilleog san Fhómhar 38

3.13 Srianadh Lotnaidí agus Cosc Galar 39

3.14 Eidhneán ar Chrainn 40

3.15 Dealbhóireacht Crann 40

3.16 Iarrataí ar Chothabháil Crann 40

**4 Plandú na gCrann / Plandú Athsholáthair** **41**

4.1 An Crann Ceart, an Áit Cheart 41

4.2 Plandú na gCrann 42

4.3 Dearadh Scéimeanna Plandála Crann Sráide 42

4.4 Roghnú Speiceas 43

4.5 Plandú Crann Athsholáthair 44

4.6 Sciatha Crainn a Úsáid 45

4.7 Clár Cothabhála Iar-Phlandaithe 45

4.8 Plandú Crann Cuimhneacháin Urraithe 46

Contents

4.8.1 Crann Dóchais 46
4.8.2 Crann Cuimhneacháin 47
4.9 Iarratais ar Phlandú Crann – Nós imeachta 49
**5 Beartais um Leagan agus Prúnáil 50**
5.1 Bac ar Shoilsiú Sráide 50
5.2 Bac a chur ar Línte Radhairc, Comharthaí Tráchta nó Comharthaí Sráide le haghaidh Trácht ar Bhóithre 50
5.3 Bac ar Bhóithre, ar Rotharbhealaí agus ar Chosáin 51
5.4 Guais Tuisle 51
5.5 Crainn atá i gCoimhlint leis an Timpeallacht Thógtha 53
5.6 Crainn agus Draenacha 54
5.7 Crainn, Bruacha Abhann agus Sruthchúrsaí 54
5.8 Crainn agus Fóntais 54
5.9 Crainn a Luacháil agus Cúiteamh a Thabhairt as Damáiste do Chrainn 55
5.10 Crainn Sráide ag Gobadh Amach Os Cionn Ionaid Réadmhaoine in Aice Láimhe / Fréamhacha ag Brú Isteach i nGairdíní 56
5.11 Crainn atá ag Gobadh Amach Os Cionn Réadmhaoin Phríobháideach ón Réadmhaoin Phríobháideach in Aice Láimhe 57
5.12 Crainn Chontúirteacha faoi Úinéireacht Phríobháideach 57
5.13 Crainn atá ag Teagmháil le Réadmhaoin nó atá ina gCúis le Damáiste Díreach di 57
5.14 Crainn a Cheileann Solas an Lae 58
5.15 Bac ar Radharc 58
5.16 Crainn a Mheastar a Bheith Rómhór 58
5.17 Fálta Arda 59
5.18 Cabhsaí agus Bealaí Isteach Nua 59
5.19 Crainn agus Painéil Ghréine 59
5.20 Crainn ag Imirt Tionchar ar Theilifíseáin, Comhartha Satailíte agus TCI 60
5.21 Crainn ag Imirt Tionchar ar TCI 61

# Contents


| | |
|---|---|
| 5.22 Coireacht agus Iompraíocht Fhrithshóisialta | 61 |
| 5.23 Titim na nDuilleog | 61 |
| 5.24 Spruadair Ghreamaitheacha ó Dhrúchtín Meala | 61 |
| 5.25 Salachar Éan | 62 |
| 5.26 Torthaí / Caora / Cnónna / Bláthanna | 62 |
| 5.27 Crainn agus Caora Nimhiúla | 62 |
| 5.28 Lotnaid Ainmhithe Fiáine / Feithidí | 62 |
| 5.29 Pailin | 63 |
| 5.30 Prúnáil Fréamhacha Crann | 63 |
| 5.31 Crainn atá Lonnaithe Feadh Teorainneacha Príobháideacha i bPáirceanna agus Spásanna Oscailte | 63 |
| 5.32 Crainn atá Lonnaithe i nGairdíní Tithíochta atá faoi Úinéireacht na Comhairle | 63 |
| **6.0 Crainn agus Forbairt** | **64** |
| 6.1 Coinneáil Crann agus Iarchúram ar an Láithreán Forbartha | 64 |
| 6.2 Crainn ar Láithreáin Forbartha | 64 |
| 6.3 Forbairt na Timpeallachta Tógtha (lena n-áirítear Síntí Cónaithe nó Forbairtí Forthí) i gCóngar Crann Seanbhunaithe | 65 |
| 6.4 Plandú Crann ar Láithreáin Forbartha | 67 |
| 6.5 Orduithe Buanchoimeádta Crann (TPO) | 67 |
| **7.0 Maireachtáil le Crainn - Plean Gníomhaíochta 2026-2031** | **68** |
| **8.0 Aguisíní** | **70** |
| Aguisín 1: Liosta Samplach de na Speicis Crann atá Oiriúnach lena bPlandú | 70 |
| Nóta: Rinneadh crostagairt idir na liostaí seo agus Beartais eile de chuid na nÚdarás Áitiúil, a mheastar i ndáil le taithí oibre na Comhairle chomh maith le doiciméid sheachtracha amhail liosta crann don todhchaí de chuid Forestry England: Speicis crann don todhchaí \| Forestry England. Bíonn an Chomhairle i gcónaí ag iarraidh a oiread crann dúchasach agus is féidir a phlandú. | 71 |
| Aguisín 2: Treoirlínte an Ghrúpa Náisiúnta um Chomhfhóntais (RA) maidir le Pleanáil, Suiteáil agus Cothabháil Fearas Fóntais i gCóngar Crann | 72 |

AN CRIOS COISCTHE 72
AN CRIOS RÉAMHCHÚRAMACH 73
AN CRIOS CEADAITHE 73
Aguisín 3: Cód Cleachtais d'Iniúchtaí ar Chrainn sula dTugtar faoi Oibreacha i gcomhair Éin atá ag Neadú 73
Tábla 1. Seicliosta Iniúchta sula dTugtar faoi Oibreacha i gcomhair Gníomhaíochtaí Neadaithe Éan 75
Tábla 2: Foirm iniúchta láithreáin chun cuardaigh ar ghníomhaíocht neadaithe éan a bhaineann le hobair a dhéantar ar chrainn agus ar thoir i séasúr neadaithe na n-éan a thaifeadadh (1 Márta – 31 Lúnasa) 76
Aguisín 4: Sliocht ón Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha 77
Aguisín 6: Tagairtí agus Foinsí Faisnéise 77

Contents

# Réamhrá



**Pamela Kearns** | Maor



**Colm Ward** | Príomhfheidhmeannach

# Réamhrá

Is sainghné ar fud Chontae Átha Cliath Theas agus thírdhreach níos leithne na hÉireann iad crainn. Is cuma más ag seasamh go mórálach inár n-ionaid uirbeacha nó ar thaobh an bhóthair nó sna cúlchríocha tuaithe atá siad, is gné aontaitheach iad crainn a n-aithnítear i ngach áit an tarraingt aeistéitiúil agus fhísiúil a bhaineann leo. Ní fhéadfaí barraíocht béime a chur ar a gcuireann siad le sláinte, féiniúlacht agus athléimneacht ár bpobal: tacaíonn na crainn leis an mbithéagsúlacht, feabhsaíonn siad caighdeán an aeir, ionsúnn siad carbón, cuireann siad scáth agus foscadh ar fáil, agus cuireann siad spásanna ar fáil don fhóillíocht agus don mhachnamh. Is acmhainní beo iad a chuireann lenár mbailte agus lenár sráidbhailte ó thaobh na timpeallachta de, go sóisialta, agus ó thaobh an gheilleagair de.

Tugann forbairt an Bheartais seo um Bainistíocht Crann léiriú ar ár dtiomantas leanúnach maidir le líon na gcrann áitiúil a chosaint, a chothabháil agus a fheabhsú. Ag tógáil ar an méid a bhain beartais roimhe seo amach, athneartaíonn an straitéis athnuaite ‘Maireachtáil le Crainn 2026–2031’ ár n-uaillmhian chun bainistiú inbhuanaithe na hacmhainne nádúrtha luachmhaire seo a chinntiú. Cuireann sí creat soiléir ar fáil maidir leis an mbealach ina scrúdaímid, ina bplandaímid, ina ndéanaimid cothabháil agus ina mbainistíonn crainn ar fud an chontae, agus athdhearbhaíonn sí ár gcur chuige réamhghníomhach maidir leis an maoirseacht ar an gcomhshaol agus leis an seachadadh seirbhíse. Tagann an beartas nuashonraithe seo leis na príomhchuspóirí i bPlean Forbartha an Chontae, go háirithe maidir leis an mbonneagar glas, athléimneacht na haeráide, agus caomhnú agus cosaint na gcrann, agus leis na spriocanna i dtaca leis an gceannaireacht aeráide agus áit níos fearr inár bPlean Corparáideach. Tacaíonn an beartas ag an am céanna le cur i bhfeidhm ár bPlean Gníomhaithe ar son na hAeráide, ag cur go díreach lenár n-aidhmeanna maidir le laghdú carbóin, oiriúnú, agus réitigh dhúlrabhunaithe.

Tríd an mbeartas seo, leanfaimid ar aghaidh ag seachadadh ár n-infheistithe shuntasaigh agus leanúnaigh sa bhainistíocht crann chun clár pleanáilte agus córasach iniúchta, cothabhála agus plandaithe nua a sheachadadh. Beidh ár gclár trí bliana um chothabháil crann agus ár gclár bliantúil um plandú crann lárnach fós don chur chuige oibríochtúil seo, ag cinntiú go mbíonn suirbhéireachtaí cothrom le dáta ar na crainn mar bhonn eolais faoi na hoibreacha ar fad agus go mbíonn an dea-chleachtas mar threoir acu. Is príomhchuspóir é fós ceannbhrat crann an chontae a leathnú — mar bhealach chun gréasáin áitiúla bhithéagsúlachta a neartú agus mar chóras nádúrtha chun carbón a ionsú agus a stóráil, ag tacú le hathléimneacht na haeráide ar fud ár bpobal.

Aithnímid go mbraitheann rath fadtéarmach ar chomhpháirtíocht agus ar thuiscint, agus táimid tiomanta do thionscnaimh feasachta agus oideachais phoiblí a chur i bhfeidhm chun cónaitheoirí a chur ar an eolas maidir le tábhacht na gcrann, le míniú a thabhairt ar an mbealach agus ar an bhfáth a ndéanaimid iad a bhainistiú, agus chun aitheantas a thabhairt do na buntáistí a bhaineann leo dár dtimpeallacht chomhroinnte. Cinnteoidh comhoibriú agus ceangal níos fearr go leanfaidh an ghlúin reatha agus na glúnta amach romhainn araon ag léiriú meas ar ár gcrainn, á gcosaint agus ag baint taitneamh astu.

Faoi dheireadh, is mian liom aitheantas a thabhairt dóibh siúd ar fad a leag aighneachtaí isteach le linn fhorbairt an bheartais seo agus ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár gcuid comhairleoirí uile as a rannpháirtíocht dhearfach leantach agus as tacú lenár gcur chuige i leith na bainistíochta crann. Is mian liom freisin aitheantas a thabhairt do thiomantas agus d’obair na foirne ar fad a raibh baint acu ní hamháin le forbairt an bheartais seo ach lena chur i bhfeidhm gach aon lá.



# 1 Réamhrá

Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas ról ríthábhachtach na gcrann mar acmhainn straitéiseach laistigh de Bhonneagar Glas an Chontae. Cuireann crainn go suntasach le carachtar físiúil, sláine éiceolaíoch, agus caighdeán comhshaoil ár gceantar uirbeach agus fo-uirbeach. Seachadann siad raon leathan seirbhísí eacnamaíocha, sóisialta agus comhshaoil, lena n-áirítear tacú leis an mbithéagsúlacht, feabhas a chur ar an réimse poiblí, agus cur le maolú an athraithe aeráide. Déanann an Chomhairle líon na gcrann sa Chontae a bhainistiú agus a chur chun cinn mar acmhainn chomhtháite foraoise uirbí, ag tacú le pobail inbhuanaithe agus le héiceachórais acmhainneacha.

Tá cur i bhfeidhm 'Maireachtáil le Crainn' agus seachadadh cláir ilbhliantúil um bainistíocht crann mar chuid de 7 Sprioc Chomhairle Contae Átha Cliath Theas sa Phlean Corparáideach 2025-2029:

# Plean Corparáideach 2025 - 2029

**Ceannaireacht Aeráide** - Dul i gceannas ar an aistriú cóir i dtreo neodrachta.

- Contae ísealcharbóin agus athléimneach ó thaobh na haeráide a dhéanamh de Bhaile Átha Cliath Theas.
- Ár mbonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú.

**Áit Níos Fearr** – An bonneagar agus na saoráidí a theastaíonn chun freastal ar ár ndaonra atá ag fás a chur ar fáil.

- An timpeallacht thógtha a chur chun cinn agus a fheabhsú agus ár n oidhreacht nádúrtha agus chultúrtha a chosaint ag an am céanna, agus seasamh le prionsabail an dearaidh uilíoch
- Páirceanna agus spásanna oscailte an chontae a bhainistiú chun buntáistí eacnamaíocha, comhshaoil, agus sóisialta a sholáthar, a fhreastalaíonn ar éagsúlacht iomlán ár bpobal
- Ár bhfreagrachtaí rialála a bhainistiú ar mhaithe lenár dtimpeallacht a chosaint

# Plean Forbartha an Chontae 2022-2028

## An Oidhreacht Nádúrtha, Chultúrtha agus Thógtha:

**ONCT1 Cuspóir 1:** Gnéithe oidhreachta nádúrtha, cultúrtha agus tógtha a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú, deiseanna a lorg chun sócmhainní oidhreachta a aithint, a choinneáil, a chosaint agus a ionchorprú i bpleananna agus i bhforbairt.

**ONCT2 Cuspóir 3:** Oidhreacht nádúrtha an Chontae a chosaint agus a chaomhnú, agus láithreáin AE agus láithreáin atá ainmnithe go náisiúnta agus limistéir nach bhfuil ainmnithe go háitiúil a chaomhnú agus a bhainistiú, ar limistéir iad a fheidhmíonn mar 'chlocha cora' chun críocha bonneagair ghlais agus Airteagal 10 den Treoir maidir le Gnáthóga.

**ONCT11 Cuspóir 3:** Crainn, fálta sceach agus coillearnacha atá ann cheana féin a chosaint agus a choinneáil, ar crainn iad a bhfuil luach taitneamhachta agus/nó bithéagsúlachta agus/nó ceapadh carbóin acu agus/nó cur le carachtar tírdhreacha agus a chinntiú go ndéantar soláthar cuí dá gcosaint agus dá mbainistíocht.

## Bonneagar Glas

**BG1 Cuspóir 1:** Líonra comhleanúnach, comhtháite agus éabhlóideach BG a bhunú ar fud Chontae Átha Cliath Theas le páirceanna, spásanna oscailte, fálta sceach, crainn lena n-áirítear crainn sráide poiblí agus mion-choillearnacha dúchasacha (Stíl Miyawaki), féaraigh, limistéir chosanta agus aibhneacha agus sruthanna agus sócmhainní glasa agus gorma eile a chruthaíonn naisc straitéiseacha, agus cuspóirí na Straitéise BG a chomhtháthú agus a ionchorprú ar fud na bpleananna agus na forbartha ábhartha úsáide talún sa Chontae.

**BG5 Cuspóir 3:** A chinntiú go gcomhlíontar Plean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide Bhaile Átha Cliath Theas agus forálacha Straitéis Bainistíochta Crann na Comhairle.

- Clúdach ceannbhrait crainn an Chontae a mhéadú trí phlandáil bhliantúil, caomhnú cothabhála agus feabhsú crann, coillearnach agus fálta sceach laistigh den Chontae a chur chun cinn trí speicis dhúchasacha áitiúla a úsáid agus tacú lena gcomhtháthú i bhforbairt nua.
- Láithreacha oiriúnacha a shainaithint le haghaidh crainn nua uirbeacha lena n-áirítear mionchoillearnaigh i stíl Miyawaki, nuair is indéanta.
- Tacú le cur chuige réigiúnach comhordaithe a chur i bhfeidhm maidir le crainn a chothabháil agus tacú le hobair an Ghrúpa Stiúrtha Réigiúnaigh ar Bhainistíocht Crann a bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas ina rannpháirtí ann.
- Bunú rianta crann a chur chun cinn i bpáirceanna poiblí ar fud an Chontae.
- Plandáil coillearnach agus foraoise nua a chur chun cinn i spás oscailte agus i láithreacha páirceanna cuí sa Chontae.
- Crainn a phlandú i limistéir féaraigh le go mbeidís ina dtearmann bithéagsúlachta.
- Luach na gcrann aibí maidir le ceapadh carbóin agus taitneamhachta a aithint i gcomparáid le crainn óga.

**BG5 Cuspóir 6:** Clúdach crann níos mó a sholáthar ar fud an chontae, go háirithe i gceantair ina bhfuil crainn gann, agus béim ar chrainn dhúchasacha na hÉireann a phlandú nuair is cuí.

Bunaíonn an Beartas um Bainistíocht Crann creat straitéiseach chun Comhairle Contae Átha Cliath Theas a threorú i mbainistíocht éifeachtach agus i bhforbairt inbhuanaithe a stoic crann. Is pointe tagartha é do Chomhaltaí Tofa, do bhaill foirne, páirtithe leasmhara, agus don phobal níos leithne, ag éascú rannpháirtíocht fheasach agus ag cur chun cinn cur chuige leanúnach trédhearcach i leith ceisteanna a bhaineann le crainn. Cumasaíonn an Beartas modheolaíocht réamhghníomhach agus chórasach, ag tacú le sláinte fhadtéarmach líon na gcrann agus ag cur le timpeallacht níos glaise agus níos acmhainní do gach duine a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae agus a thugann cuairt air.

### Plean Gníomhaithe ar son na hAeráide CCÁCT:

- N1 - Ár sonraí mapála crann a bhainistiú agus a chinntiú go ndéantar cothabháil ar ár gcórais bainistíochta crann chun sonraí maidir le ceapadh carbóin a bhaineann le crainn i mBaile Átha Cliath Theas a mheasúnú, agus deiseanna breise a fhiosrú maidir le ceapadh carbóin nuair is indéanta.
- N3 - Plandáil crann dúchasach a mhéadú ar fud an chontae. Na crainn dhúchasacha atá ann cheana féin i mBaile Átha Cliath Theas a choinneáil, a mhéid is féidir.
- N5 - Tacú le mion-thailte coille dúchasacha uirbeacha beaga 'Miyawaki' / iad a fhorbairt.
- N6 - Straitéis Bainistíochta Coillearnaí agus Fálta Sceach Uirbeacha a fhorbairt agus pleananna a chur i bhfeidhm don Chontae chun cur leis na coillearnacha atá ann cheana féin agus chun iad a chothabháil agus a fheabhsú ar fud ár bpáirceanna.
- N18 - Bearta a chur i bhfeidhm chun an Iarmhairt Teasoileáin Uirbigh a mhaolú i limistéir leochaileacha shainaitheanta, lena n-áirítear bainistiú crann sráide atá ann cheana féin agus plandáil amach anseo chun tionchair a laghdú.

## 1.1 Crainn ar fud Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Tá tuairim is 1,750 heicteár d'fhearann páirce agus de spásanna oscailte poiblí i gContae Átha Cliath Theas agus tá ról tábhachtach acu maidir le feabhas a chur ar an gcaighdeán saoil. Tá crainn riachtanach do struchtúr agus do charachtar fisiúil na spásanna seo, agus soláthraíonn siad scáth, scagadh agus míniú tírdhreacha a thacaíonn le réimse leathan úsáidí fóillíochta. Is gnáthóga tábhachtacha iad crainn na bhfearann páirce freisin, go háirithe in áiteanna a dtagann foirmíochtaí coille chun cinn, ag cur le bithéagsúlacht agus le hacmhainneacht éiceolaíoch an cheantair.



Aithníonn an Chomhairle luach na sócmhainní seo agus tá sé mar aidhm aici crainn a bhainistiú i gcomhréir le dálaí, aois, speicis agus sláinte ar leith na suíomhanna. Tarlaíonn gnáthghníomhartha cothabhála ó cheann ceann na bliana, lena n-áirítear prúnáil, glanadh na ngéag íseal, agus baint na gcrann más gá. Mar bharr air sin, tugtar faoi phlandú nua gach bliain chun leanúint le leathnú an Cheannbhrait Crann ar fud an Chontae agus chun crainn nua a chur in áit na gcrann a baineadh. Cé go mbíonn plandú srianta i gceist i roinnt limistéar de bharr go bhféadfadh éileamh iomaíoch ar spás a bheith i gceist, bíonn níos mó féidearthachtaí inár bpáirceanna agus inár spásanna oscailte chun ár speicis dhúchasacha níos mó agus níos aitheanta a chur, an Dair, mar shampla. D'ainneoin na gceisteanna sin, déanann an Chomhairle iarracht, sa mhéid is féidir, tús áite a thabhairt do phlandú na speiceas dúchasach.


Is cuid de thírdhreach fearainn páirce an Chontae iad scéimeanna plandaithe comórtha, ag tacú leis an aitheantas cultúrtha agus stairiúil. Sampla mór le rá is ea Crannlann Chuimhneacháin an Ghorta Mhóir i bPáirc Chorcaí, a bunaíodh sa bhliain 1995 agus a bhfuil 150 speiceas crainn ann ar ionadaithe iad ar na tíortha a ndeachaigh na hÉireannaigh ar imirce chucu i ndiaidh an Ghorta Mhóir.

## 1.2 Crainn agus an Oidhreacht Shóisialta

Tá crainn i measc na ngnéithe is tábhachtaí sa tírdhreach uirbeach agus tuaithe.  Is cuid dár stair agus dár gcultúr iad agus déantar adhradh agus ceiliúradh orthu, agus tugtar urraim dóibh sa mhiotas agus sa bhéaloideas. Tá roinnt crann iontach ar fad de bharr a n-aoise, méide, spéise eolaíche, éiceolaíche nó luibheolaíche nó síltear iad a bheith tábhachtach de bharr a n-áilleachta intrí, agus ag an am céanna is féidir le crainn a bhfuil baint acu le himeachtaí stairiúla nó crainn mór le rá a bheith speisialta mar gheall ar leas agus gean an phobail.  Chabhraigh roinnt crann laistigh de limistéar riaracháin Átha Cliath Theas, ar thalamh poiblí agus príobháideach araon, le cruth a chur ar thírdhreach agus carachtar cultúrtha an Chontae.

Tagraíonn rannóg Staidéar Áitiúil Leabharlanna Átha Cliath Theas d'oidhreacht iontach na gcrann ársa i gContae Átha Cliath Theas atá caomhnaithe sa litríocht agus sa bhéaloideas. Is ann do chuid de na crainn iontacha seo fós. Tá taifeadadh anseo de chrainn a bhfuil baint acu leis an ríogacht, crainn mhiotasacha, crann crochta, crann na Naomh agus seanchrainn mhórga:

https://localstudies.wordpress.com/2012/09/19/remarkable-trees-of-south-dublin-county/



## 1.3 Cén fáth ar cheart Beartas um Bainistíocht Crann a bheith ann?

Tugann 'Maireachtáil le Crainn', a bhfuil an tríú leagan de i bhfeidhm anois, léiriú ar an athrú straitéiseach leanúnach i dtreo bainistíocht crann uirbeach níos comhtháite, níos réamhghníomhaí agus níos inbhuanaithe. Léiríonn sé tiomantas na Comhairle chun ceann dá príomhshócmhainní nádúrtha a chosaint trí iniúchtaí struchtúrtha, cothabháil phleanáilte agus cláir phlandaithe eolacha. Is é an aidhm ná seirbhís bainistíochta crann éifeachtúil, éifeachtach ó thaobh an chostais de agus freagrúil a sheachadadh chun leas an Chontae ar fad.

Tá CCÁCT freagrach as bainistíocht agus cothabháil na gcrann atá le fáil i spásanna poiblí, lena n-áirítear sráideanna, páirceanna, agus spásanna oscailte. Tá breis is 73,000 crann sráide sa Chontae chomh maith le níos mó ná 125,000 crann inár bPáirceanna agus inár Spásanna Oscailte. Agus forbairt leanúnach ar bun agus i bhfianaise na hiarrachta leanúnaí cur le clúdach cheannbhrat crann an Chontae, síltear go dtiocfaidh méadú ar líon na gcrann amach anseo. Ina theannta sin, i bhfianaise aois roinnt eastát ar fud an Chontae, is gné mór le rá iad líonta crann aibí agus atá ag dul in aois i gceantair sheanbhunaithe amhail Ráth Fearnáin, Tír an Iúir, Teach Mealóg, Tamhlacht, Cluain Dolcáin, Baile Phámar agus Leamhcán. Teastaíonn cothabháil leanúnach chun sláinte, sábháilteacht agus inmharthanacht na gcrann seo a chinntiú i bhfad na haimsire. Lena chois sin, i bhfianaise thábhacht na gcrann maidir le dul i ngleic le tionchair an Athraithe Aeráide agus an méid a chuireann siad leis an athléimneacht aeráide, tá sé riachtanach go ndéantar iad a chothabháil lena gcoimeád chomh sláintiúil agus is féidir chun leas an chomhshaoil agus chun a leasa siúd a bhfuil cónaí orthu ann.

Dá bhrí sin, tá sé riachtanach go mbeadh Beartas oiriúnach i bhfeidhm ag an gComhairle chun cabhrú leis na próisis chinnteoireachta ar fad agus chun ardán a sholáthar do chomhleanúnachas an chur chuige.

## I measc na bpríomhchuspóirí tá:

- **Sláinte, sábháilteacht agus fad saoil na gcrann a fheabhsú trí chleachtais fheabhsaithe bhainistíochta**
- **Clár timthriallach pleanáilte cothabhála a chur i bhfeidhm**
- **Leithdháileadh acmhainní a bharrfheabhsú chun feabhas a chur ar an seachadadh seirbhíse agus ar luach ar airgead**
- **Clúdach ceannbhrait crann ar fud an Chontae a mhéadú**




# Tábhacht na gCrann

## 1.4 Tábhacht na gCrann


Is orgánaigh fhadsaolacha iad crainn arb ionann iad agus cuid ríthábhachtach de thírdhreach Chontae Átha Cliath Theas. Cuireann siad go suntasach le caighdeán comhshaoil, carachtar agus féiniúlacht an Chontae agus soláthraíonn siad buntáistí forleathana ar fud réimsí sóisialta, comhshaoil, eacnamaíocha agus sláinte. Feabhsaíonn crainn an réimse poiblí, feabhsaíonn siad an caighdeán saoil, agus tacaíonn siad le hathléimneacht agus inbhuanaitheacht na timpeallachta uirbí do ghlúnta an lae inniu agus amach romhainn. Is féidir luach ilghnéitheach na gcrann a rangú mar a leanas:

### Buntáistí Comhshaoil



- **Caighdeán an Aeir:** Feabhsaíonn crainn caighdeán an aeir trí thruailleáin cosúil le dé-ocsaíd charbóin, dé-ocsaíd sulfair, agus dé-ocsaíd nítrigine a ionsú agus ocsaigin a scaoileadh amach tríd an bhfótaisintéis. Is féidir le crann aibí amháin dóthain ocsaigine a tháirgeadh go bliantúil le haghaidh suas le deichniúr. Gabhann crainn cáithníní aeriompartha freisin, rud a fheabhsaíonn dálaí aeir áitiúil níos mó.
- **Bainistíocht Riosca Tuilte:** Stopann ceannbhrait crann an bháisteach freisin agus laghdaíonn siad uisce dromchla a ritheann chun srutha, rud a chabhraíonn le baol tuilte a mhaolú, i limistéir foirgnithe go háirithe.
- **Bacainn Torainn:** Is féidir le crainn a bheith ina mbacainní torainn nádúrtha éifeachtúla, ag laghdú torann timpeallach, ó thrácht ar bhóithre go háirithe, i suíomhanna uirbeacha faoi líon mór daoine.

### Maolú ar an Athrú Aeráide



- **Ceapadh Carbóin:** Is ionann crainn agus linnte carbóin, ag ionsú agus ag stóráil dé-ocsaíd charbóin ón atmaisféar agus ar an mbealach sin ag cur le hiarrachtaí rialála agus maolaithe aeráide.
- **Soláthar Gnáthóg:** Is gnáthóga tábhachtacha iad crainn, samplaí aibí agus cinn atá ag lobhadh go háirithe, do raon leathan fána lena n-áirítear éin, ialtóga, agus inveirteabraigh.
- **Nascacht na nGnáthóg:** Tacaíonn crainn le conairí éiceolaíocha trí ghnáthóga scoilte a nascadh ar fud páirceanna agus spásanna oscailte, ag éascú ghluaiseacht an fhiadhúlra agus ag cur leis an mbithéagsúlacht.

## Luach Sóisialta



- **Braistint Áite:** Cuireann crainn le carachtar agus féiniúlacht ar leith an cheantair, ag cur creatlach ar fáil do shráid-dreacha, comharthaí talún, agus spásanna poiblí.
- **Ceangal leis an Dúlra:** Trí athruithe séasúracha, léirithe bláthanna, agus dathú na nduilleog, cothaíonn crainn ceangal díreach agus tábhachtach idir daoine agus an timpeallacht nádúrtha.
- **Ceangail Chultúrtha agus Phobail:** Ós rud é gur gnéithe fadsaolacha den tírdhreach iad, is ionann crainn agus cuid de chreatlach sóisialta agus stairiúil na bpobal, ag cur leis an mórtas cathartha agus ag neartú na féiniúlachta áitiúla.

## Buntáistí Eacnamaíocha



- **Feabhsú ar Luach Réadmhaoine:** Léiríonn an taighde gur féidir, mar gheall ar chrainn a bheith ann, luach margaidh réadmhaoine cónaithe agus tráchtála a mhéadú idir 5% agus 18%.
- **Tacaíocht do Gheilleagair Áitiúla:** Meallann sráideanna agus láir bailte a bhfuil crainn ar gach taobh díobh níos mó daoine, rud a fheabhsaíonn mealltacht agus beocht eacnamaíoch limistéar miondíola agus tráchtála.
- **Éifeachtúlacht Fuinnimh:** Is féidir le crainn a chuirtear go straitéiseach costais téimh agus fuaraithe a laghdú trí scáth agus fálta fothana a chur ar fáil agus trí chur le miocraeráidí áitiúla a rialú.

## Sláinte agus Folláine



- **Sláinte Fhisiciúil:** Tacaíonn crainn le sláinte an phobail trí ghníomhaíocht amuigh faoin aer a spreagadh, ag cur scátha ar fáil i limistéir fóillíochta agus ag cur feabhas ar chaighdeán an aeir.
- **Meabhairshláinte:** Léiríonn an taighde gur féidir le teagmháil le spásanna glasa agus crainn strus a laghdú, giúmar a fheabhsú, agus an mheabhairshláinte ghinearálta a fheabhsú.
- **Eispéireas Mothúchánach agus Céadfach:** Cuireann athruithe séasúracha, dathanna, bláthanna agus bolaithe nádúrtha na gcrann go dearfach leis an bhfolláine mhothúchánach agus leis an taitneamh pearsanta a bhaintear as spásanna poiblí.



# Crainn agus an tAthrú Aeráide

## 1.5 Crainn agus an tAthrú Aeráide

**Is é aidhm an Chomhairle clúdach ceannbhrait iomlán an chontae a chosaint agus a mhéadú chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú.**

De réir mar a éiríonn tionchair an athraithe aeráide níos soiléire, méadaíonn an tábhacht straitéiseach atá le ról na gcrann i dtimpeallachtaí uirbeacha amhail Contae Átha Cliath Theas. Áirítear leis na pátrúin aeráide atá tuartha d'Éirinn geimhrí atá níos bogtheo agus níos fliche, agus baol tuilte níos airde dá bharr sin, agus samhraí atá níos teo agus níos tirime. I bhfianaise na ndeacrachtaí a thagann chun cinn de bharr na bhfadhbanna sin, beidh plandú agus bainistiú fadtéarmach na gcrann riachtanach chun tacú leis an athléimneacht uirbeach. Aithníonn an beartas seo ról ríthábhachtach na gcrann maidir le teocht a mhaolú, cur le bainistíocht uisce stoirme, agus buntáistí sláinte, sóisialta agus eacnamaíocha a sheachadadh. D'ainneoin ár n-aeráide measartha, is údar imní é an Iarmhairt Teasoileáin Uirbigh anois, go háirithe sna limistéir sin sa chontae a bhfuil dlús forbartha níos mó iontu. Bíonn ról ríthábhachtach ag crainn maidir le dul i ngleic leis an dúshlán sin trí scáth a chur ar fáil, teochtaí dromchla agus aeir a laghdú, agus miocraeráidí áitiúla a fheabhsú, rud a chabhraíonn ar an mbealach sin le tionchair teasa iomarcaigh a mhaolú. Cé nach príomh-shaincheist faoi láthair iad tuilte i mBaile Átha Cliath Theas, d'fhéadfadh cumas na gcrann méideanna suntasacha uisce a ionsú agus a athchúrsáil éirí níos ábhartha de réir mar a ghéaraíonn brúnna aeráide. Sainaithnítear freisin i bPlean Gníomhaithe ar son Athrú Aeráide CCÁCT an tábhacht a bhaineann le crainn agus fásra a úsáid mar bhearta chun an truailliú aeir, draenáil agus maolú tuilte srl. a bhainistiú. Is é aidhm phríomhghníomhartha an phlean ná prionsabail plandaithe agus bainistíochta crann inbhuanaithe agus den dea-chleachtas a fhorbairt, a chomhaontú agus a leabú i mBaile Átha Cliath Theas, a fhad is a spreagtar cónaitheoirí Bhaile Átha Cliath Theas freisin chun tacú le gníomhartha na Comhairle maidir leis an gclúdach ceannbhrait crann a mhéadú trí chrainn a chur i ngairdíní príobháideacha, rud a chuirfeadh a thuilleadh le Ceannbhrat Crann an Chontae.

É sin ráite, ní cuid den réiteach amháin iad crainn—bíonn siad i mbaol thionchair an athraithe aeráide freisin. Tá pátrúin aimsire athraithe, chomh maith le níos mó trádála idirnáisiúnta, i ndiaidh cur leis an mbaol go mbeadh ráigeanna lotnaidí agus galair ann. Léiríonn teacht chun cinn agus scaipeadh riochtaí amhail críonadh siar fuinseoige agus cancar baictéarach ar chrainn cnó capaill na bagairtí a d'fhéadfadh a bheith ann do chrainn na hÉireann.


Mar fhreagairt air sin, aithníonn an Chomhairle an gá le héagsúlacht speiceas i gcláir plándaithe crann. Cabhróidh stoc éagsúlaithe crann leis an leochaileacht a bhaineann le monashaothruithe a laghdú agus le hathléimneacht na foraoise uirbí a mhéadú.



Príomhchuspóir den Bheartas seo um Bainistíocht Crann is ea leanúnachas an chlúdaigh ceannbhrait a chinntiú in ainneoin na mbagairtí atá ag teacht chun cinn.

Sa 'Staidéar ar Cheannbhrat Crann Bhaile Átha Cliath' ar thug Scoil na Tíreolaíochta, an Coláiste Ollscoile, Baile Átha Cliath faoi agus ar foilsíodh i mí an Mhárta 2017 é, déantar anailís ar shonraí ó aershuirbhéireacht de chlúdach crann Mhórlimistéar Bhaile Átha Cliath laistigh de na tailte a bhainistíonn na ceithre údarás áitiúla i mBaile Átha Cliath agus Oifig na nOibreacha Poiblí. Níl i gceist le clúdach ceannbhrait ach léiriú ar chlúdach fisiciúil an chlúdaigh ceannbhrait crann iomlán ar an talamh. Déantar sonraí na suirbhéireachta a anailísiú ó thaobh na seirbhísí comhshaoil (bithéagsúlacht, caighdeán an aeir, bainistíocht uisce) a chuireann an clúdach crann ar fáil ar fud an chontae. Léirigh an tuarascáil "go mbeadh Baile Átha Cliath inchomparáide le cathracha Eorpacha eile dá mbeadh clúdach ceannbhrait crann 15% ann. Faoi láthair, is ag 10% atá an clúdach ar fud an chontae, ach tá an-éagsúlacht ar fad idir na húdaráis áitiúla."

Maidir le Limistéar Riaracháin Átha Cliath Theas, fuarthas amach le linn an taighde "go léiríonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas (CCÁCT) an-deighilt uirbeach/tuaithe ó thaobh an chlúdaigh ceannbhrait de. Tá thart ar dhá oiread an chlúdaigh ceannbhrait in aghaidh an aonaid achair sna limistéir thuaithe i gcomparáid lena limistéir uirbeacha, mar gheall, i bpáirt, ar na limistéir atá faoi fhoraois i ndeisceart an Chontae, Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus na limistéir in aice le habhainn na Life. Tá limistéir uirbeacha CCÁCT bocht ó thaobh an chlúdaigh ceannbhrait de, agus clúdach ceannbhrait is lú ná 10% ag thart ar dhá thrian de CCÁCT uirbeach. I measc na gceantar a bhfuil gá faoi leith le plandú crann iontu, tá Baile Adaim, Iarthar na Cathrach, Teach na Giúise, Ráth Miontáin, Tamhlacht, Baile Phámar, Baile Pheire agus Baile Bhailcín." Sa tréimhse ó cuireadh an tsuirbhéireacht seo i gcrích, léiríonn na léarscáileanna is cothroime le dáta go bhfuil clúdach ceannbhrait crann 14% ag CCÁCT anois.




*Sonraí Bluesky a léiríonn clúdach ceannbhrait crann ar fud Átha Cliath Theas ó bhí 2025 ann, arb ionann é agus clúdach 14%.*



## 1.6 Na crainn agus an Timpeallacht Uirbeach

Cé go gcuireann crainn go mór leis an tírdhreach uirbeach, is féidir le dálaí fáis i mbailte agus i gcathracha a bheith dúshlánach. Sa réimse poiblí, is minic a bhíonn srianta suntasacha ar chrainn maidir le forbairt shláintiúil na bhfréamhacha de bharr an chomórtais leis an mbonneagar fóntais faoi thalamh, ithir bhalctha, bunchlocha bóthair agus cosáin, agus neamhchosaint ar thruailleáin uirbeacha amhail astaíochtaí ó fheithiclí, salann agus oibreáin dí-oighrithe.

Is iarmhairt choitianta ar oibreacha bóthair, atógáil cosáin agus trinseáil a bhaineann le suiteáil fóntais é damáiste fisiciúil do fhréamhacha na gcrann. Chomh maith leis sin, is minic a bhíonn tionchar ag damáiste meicniúil ó fheithiclí ar chrainn, ó scipí bruscair, feithiclí taobharda, agus páirceáil mhícheart ar cholbhaí go háirithe, agus tarlaíonn balcadh ithreach, damáiste do fhréamhacha agus díghrádú an réimse phoiblí mórthimpeall dá bharr sin. Bíonn tionchar ag gníomhartha loitiméireachta ar chrainn freisin. Is féidir drochfhorbairt struchtúrtha, sláinte laghdaithe nó caillteanas crann fiú a bheith mar thoradh ar dhamáiste den chineál sin.

D’ainneoin na mbrúnna sin, leanann go leor crainn uirbeacha orthu ag fás agus de bheith luachmhar, cé gur minic a bhíonn a saolré laghdaithe agus a struchtúr i mbaol. Neartaíonn na dúshláin leanúnacha sin an gá le cur chuige straitéiseach réamhghníomhach maidir le pleanáil, plandú agus cothabháil na gcrann—ag cinntiú go dtacaítear le crainn uirbeacha ionas gur féidir leo bláthú laistigh de thimpeallacht chasta agus dhian.

## 1.7 Fís

Tacaíonn an Beartas seo um Bainistíocht Crann le misean Chomhairle Átha Cliath Theas:

> "Bheith mar áit a fhreastalaíonn ar **riachtanais** agus **uaillmhianta gach duine** i **mBaile Átha Cliath Theas**"

Is é ár bhfís ná go mbeadh rath ar ár gcuid crann i dtimpeallacht dhea-bhainistithe, shábháilte, inbhuanaithe chun leas na nglúine reatha agus na nglúnta amach romhainn.

## 1.8 Aidhmeanna an Bheartais um Bainistíocht Crann

Is é cuspóir uileghabhálach Bheartas um Bainistíocht Crann Chomhairle Contae Átha Cliath Theas ná bainistíocht shábháilte, inbhuanaithe agus réamhghníomhach chrainn an Chontae a chinntiú. Áirítear leis sin an bhithéagsúlacht a fheabhsú, tacú





le caighdeán an tírdhreacha, agus feabhas a chur ar chaighdeán ginearálta saoil na gcónaitheoirí agus na gcuairteoirí—san am atá i láthair agus amach anseo.

Seachadfar na haidhmeanna sin trí na gníomhartha straitéiseacha seo a leanas:

- **gcrann a bhunú agus a choimeád.**
- **Clúdach ceannbhrait crann fadtéarmach ar fud an Chontae a chosaint agus a fheabhsú.**
- **A chinntiú go gcuirtear cur chuige 'an crann ceart, an áit cheart' i bhfeidhm do gach plandáil nua.**
- **Ról na gcrann a chur chun cinn maidir le carachtar áitiúil agus féiniúlacht fhísiúil thírdhreach uirbeach agus fo-uirbeach Bhaile Átha Cliath Theas a leagan amach.**
- **Aitheantas a thabhairt do luach éiceolaíoch, aeistéitiúil, sóisialta, cultúrtha, agus eacnamaíoch na gcrann.**
- **Plé leis an bpobal, iad a chur ar an eolas agus oideachas a chur orthu maidir le tábhacht na gcrann sa réimse poiblí.**
- **Leanúint le bainistíocht réamhghníomhach chrainn na Comhairle i gcomhréir leis an dea-chleachtas.**
- **Na hacmhainní cuí a leithdháileadh chun tacú leis an mbainistíocht crann inbhuanaithe ghairmiúil.**
- **Trédhearcacht agus soiléire a chur ar fáil maidir le próisis chinnteoireachta a bhaineann le crainn.**
- **Cothromaíocht a fháil idir na baoil agus na núiseanna féideartha a bhaineann le crainn agus na buntáistí comhshaoil agus sóisialta níos leithne a bhaineann leo; agus**
- **Crainn a aithint mar shócmhainní beo arb ionann iad agus cuid ríthábhachtach de Bhonneagar Glas an Chontae.**

## 1.9 Plean Gníomhaíochta

Forbraíodh Plean Gníomhaíochta chun cur i bhfeidhm an Bheartais seo um Bainistíocht Crann a stiúradh suas go dtí 2031. Leagtar amach sa Phlean na príomhghníomhartha a theastaíonn chun tacú le fís agus le cuspóirí straitéiseacha an Bheartais agus chun iad a sheachadadh. Leagtar amach ann freagrachtaí sainithe, spriocthorthaí, agus amchláir tháscacha chun cur chuige struchtúrtha agus cuntasach i leith an tseachadta a chinntiú.

## 1.10 Monatóireacht agus Athbhreithniú Beartais

Beidh an beartas seo faoi réir monatóireacht bhliantúil chun dul chun cinn a mheasúnú in aghaidh an Phlean Gníomhaíochta agus chun aon saincheisteanna atá ag teacht chun cinn a thabhairt faoi deara. Tabharfar faoi athbhreithniú níos cuimsithí ar an mbeartas gach cúig bliana chun aon leasuithe nua ar an reachtaíocht, beartas áitiúil, cleachtais oibre nó aon fhorbairtí teicniúla a d'fhéadfadh teacht chun cinn a shocrú agus a chur san áireamh.





# 2 Bainistíocht Crann

**Déanfaidh an Chomhairle iarracht suirbhéireacht a dhéanamh ar gach crann a bhainistíonn an Chomhairle agus atá faoina húinéireacht ionas gur féidir an fhaisnéis a bhailítear a úsáid chun acmhainní a bhainistiú ar bhealach pleanáilte agus éifeachtúil.**

Tabharfaidh an Chomhairle faoi shuirbhéireachtaí cuimsitheacha ar na crainn ar fad atá faoi úinéireacht na Comhairle agus a bhainistítear ar thailte na Comhairle. Beidh an fhaisnéis a bhailítear trí na suirbhéireachtaí seo mar bhonn le straitéis bainistíochta crann struchtúrtha agus éifeachtúil. Cumasaíonn an cur chuige réamhghníomhach seo forbairt agus cur i bhfeidhm pleananna fadtéarmacha bainistíochta, cruthú sceideal feasach oibre, agus cur in ord tosaíochta oibreacha riachtanacha crann.

Tá bainistíocht éifeachtach crann riachtanach d'Údarás Áitiúil ar réimse cúiseanna comhshaoil, sóisialta agus geilleagracha. Ó tharla gur acmhainn shuntasach iad crainn don Chomhairle, cuireann siad leis an mbithéagsúlacht, feabhsaíonn siad caighdeán an aeir, laghdaíonn siad tionchair an athraithe aeráide, agus cuireann siad le carachtar físiúil na spásanna poiblí trí chéile. Cinntíonn bainistíocht cheart go bhfanann crainn sábháilte don phobal, rud atá tábhachtach go háirithe i gceantair ardúsáide amhail páirceanna, sráideanna, agus in aice le foirgnimh nó bóithre.

Bíonn tionchar ag roinnt príomhghnéithe ar an mbealach ina mbainistítear crainn. Cuireann ceanglais reachtúla, an tAcht um Fhiadhúlra, 1981, mar shampla, oibleagáidí soiléire ar an gComhairle maidir le baol crainn a bhainistiú agus gnáthóga fiadhúlra a chosaint. Ina theannta sin, cuireann Acht na mBóithre, 1993 oibleagáidí soiléire ar an gComhairle maidir le baol crainn a bhainistiú agus gnáthóga fiadhúlra a chosaint. Mar bharr air sin, d'fhéadfadh ionchais an phobail agus aiseolas ó thoghthóirí agus ó Chomhairleoirí tionchar a imirt ar thosaíochtaí bainistíochta, go háirithe ó thaobh ceisteanna maidir le guaiseacha féideartha de. Tá an-tábhacht le cúrsaí sláinte agus sábháilteachta, ós rud é gur féidir le crainn neamhbhainistithe nó mhíshláintiúla a bheith ina mbaol tromchúiseach do dhaoine agus réadmhaoin, go háirithe le linn dálaí adhaimsire.

Trí chothromaíocht a fháil idir na tionchair sin, is é aidhm na Comhairle ná a stoc crann a bhainistiú go freagrach, go hinbhuanaithe agus go trédhearcach, ag cinntiú go leanann crainn orthu ag cur buntáistí ar fáil ag an am céanna agus a laghdaítear baol agus a chloítear leis na hoibleagáidí dlíthiúla agus beartais ar fad.

## 2.1 An tSeirbhís Cothabhála Crann

Is é aidhm seirbhís cothabhála crann na Comhairle seirbhís ghairmiúil ar féidir brath uirthi a chur ar fáil don phobal, do chomhaltaí na Comhairle agus do sheirbhísí eile na Comhairle. Is iad príomhróil sheirbhís cothabhála crann na Comhairle ná:

- **Iniúchtaí agus suirbhéireachtaí ar chrainn atá faoi úinéireacht agus faoi bhainistíocht na Comhairle a bhainistiú.**
- **An córas bainistíochta crann ríomhairithe a fhorbairt agus a choimeád.**
- **Oibreacha crann pleanáilte agus frithghníomhacha a phleanáil agus monatóireacht a dhéanamh orthu.**

- **Clár Cothabhála Crann 3 Bliana a chur le chéile agus a sheachadadh.**
- **Plé le fiosruithe agus gearáin ón bpobal maidir le nithe a bhaineann le crainn.**
- **Comhairle ghairmiúil a chur ar fáil do sheirbhísí eile na Comhairle agus do Chomhaltaí na Comhairle.**
- **Cumarsáid a dhéanamh le páirtithe leasmhara pobail.**

## 2.2 Clár um Bainistíocht Crann

### Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh le clár timthriallach cothabhála crann.

Tugtar faoi chothabháil sceidealaithe na gcrann sráide i gcomhréir le Clár faofa um Bainistíocht Crann (CBC) 3 Bliana na Comhairle. Sula gcuirtear an clár i bhfeidhm, cuirtear gach clár i láthair ag Cruinnithe na gCoistí Limistéir ábhartha lena athbhreithniú agus lena cheadú, agus cuirtear ar fáil ansin é ar shuíomh gréasáin na Comhairle. Agus gach clár á fhorbairt, cuirtear san áireamh na sceidil oibre a bhí ann roimhe, liostuithe eastát, agus aiseolas a fuarthas ó thoghthóirí, ó Chomhairleoirí agus ó rannóga na Comhairle. Sula dtugtar faoi oibreacha ar bith i limistéar ar bith, tugtar faoi scrúdú iomlán ar na crainn le measúnú a dhéanamh ar a mbail agus chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an gcothabháil a theastaíonn, agus déantar sin a sceidealú ansin dá réir sin.

Is é cothabháil phleanáilte rogha cur chuige na Comhairle chun cinntiú go bhfanann crainn sábháilte, sláintiúil agus dea-bhainistithe. Ó glacadh leis an mBeartas um Bainistíocht Crann, díríonn an clár cothabhála anois ar thabhairt faoi phrúnáil agus oibreacha bainte ar bhonn bóthar ar bhóthar nó ar bhonn uile-





eastáit, seachas freagairt d'iarratais aonair amháin. Tá sé mar aidhm ag an gcur chuige straitéiseach seo éifeachtúlacht agus táirgiúlacht na gcriúnna cothabhála crann a fheabhsú agus tacú le timthriall réamhghníomhach prúnála, ag tabhairt tús áite do limistéir ina bhfuil an gá is práinní le hidirghabháil.

Ba chóir a aithint, áfach, go leanann an Chomhairle ar aghaidh le linn an chláir ag tabhairt faoi oibreacha ar chrainn aonair chun dul i ngleic le ceisteanna práinneacha nó nach raibh súil leo nár sainaithníodh laistigh de scóip BBC (féach Cuid 2.5) ar dtús.

## 2.3 Córas Bainistíochta Crann

Leanfaidh an Chomhairle ar aghaidh ag baint úsáid as a gcóras bainistíochta crann ríomhairithe ar bhonn GIS chun tacú le mapáil ghluaisteach, suirbhéireacht agus bainistíocht na gcrann sráide ar fad ar fud an chontae. Cuireann an córas comhtháite seo taifead mionsonraithe láraithe ar fáil maidir le gach crann aonair agus ligeann sé don Chomhairle stair iomlán crann ar bith a rianú, lena n-áirítear na hiniúchtaí agus an chothabháil nó na hoibreacha ar fad a rinneadh.

## 2.4 Suirbhéireacht Crann

Meastar go bhfuil Comhairle Contae Átha Cliath Theas freagrach as bainistiú agus cothabháil breis is 73,000 crann sráide agus os cionn 125,000 crann inár bPáirceanna agus Spásanna Oscailte. Tá sé riachtanach do bhainistíocht éifeachtúil chrainn an Chontae agus chun cur chuige struchtúrtha réamhghníomhach a chumasú maidir le cúram na gcrann go mbeadh faisnéis chruinn agus cothrom le dáta ar fáil i dtaobh na gcrann sin.

Leanann an clár suirbhéireachta crann sráide uile-chontae ar aghaidh ag bailiú mionsonraí maidir le suíomh, speiceas, aois, méid, bail, stair chothabhála, agus riachtanais bhainistíochta faoi leith gach crainn. Déantar an fhaisnéis sin a thaifeadadh laistigh de chóras bainistíochta crann ríomhairithe na Comhairle, arb ionann

é agus acmhainn lárnach chun monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar stoc na gcrann uirbeach. Tacaíonn na sonraí seo le cinnteoireacht níos eolaí, feabhsaíonn siad an bhainistíocht riosca, agus cabhraíonn siad ó thaobh gníomhartha cothabhála do chrainn an chontae a chur in ord tosaíochta.

## 2.5 Oibreacha Frithghníomhacha agus Éigeandála

Cé gurb é an aidhm ná líon na n-oibreacha frithghníomhacha a laghdú trí chlár cothabhála timthriallaí a chur i bhfeidhm, beidh gá i gcónaí le hidirghabhálacha frithghníomhacha. Bíonn na hoibreacha seo riachtanach ó thaobh baoil phráinneacha do shábháilteacht an phobail a bhainistiú agus go hiondúil is éard a bhíonn i gceist leo ná crainn mharbha, géaga contúirteacha, agus bacainní a bhfuil tionchar acu ar línte radhairc nó ar an mbonneagar poiblí a bhaint. Tugtar faoi oibreacha frithghníomhacha mar fhreagra ar thuairiscí ó rannóga eile na Comhairle, ó chónaitheoirí áitiúla, ó chomhaltaí tofa, nó bunaithe ar a bhfuil tugtha faoi deara ag foireann na Comhairle le linn dóibh bheith ag obair nó ag taisteal laistigh den Chontae.

Tá plean práinnfhreagartha ag an gComhairle freisin i gcás teagmhais adhaimsire. Bíonn criúnna cothabhála crann ar fuireachas 24 uair an chloig in aghaidh an lae chun freagairt d'éigeandálaí a bhaineann le crainn, ag cinntiú freagairt thapa agus éifeachtúil ar cheisteanna sábháilteachta práinneacha.

## 2.6 Feasacht, Oideachas agus Rannpháirtíocht an Phobail

**Beidh sé mar aidhm ag an gComhairle plé leis an bpobal i gcoitinne, le scoileanna, le grúpaí cónaitheoirí agus le heagraíochtaí comhshaoil neamh-rialtais chun tuiscint níos fearr a chur chun cinn maidir le bainistíocht, cúram agus luach na gcrann agus chun feasacht an phobail a ardú maidir lena dtábhacht i dtaca le cur chun cinn na folláine, an inbhuanaitheacht comhshaoil agus feabhas a chur ar chaighdeán an tsaoil.**

Más indéanta, cuirfidh an Chomhairle feasacht agus meas ar chrainn chun cinn trí rannpháirtíocht na bpobal, scoileanna agus páirtithe leasmhara áitiúla eile i bplandú agus bainistíocht crann agus i ngníomhaíochtaí oideachasúla eile a spreagadh agus a éascú. Áireofar leis sin imeachtaí a eagrú do Sheachtain Náisiúnta na gCrann i mí an Mhárta agus do Lá na gCrann i mí Dheireadh Fómhair, go háirithe i gcomhpháirt le scoileanna agus le grúpaí pobail ar fud an chontae, chomh maith le tionscnaimh amhail siúlóidí faoi threoir Maoirseoirí Fiadhúlra, cainteanna crainn agus feachtais ar na meáin shóisialta. Dá réir sin, cuirfear daoine ar an eolas maidir leis an obair a dhéanann an Chomhairle chun a stoc crann a bhainistiú agus a fhorbairt.

## 2.7 Oibreacha Crann a Chur in Ord Tosaíochta

### 2.7.1 Freagra ar Fhiosrúcháin

Is é Córas Teagmhála Custaiméirí na Comhairle an chéad phointe teagmhála d'fhiosruithe agus gearáin ón bpobal, iad siúd a bhaineann le crainn san áireamh.

Cuirtear éigeandálaí a bhaineann le crainn ar aghaidh lena réiteach láithreach i gcomhréir le nósanna imeachta éigeandála na Comhairle. Is é an sainmhíniú a thugtar ar éigeandáil ná crann a bhfuil baol láithreach ann go dtitfidh sé nó ceann a chruthaíonn bacainn a bhfuil aird phráinneach ag teastáil ina leith.

I gcás fiosruithe nach éigeandálaí iad, cuireann an Chomhairle custaiméirí ar an eolas faoin mbeartas ábhartha laistigh de 10 lá ó fuarthas an fiosrú. Má bhíonn gá le hiniúchadh láithreáin, cuirtear in iúl don chustaiméir go gcuirfear i gcrích é laistigh de 60 lá oibre.

### 2.7.2 Iniúchtaí

Oibríonn an Chomhairle go gníomhach chun baoil a bhaineann le crainn phoiblí a laghdú trí chur chuige struchtúrtha agus réamhghníomhach i leith na bainistíochta crann. Déantar gach crann atá faoi úinéireacht phoiblí a iniúchadh go rialta chun a sláinte, bail struchtúrtha agus aon cheisteanna sábháilteachta a d'fhéadfadh teacht aníos a mheasúnú. I gcás na limistéar a liostaítear mar chuid den Chlár Cothabhála Crann 3 Bliana, déantar suirbhéireacht ar na crainn ar fad sula dtugtar faoi oibreacha ar bith chun a chinntiú go dtugtar faoi na gníomhartha cearta. Is cuid de chlár timthriallach iad na hiniúchtaí seo, a dearadh chun baoil a shainaithint agus chun dul i ngleic leo sula n-éiríonn siad níos tromchúisí. Braitheann minicíocht na n-iniúchtaí ar na hacmhainní atá ar fáil agus ar dhéine baol ar bith a sainaithníodh roimhe laistigh de limistéir faoi leith. Tabharfaidh an Chomhairle faoi iniúchtaí freisin áit ar bith ar gá má fhaightear comhfhreagras ar bith ina luaitear imní maidir le sábháilteacht crainn. Cinntíonn sé sin go ndéantar taifeadadh fós de shaincheist ar bith a thagann chun cinn lasmuigh de na suíomhanna a liostaítear sa Phlean Bainistíochta Crann 3 Bliana agus go bpléitear leo ar an mbonn sin.

Áit ar bith a sainaithníonn na hiniúchtaí go bhfuil gá le hoibreacha crann, déantar gach cás a rangú ar bhonn práinne agus guaise féideartha. Déantar oibreacha riachtanacha a chur in ord tosaíochta agus a sceidealú mar chuid de Chlár Cothabhála Crann na Comhairle, ag cinntiú go dtugtar aghaidh ar na saincheisteanna is tábhachtaí ar dtús. Déantar torthaí uile na n-iniúchtaí a thaifeadadh ar chóras bainistíochta crann na Comhairle, rud a chiallaíonn gur féidir monatóireacht a dhéanamh go leanúnach agus cinntí eolacha a dhéanamh.

Chomh maith leis na gnáthiniúchtaí, bíonn práinnfhreagairt 24 uair an chloig ag an gComhairle d'eachtraí a bhaineann le crainn, go háirithe le linn adhaimsire. Cinntíonn sé sin go dtéitear i ngleic le baoil láithreacha, amhail crainn atá i mbaol a dtite nó crainn atá ag cur bac ar bhonneagar, go sciobtha i gcomhréir le nósanna imeachta éigeandála na Comhairle.

Trí na hiarrachtaí seo ar fad, is é aidhm na Comhairle sábháilteacht an phobail a chosaint, líon na gcrann uirbeach a chaomhnú, agus cur chuige freagrach baol-eolach i leith na bainistíochta crann a chinntiú ar fud an chontae.

### 2.7.3 Bainistíocht Baoil Crann

Tá an Chomhairle tiomanta do chur chuige réamhghníomhach bunaithe ar bhaol i leith na bainistíochta crann, dírithe ar iniúchtaí rialta agus a bhfuil an ghuais fhéideartha don timpeallacht máguaird a bhaineann le gach crann mar bhonn eolais faoi. Tugann an córas tús áite do bhaol crann bunaithe ar dhóchúlacht agus tionchar na teipe, ag cinntiú go gcuirtear acmhainní san áit is mó a bhfuil gá leo chun sábháilteacht an phobail a chosaint.

Cé go ndéantar crainn a bhainistiú mar gheall ar an iliomad buntáistí a bhaineann leo—buntáistí ó thaobh áiseanna de, comhshaoil, sóisialta, agus oidhreachta—is gá go mbeadh comhréir idir a mbainistíocht agus an fíorleibhéal baoil a bhaineann leo. Is gnáthrud nádúrtha é go gcuirfeadh crainn díobh géaga nó, i gcásanna annamha, go dtitfidís. Measann taighde ó Ionad na Ríochta Aontaithe um an Anailís ar Chinntí agus Bainistíocht Riosca gur seans as 10 milliún é an baol bliantúil a bhaineann le bás a fháil mar thoradh ar chrann nó ar chuid de chrann atá ag titim. Cé go bhfuil an baol seo an-íseal ar fad, d'fhéadfadh sé go mbeadh dearcadh éagsúil ag an bpobal, go háirithe i ndiaidh eachtraí go mór i mbéal an phobail nó teagmhais adhaimsire.

Glacann an Chomhairle lena dualgas cúraim morálta agus dlíthiúil araon maidir leis an mbaol don phobal agus don fhoireann a mhaolú trí ghlacadh le bearta sábháilteachta réasúnta agus cuí. Áirítear leis sin cothromaíocht a fháil idir an gá le sábháilteacht an phobail agus an chuid mór buntáistí a chuireann crainn ar fáil. Ní féidir leibhéal áirithe baoil a sheachaint i dtimpeallachtaí ina bhfuil crainn, agus déantar sin a bhainistiú trí mheasúnú cúramach agus breithiúnas gairmiúil.

Chun tacú leis sin, leanann an Chomhairle le forbairt agus cur i bhfeidhm cur chuige struchtúrtha i leith iniúchadh agus cothabháil crann. Cuireann an cur chuige seo sláinte na gcrann, éagsúlacht, struchtúr cothrom aoise, agus áiseanna poiblí feabhsaithe chun cinn—ach ag an am céanna aithníonn sé guaiseacha go luath agus cumasaíonn sé idirghabhálacha tráthúla atá éifeachtach ó thaobh an chostais de. Déantar na hoibreacha riachtanacha ar fad a chur in ord tosaíochta agus i gcrích bunaithe ar an leibhéal baoil a shainaithnítear trí shuirbhéireachtaí leanúnacha agus a dhéantar a thaifeadadh i gcóras bainistíochta crann na Comhairle.

### 2.7.4 Córas Rátála Tosaíochta d'Oibreacha Crann

Chun úsáid éifeachtach acmhainní a chumasú, cuirfear oibreacha crainn in ord tosaíochta agus déanfar iad a sceidealú bunaithe ar an gCatagóir Tosaíochta a léirítear thíos. I ngach catagóir tugtar liosta de ghníomhartha cothabhála a chuirfí sa tosaíocht sin de ghnáth mar threoir ó thaobh a bhféadfaí a liostú. Mar sin féin, ní féidir fíorthosaíocht an chrainn a dheimhniú go dtí go ndéantar an crann a iniúchadh agus an fhaisnéis ábhartha a thaifeadadh. Leagtar an-bhéim ar an gcaoi nach bhfuil i gceist leis na catagóirí agus na figiúirí seo ach treoirlínte is féidir a chur i bhfeidhm faoi ghnáthchúinsí. Is gá d'éigeandálaí, stoirmeacha agus eachtraí eile nach bhfuil smacht againn orthu tús áite a fháil thar obair bheartaithe. Bíonn moill ar oibreacha beartaithe dá bharr sin de ghnáth.



**Úsáidfear na catagóirí seo a leanas nuair a chuirtear oibreacha crann in ord tosaíochta:**

## Tosaíocht Cothabhála Crann

| Tosaíocht | Cineál na Cothabhála |
|---|---|
| **Tosaíocht 1: Oibreacha Éigeandála**<br>Freagairt do chrainn a shíltear a bheith ina ngarchontúirt do dhaoine nó do réadmhaoin<br><br>Sprioc-chur i gcrích - laistigh de 24 uair an chloig | • Crainn a ndearna stoirm damáiste dóibh agus smionagar a dhéanamh sábháilte le linn adhaimsire<br>• Géaga móra crainn a bhris agus atá crochta sa cheannbhrat crainn a dhéanamh sábháilte<br>Beidh tionchar ag déine an cháis agus ar ghaireacht na gcrann do dhaoine, d'fheithiclí agus do réadmhaoin ar an luas ag a dtéitear i ngleic le cásanna den chineál sin. |
| **Tosaíocht 2: Oibreacha Ardtosaíochta**<br>Oibreacha ar chrainn nach síltear baol ard a bheith i gceist leo ach a mbeidh obair leasúcháin de dhíth orthu<br><br>Sprioc-chur i gcrích - gníomhú láithreach nó laistigh de 3 mhí | • Crainn atá marbh, ag fáil bháis, galrach nó dainséarach i limistéir ina mbíonn go leor coisithe agus tráchta<br>• Géaga crainn atá níos ísle ná 2.5m agus ar bac iad ar chosáin ar a mbíonn trácht trom coisithe<br>• Géaga crainn atá níos ísle ná 4.5m agus ar bac iad ar bhóithre ar a mbíonn go leor tráchta<br>• Géaga crainn atá ag déanamh damáiste do réadmhaoin<br>• Crainn a bhfuil a bhfréamhphláta i ndiaidh bogadh<br>• Smionagar stoirme a ghlanadh |
| **Tosaíocht 3: Oibreacha Tosaíochta Meánaí**<br>Oibreacha feabhsúcháin a shíltear a bheith inmhianaithe chun láthair sráide nó spás poiblí a fheabhsú Oibreacha chun núis de bharr chrainn na Comhairle a mhaolú<br><br>Sprioc-chur i gcrích - gníomhú laistigh de 12 mhí | • Tanú corónach na gcrann atá gar do shoilsiú poiblí<br>• Ardú corónach/ baint na ngéag íseal os cionn cosán agus bóithre<br>• Crainn atá in aice le foirgnimh a phrúnáil chun bac a chur roimh dhamáiste<br>• Craobhacha/géaga briste i spás oscailte poiblí a mbíonn trácht íseal coisithe ann<br>• Oibreacha a chuireann chun cinn forbairt éifeachtúil crann a cuireadh le déanaí |
| **Tosaíocht 4: Oibreacha Tosaíochta Ísle**<br>Sprioc-chur i gcrích - gníomhú laistigh de 24 mhí+ nuair is féidir é ag brath ar acmhainní | • Na hoibreacha cothabhála crann ginearálta eile nach gcuireann daoine ná réadmhaoin i mbaol díobhála |
| **Tosaíocht 5: Gníomh ar bith / Oibreacha nach bhfuil gá leo** | • Sa chatagóir seo tá crainn a ndearnadh iniúchadh orthu agus ar síleadh iad a bheith sláintiúil agus sábháilte agus gan aon oibreacha ag teastáil ina leith ag an bpointe iniúchta seo |

# 3 Cothabháil na gCrann

**Déanann an Chomhairle crainn a chothabháil i spásanna poiblí, lena n-áirítear sráideanna, páirceanna agus spásanna oscailte, i gcomhréir le caighdeáin aitheanta an tionscail, lena n-áirítear BS 3998:2010 – Obair Crann – Moltaí. Tugtar faoi na hoibreacha crannadóireachta ar fad lena chinntiú go bhfanann crainn i mbail shábháilte agus nach baol intuartha iad do dhaoine, réadmhaoin ná bonneagar.**

Áirítear le cothabháil na gcrann sráide iniúchadh, prúnáil, baint agus crainn eile a chur ina n-ionad, agus treoraítear é sin ar fad le Clár Cothabhála Crann 3 Bliana na Comhairle atá faofa. Sula dtugtar faoi oibreacha fisiciúla ar bith, tugtar faoi shuirbhéireacht chuimsitheach i ngach suíomh. Déanann na suirbhéireachtaí seo bail na gcrann aonair a mheas agus oibreacha a shainaithint a bhfuil gá leo chun a sláinte, struchtúr agus sábháilteacht a choimeád.

Nuair is féidir, díríonn oibreacha molta ar shláinte na gcrann a choimeád agus ar fad a chuir lena dtréimhse shaoil. É sin ráite, má shíltear drochbhail a bheith ar chrann nó má shíltear go bhfuil baol i gceist leis, d’fhéadfaí sceidealú a dhéanamh chun é a bhaint. I ndiaidh cur i gcrích suirbhéireachtaí, tugann Criúnna Crann inmheánacha na Comhairle faoi na hoibreacha cothabhála nó seachadann conraitheoirí cáilithe a ceapadh trí phróisis soláthair phoiblí iad, i gcomhréir le caighdeáin ábhartha an tionscail, lena n-áirítear BS 3998:2010 – Obair Crann – Moltaí.





## 3.1 Faisnéis Phoiblí maidir le hOibreacha Crann

Feidhmíonn an Chomhairle faoi chlár cothabhála crann timthriallach i gcaitheamh tréimhsí 3 bliana. Cuirtear gach Clár Cothabhála Crann (CCC) 3 Bliana i láthair do chomhaltaí le linn Chruinnithe na gCoistí Limistéir ábhartha agus cuirtear le chéile iad agus aighneachtaí ó thoghthóirí agus ó Chomhairleoirí san áireamh in éineacht le hanailís ar chláir roimhe sin. A luaithe agus a cheadaítear na liostaí seo, agus sula gcuirtear tús leis an gclár, foilsítear na sonraí ábhartha ar shuíomh gréasáin na Comhairle ionas gur féidir leis an bpobal iad a fheiceáil. Tabhair faoi deara, cé gurb é an Clár 3 Bliana príomhbhéim na tréimhse seo, bíonn ról gníomhach ag an gComhairle maidir le haire a thabhairt do chrainn aonair pé áit agus pé uair is gá.

Is féidir le baint crann, go háirithe, a bheith ina saincheist íogair agus bíonn sé conspóideach in amanna. Nuair a thagtar ar chrann is gá a bhaint, agus nuair nach síltear na hoibreacha a bheith práinneach, glacann an Chomhairle roinnt céimeanna chun an pobal a chur ar an eolas roimh ré. D'fhéadfaí nóta a dhéanamh de chrainn is gá a bhaint trí ghnáthshuirbhéireachtaí nó mar thoradh ar iarratais ó chónaitheoirí nó ó ionadaithe poiblí. Chun cónaitheoirí a chur ar an eolas agus chun fiosruithe a laghdú, tugtar fógra roimh ré i gcás baint nach bhfuil práinneach. De ghnáth áirítear leis sin bileoga eolais a scaipeadh i measc na dtithe a mbeidh tionchar díreach ag an mbaint orthu, iad siúd taobh leis an gcrann agus os a chomhair amach go hiondúil. Braithfidh an tréimhse fógra ar phráinn agus ar thábhacht áitiúil an chrainn. Ní thugtar fógra roimh ré maidir le crainn mharbha a bhaint nó iad sin a bhfuil baol láithreach sábháilteachta i gceist leo.

## 3.2 Cúiseanna le Prúnáil agus Leagan Crann

**Nuair is féidir, déanfaidh an Chomhairle iarracht gan crann a bhaint nó gan tabhairt faoi oibreacha prúnála nach bhfuil gá leo nuair nach ann do chúis mhaith chrannadóireachta. Tá sé de dhualgas ar an gComhairle líon na gcrann a bhainistiú chun leas an phobail níos leithne agus i gcomhréir leis an dea-chleachtas crannadóireachta.**

Tabharfaidh an Chomhairle faoi oibreacha crann chun a n-oibleagáidí dlíthiúla maidir le sábháilteacht an phobail agus maoine a chinntiú. Tabharfar faoi oibreacha ar chrainn sna cásanna seo a leanas:

- Má aimsíodh lobhadh infheicthe, bracfhungas a léiríonn lobhadh féideartha na bhfréamhacha nó an tamhain, nó máchail ar bith eile a bhféadfadh an crann titim dá bharr le linn iniúchta.
- Tá crann marbh, ag fáil bháis nó más soiléir go bhfuil meath ar a fholláine.
- Chun cásanna ina ndéanann crainn teagmháil fhisiciúil le foirgnimh, le ballaí, fuinneoga agus gáitéir, mar shampla, a laghdú.
- Áit a mbíonn comharthaí bóthair, comharthaí tráchta, soilse sráide agus línte radhairc d'fheithiclí agus do choisithe deacair le feiceáil.
- Léiríonn an fhianaise go mbíonn crainn ar cheann de na cúiseanna le damáiste struchtúrtha nach féidir dul i ngleic leis ar bhealach eile agus nach raibh aon tionchar maolaitheach ag bainistíocht réamhghníomhach crann air.

Ní bhainfear crainn ná ní dhéanfar prúnáil sna cásanna seo a leanas:

- Síltear crainn a bheith rómhór.
- Tá cur isteach ar chomhartha teilifíse méise satailíte.
- D'fhéadfadh bac a bheith roimh sholas na gréine dul chomh fada le tithe nó gairdíní.
- Tá bac ar radhairc.
- Tarlaíonn imeachtaí séasúracha nó a tharlaíonn go nádúrtha, m.sh. titim duilleog, torthaí, síolta nó caor, sú drúchtín meala, cac éan, ailléirgí pailine.
- Tá feithidí nó fiadhúlra eile nach bhfuil contúirteach i láthair.

**Tá briseadh síos níos mionsonraithe ar na hoibreacha thuas ar fáil faoi Chuid 5 – Beartais um Leagan agus Prúnáil.**

## 3.3 Prúnáil na gCrann

Braitheann sonrú na n-oibreacha a theastaíonn ó chrann ar raon leathan gnéithe lena n-áirítear suíomh, cineál an speicis, méid an chrainn, aghaidh srl., ach gan bheith teoranta do na nithe sin. Is féidir le drochphrúnáil nó prúnáil nach bhfuil gá léi níos mó dochar ná maitheas a dhéanamh ós rud go bhféadfadh gach gearradh fás an chrainn a athrú, damáiste a dhéanamh nó ligean d'orgánaigh meata adhmaid teacht isteach. Mar sin, níor cheart géag ar bith a bhaint mura bhfuil cúis bhailí ann. Ní sheasann crainn níos sine prúnáil chomh maith céanna le crainn níos óige agus is féidir an-damáiste a dhéanamh má thugtar faoi go leor prúnála. Braitheann tionchar na prúnála ar an speiceas freisin, agus tá roinnt speiceas againn nach seasann gearradh go nádúrtha. Go ginearálta, tabharfar faoi íosoibreacha prúnála ar mhaithe le crann a bhainistiú go dóthanach. Go minic, ní bhíonn i gceist leis sin ach na géaga

íochtaracha a bhaint chun glanspás a mhéadú do choisithe agus do thrácht feithiclí agus/nó na géaga a ghearradh siar ó fhoirgnimh in aice láimhe.

Déantar na hoibreacha a shonraítear chun sláinte agus sábháilteacht an phobail a chinntiú chomh maith le fad saoil an chrainn a chothú. Mar bharr air sin, ní féidir an cur chuige céanna i leith cothabhála a úsáid i gcás chineálacha agus mhéideanna uile na gcrann. Mar shampla, is féidir le prúnáil leas a dhéanamh do chrainn óga neamhaibí go háirithe agus iad ina luathbhlianta. Ba chóir oibreacha a chur i gcrích i gcomhréir le Caighdeán na Breataine BS 3998:2010 Obair Crann – Moltaí de réir mar a bhíonn gá leis le linn luathbhlianta an chrainn sa tírdhreach. Is éard atá i gceist leis, géaga atá trasna ar a chéile agus gabhail a d'fhéadfadh a bheith lag a bhaint chun cruth maith nádúrtha a spreagadh, fadhbanna sláinte a laghdú, agus an gá le mórphrúnáil nuair a bheidh an crann aibí a laghdú.

## 3.4 Barrghearradh na gCrann

Seachnóidh an Chomhairle tabhairt faoi chineálacha áirithe gníomhartha sa chás go mbeadh fianaise ann a léireodh gur mhó dochar ná maitheas a bheadh mar thoradh ar na gníomhartha sin. Bíonn cneácha móra ann mar thoradh ar bharrghearradh crann (laghdú ar airde), agus dá bharr sin bíonn na crainn neamhchosanta ar phataiginí meata agus tagann meath fadtéarmach orthu, chomh maith le bheith gránna agus contúirteach b'fhéidir freisin. Ní chuimhnítear ar bharrghearradh mar sin ach amháin má tá fabhtanna tromchúiseacha sna crainn nach féidir dul i ngleic leo go réasúnta ar bhealach ar bith eile, agus má tá sé riachtanach nó an-inmhianaithe iad a choimeád sa ghearrthéarma.

Is minic a shíleann cónaitheoirí go dtiocfaidh feabhas ar leibhéil solais nó radhairc nó comhartha teilifíse, satailítí, srl., má bhaintear an choróin nó 'barrghearradh' a dhéanamh ar chrann. Cé go bhféadfadh sé sin a bheith fíor sa ghearrthéarma, beidh meath ar roinnt speiceas nó fás sciobtha ar speicis eile mar chúis ar phrúnáil ar bith, ach i gcás 'barrghearradh' go háirithe. Is minic a bhíonn athfhás mar thoradh ar 'bharrghearradh' níos tibhe ná an bhunchoróin agus ceangailte go lag leis na géaga óna bhforbraíonn sé. Is minic a bhíonn créachtaí a bhaineann le barrghearradh mór agus is mó seans go ndéanfadh fungas meata adhmaid coilíniú orthu. Ní dea-chleachtas é 'barrghearradh' agus is féidir crainn chontúirteacha a bheith ann sa todhchaí dá bharr. Is mar gheall ar na cúiseanna sin nach ndéanfaidh an Chomhairle crainn a 'bharrghearradh'.

## 3.5 Baint na gCrann

Ní bhaintear crainn ach amháin má shíltear sin a bheith iomlán riachtanach. Seo a leanas na critéir chun crann a bhaint:

- **Tá an crann marbh, ag fáil bháis nó síltear é a bheith contúirteach de bharr na drochbhaile struchtúrtha nó bitheolaíche atá air. D'fhéadfadh dálaí contúirteacha bheith i gceist os cionn an talaimh agus/nó thíos faoi agus d'fhéadfadh lobhadh suntasach na bhfréamhacha, an tamhain nó na corónach, tamhain agus gabhail scoilte, agus géaga móra marbha a bheith i gceist.**
- **Tá meath chomh mór sin tagtha ar an gcrann nach féidir é a leigheas agus nach gcomhlíonann sé riachtanais fheidhmiúla ná aeistéitiúla crann sráide níos mó.**
- **D'fhéadfaí crainn a bhfuil galair orthu a thabharfaidh a mbás (m.sh. Críonadh Siar Fuinseoige, Smol Dóite) a bhaint sula mbaineann siad an phríomhthairseach amach chun bac a chur roimh scaipeadh an ghalair ar chrainn shláintiúla nó chun crainn a bhaint sula dtéann siad in olcas, más féideartha go mbeadh rátáil riosca ardtosaíochta i gceist.**

- Chun spás a chruthú d'fhorbairt na gcrann in aice láimhe a bhféadfadh sé a bheith níos inmhianaithe iad a choinneáil.
- Chun áit a dhéanamh d'aon oibreacha faofa innealtóireachta nó tógála nuair a chuirfeadh obair thógála nach féidir a sheachaint isteach láithreach ar sheasmhacht nó inmharthanacht an chrainn.
- Tá sé cruthaithe go bhfuil crann mar chúis le damáiste struchtúrtha nach féidir dul i ngleic leis go réasúnta ar bhealach eile agus nach raibh aon tionchar maolaitheach ag bainistíocht réamhghníomhach crann air.
- Má tá crann suite go han-chóngarach do cholún soilsithe phoiblí agus dá gcuirfí inmharthanacht fhadtéarmach an chrainn i mbaol dá gcoinneofaí ina suíomh é le ceanglas maidir le cothabháil leanúnach chun éifeachtacht an tsolais sráide thadhlaigh a choinneáil ar bun.

## 3.6 Baint Stumpa

Nuair a leagann an Chomhairle crann, ní i gcónaí is féidir an stumpa a bhaint láithreach bonn. D'fhéadfadh moill sé mhí ar a laghad a bheith ar bhaint stumpa crainn tar éis an crann a bhaint. Sna cúinsí sin, fágtar stumpa gearr crainn mar bheart sealadach. Fágtar ag méadar amháin an stumpa de ghnáth ionas nach mbíonn baol tuisle i gceist leis idir an dá linn. Is le linn mhíonna an gheimhridh idir an mí na Samhna agus mí Feabhra a thugtar faoi bhaint stumpaí de ghnáth nó d'fhéadfaí é a dhéanamh nuair is ann dá ndóthain acu le go mbeadh a mbaint coigilteach.





## 3.7 Caighdeán na hOibre

Tabharfar faoi na hoibreacha crann ar fad i gcomhréir le Caighdeán na Breataine BS 3998:2010 Obair Crann - Moltaí agus na ceanglais reatha Sláinte agus Sábháilteachta. Beidh gach ball foirne a thabharfaidh faoi oibreacha crann inniúil agus beidh an oiliúint, taithí agus cáilíochtaí cuí aige. Beidh conraitheoir ar bith a earcaítear chun obair ar chrainn faoi úinéireacht na Comhairle inniúil, cáilithe agus oilte go leordhóthanach, agus leis an taithí agus árachas cuí.

Is gá d'aon obair crann a chuirtear i gcrích a bheith riachtanach do choinneáil fhadtéarmach an chrainn sa suíomh ina bhfuil sé seachas ar mhaithe le cúiseanna sásaimh amháin. Déanfaidh an Chomhairle iarracht scáthchruth nádúrtha an chrainn a choimeád ach amháin sa chás gur féidir a léiriú gur chun leas shláinte fhadtéarmach an chrainn a mhalairt a dhéanamh.

Tugann foireann na Comhairle cuairteanna rialta ar shuíomhanna chun na hoibreacha atá ar siúl a mheasúnú agus chun a chinntiú go bhfuil siad ar chaighdeán maith agus go gcuirtear i gcrích iad i gcomhréir leis na caighdeáin riachtanacha agus le torthaí agus moltaí na suirbhéireachta.

## 3.8 Prúnáil Neamhúdaraithe, Baint nó Damáiste do Chrainn faoi Úinéireacht na Comhairle

**Féachfaidh an Chomhairle leis an dlí a chur ar dhuine ar bith a thugann faoi obair neamhúdaraithe nó a dhéanann damáiste do chrainn na Comhairle gan chead agus gearrfar an t-uasphionós orthu nuair is cuí.**

Bíonn tionchar ag baint neamhúdaraithe crann ar áiseanna an cheantair agus scriosann sé an chuid mhór buntáistí a bhaineann le crainn sa cheantar. Tugtar Damáiste Coiriúil do Mhaoin Phoiblí ar an gcineál sin gníomhaíochta. Déanfar cás ar bith de seo a thuairisciú don Gharda Síochána lena fhiosrú.

Oibríonn gach ball foirne de chuid na Comhairle ó fheithiclí ar a léirítear lógó na Comhairle agus is gá do chonraitheoirí crann atá ag obair ar son na Comhairle comharthaíocht a chur in airde a thagraíonn go sonrach do Comhairle Contae Átha Cliath Theas. Má fheictear duine i mbun prúnála, bainte nó damáiste a dhéanamh do chrann atá faoi úinéireacht na Comhairle, agus má shíltear go bhfuil an gníomh ar bun gan toiliú na Comhairle, is gá don té a thugann faoi deara é an cás a thuairisciú don Gharda Síochána i dtosach báire agus is gá an Chomhairle a chur ar an eolas.

D'fhéadfadh an Garda Síochána damáiste, prúnáil nó baint neamhúdaraithe crann atá faoi úinéireacht/bhainistíocht na Comhairle a ionchúiseamh faoin Acht um Dhamáiste Coiriúil, 1991.

D'fhéadfaí táille a ghearradh mar thoradh ar oibreacha neamhúdaraithe nó damáiste do chrainn faoi úinéireacht na Comhairle. Léireoidh an táille seo an méid damáiste a rinneadh agus i gcás go ndearnadh dochar do shaol/shábháilteacht na gcrann, áireofar léi an costas a bhaineann le crainn eile a chur ina n-áit agus cúiteamh i leith caillteanas luach na gcrann. Déanfaidh foireann ghairmiúil na bpáirceanna na táillí seo a dhréachtú, agus déanfar gach cás a mheasúnú ar bhonn indibhidiúil ag baint úsáid as córas aitheanta luachála crann (m.sh. CAVAT nó Helliwell).

## 3.9 Cothabháil na gCrann Sráide á hÍoc nó á Socrú ag Cónaitheoirí

Ní bheidh páirt ag an gComhairle i socrú ar bith ina n-íocann baill den phobal as costas nó as cuid de chostas na n-oibreacha cothabhála crann. Ní ligfimid do chrannlianna a fhostaíonn baill den phobal crainn atá faoinár maoirseacht a chothabháil ach oiread. Ach amháin i gcás géaga atá tarchrochta, caithfear le hoibreacha neamhúdaraithe ar chrainn atá faoi úinéireacht na Comhairle mar dhamáiste coiriúil.



## 3.10 Beartais um Úsáidí Adhmaid agus Dramhaíola Glaise

Táirgtear cuid mhór adhmaid agus sliseanna adhmaid gach bliain de bharr prúnála agus leagan crann. Nuair is féidir, déantar an smionagar adhmaid ó na hoibreacha crann a iompú agus a athchúrsáil ina sliseanna adhmaid lena n-úsáid mar mhóta i limistéir a bhfuil plandaí curtha iontu, le haghaidh dhromchla na gconairí coillearnaí laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte na Comhairle nó chun Mionchoillearnacha a fhorbairt. Déantar athchúrsáil de réir bhail agus speiceas an adhmaid ar chodanna níos mó nach féidir leis an meaisín slisnithe adhmaid a phróiseáil. De ghnáth, fágtar adhmad agus dramhaíl ghlas ó oibreacha crann i gcoillearnacha in situ chun gnáthóga fiadhúlra a chruthú.

## 3.11 Éin atá ag neadú

**Déanfaidh an Chomhairle iniúchtaí ar chrainn le haghaidh neadacha éan sula dtugtar faoi oibreacha crann le linn na tréimhse 1 Márta – 31 Lúnasa, cloífidh siad leis an reachtaíocht ábhartha agus lorgóidh siad sainchomhairle ó na heagraíochtaí ábhartha nuair is gá.**

Is é an tAcht um Fhiadhúlra, 1976 (arna leasú in 2000) an phríomhreachtaíocht a chosnaíonn éin atá ag neadú in Éirinn. Is cion é san Acht aon éan fiáin a mharú, a ghortú nó a thógáil agus aon nead atá in úsáid nó atá á chur le chéile a thógáil, a dhamáistiú nó a dhíothú. Cuireann alt 40 den Acht cosc ar fhásra a ghearradh ar thalamh neamhshaothraithe idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa. Glactar leis sa chleachtas, áfach, go n-éilíonn crainn sráide cothabháil ar feadh na bliana chun Sláinte agus Sábháilteacht úsáideoirí bóithre a chinntiú, rud a fhágann gur féidir oibreacha cothabhála crann a dhéanamh le linn na tréimhse dúnta faoi réir chomhlíonadh na bprótacal dea-chleachtais maidir le measúnú réamhoibreacha ar chrainn le haghaidh neadacha gníomhacha nó éin atá ag neadú. I gcás ina mbreathnaítear nead ghníomhach nó éin atá ag neadú, níor cheart aon oibreacha crann a dhéanamh. Ina áit sin, liostálfar an suíomh agus tiocfar ar ais chuige tar éis Shéasúr Neadaithe na nÉan.

Is é an phríomhchúis le clár cothabhála crann sráide ar feadh na bliana ná sábháilteacht an phobail a chinntiú agus guaiseacha crann a íoslaghdú. Tugann taighde feineolaíochta agus bitheolaíochta le fios freisin gur fearr roinnt speicis crann lena n-áirítear silíní agus gallchnónna a phrúnáil i lár an tsamhraidh chun galar a choinneáil amach fad is a bhíonn an mhailp agus an crann cnó capaill ag cur sú go forleathan má dhéantar iad a phrúnáil le linn fhás luath an tséasúir.

Leagtar amach in Aguisín 5 an Cód Cleachtais maidir le hiniúchadh sula dtugtar faoi oibreacha ar chrainn le haghaidh éin atá ag neadú. Ceanglaítear ar chriúnna cothabhála crann nó conraitheoirí na Comhairle atá fostaithe ag an gComhairle crainn a sheiceáil go críochnúil le haghaidh éin atá ag neadú le linn na tréimhse neadaithe (an 1 Márta – an 31 Lúnasa) agus bearta iomchuí a dhéanamh chun suaitheadh a chosc sula gcuirfear tús le gnáthoibreacha.

## 3.12 Bainistiú Thitim na nDuilleog san Fhómhar

Áirítear scuabadh duille le linn thréimhse an fhómhair i gconradh glantacháin sráide na Comhairle. Baintear na duilleoga as bóithre poiblí agus cosáin ar fud an chontae. Tosaíonn sé sin de ghnáth i mí Mheán Fómhair agus síneann sé go dtí deireadh mhí Eanáir gach bliain.

Tá cónaitheoirí freagrach as déileáil le titim na nduilleog ar a maoin phríobháideach. Níor chóir duilleoga ó ghairdíní príobháideacha, cabhsáin nó cosáin a scuabadh i dtreo an bhóthair ach ba chóir iad a dhiúscairt ar bhealach freagrach. D’fhéadfadh na roghanna seo a leanas a bheith san áireamh:

- Múiríniú baile
- Bailiú ó do theach tríd an mbosca bruscair donn
- Iad a thabhairt go dtí an Conláiste Cathartha lena n-athchúrsáil

D'fhéadfadh sé gur mhian le Cumainn Cónaitheoirí, grúpaí na mBailte Slachtmhara agus grúpaí pobail duilleoga a mhúiríniú chun múirín duillí tairbheach a chruthú, rud atá ina acmhainn luachmhar agus is féidir a úsáid chun ithreacha a shaibhriú.

## 3.13 Srianadh Lotnaidí agus Cosc Galar

**Oibreoidh an Chomhairle leis an Roinn Talmhaíochta chun comharthaí lotnaidí agus galar a fhiosrú agus, nuair is indéanta, freagróidh sí de réir an dea-chleachtais reatha**

Le blianta beaga anuas, tá roinnt lotnaidí agus galair nua tagtha chun cinn san Eoraip mar rioscaí suntasacha do shláinte crann agus do bhithshlándáil plandaí. Mar gheall ar stádas oileáin na hÉireann, tá seans níos fearr ann go bhfanfaidh sí saor ó go leor lotnaidí agus galar nach bhfuil le fáil ar an oileán faoi láthair.  Mar sin féin, méadaíonn fás na trádála domhanda i bplandaí agus gluaiseacht mhéadaitheach ábhar plandaí idir tíortha an baol go dtiocfaidh lotnaidí agus galair nua isteach in Éirinn. Tá baol ann freisin go dtiocfaidh lotnaidí coimhthíocha in adhmad tacaíochta a úsáidtear chun earraí a iompar agus i bpacáistiú adhmaid trínár gcalafoirt. D'fhéadfadh na hathruithe réamh-mheasta ar an aeráid an riosca go leathfaidh na lotnaidí agus na galair sin a mhéadú. Is féidir le hathruithe beaga i bpatrúin teochta nó aimsire, mar gheall ar an athrú aeráide, cur ar chumas orgánach fás i gceantair ina mbeadh sé deacair orthu maireachtáil roimhe seo.

Cé gurb í an Roinn Talmhaíochta a bhainistíonn an tsaincheist sin de ghnáth, gníomhóidh CCÁCT nuair is gá agus rachaidh sé i dteagmháil leis na húdaráis ábhartha.



## 3.14 Eidhneán ar Chrainn

**Féachfaidh an Chomhairle le leibhéal inghlactha eidhneáin a choinneáil ar chrainn i gcás nach gcuirfear isteach ar iniúchadh i leith meatha nó lochtanna.**

Aithníonn an Chomhairle an luach suntasach atá ag eidhneán (Hedera helix) mar ghnáthóg agus mar fhoinse bia don fhiadhúlra. Mura bhfuil eidhneán ag fás ar chrainn óga nó laga, áit a bhféadfadh sé dul san iomaíocht le haghaidh uisce agus cothaitheach agus fás sláintiúil a chur faoi chois, is beag dochar a dhéanann sé. Mar sin féin, i gcás ina bhfuil eidhneán tar éis greim a choinneáil ar chrainn aibí, go háirithe iad sin atá gar do bhóithre agus do limistéir phoiblí, ní mór breithniú a dhéanamh ar é a choinneáil bunaithe ar shláinte an chrainn agus ar an bhféidearthacht go ndéanfaí cuasa nó lochtanna a cheilt ón radharc chomh maith lena leochaileacht mhéadaithe i leith damáiste gaoithe. Sna cásanna sin, d'fhéadfaí a mheas gur gá eidhneán a bhaint chun críoch bainistíochta riosca.

## 3.15 Dealbhóireacht Crann

Smaoineofar ar Dhealbhóireacht Crann nuair is cuí, chun ligean do chrainn leanúint ar aghaidh de bheith ann tar éis dóibh deireadh a saolré úsáide sábháilte a bhaint amach agus chun gné spéisiúil a sholáthar sa tírdhreach.

## 3.16 Iarrataí ar Chothabháil Crann

Cé go n-aithníonn an Chomhairle gurb é an Clár Cothabhála Crann 3 Bliana an príomhfhócas airde le linn na tréimhse sin, tuigtear go bhféadfadh sé gur ghá aird a thabhairt ar chrainn eile laistigh den tréimhse chéanna. Más mian le ball den phobal imní a tharraingt anuas nó aird a thabhairt ar rud a chreideann siad a bheith ina fhadhb, is féidir leo na céimeanna seo a leanúint:

- Is féidir le duine aighneacht a dhéanamh ar an nguthán, ar ríomhphost, trí Chúram Custaiméirí nó trí Ionadaí Comhaltaí, ag lua an tsuímh shonraigh agus na saincheiste atá ann.
- Déantar an suíomh a liostú lena iniúchadh chun measúnú a dhéanamh ar na hábhair imní.
- Déantar iniúchadh ar an suíomh chun measúnú a dhéanamh ar an gcrann/na crainn agus chun a chinneadh cad iad na hoibreacha, más ann dóibh, atá ag teastáil.
- Déanfar na hoibreacha riachtanacha a thabhairt faoi deara agus a chur in ord tosaíochta dá réir. Mura bhfuil aon oibreacha ag teastáil, ní bheidh aon cheann liostaithe.

Is féidir leis an bpobal feasacht a mhúscailt maidir le haon ábhar imní tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle trína n-ionadaithe tofa.
- Teagmháil a dhéanamh leis an gComhairle trí liosta na dteagmhálacha atá ar fáil ar an Tairseach Cúraim Custaiméirí: Cúram Custaiméirí - CCÁCT.
- Teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an Réimse Poiblí ar ríomhphost: publicrealm@sdublincoco.ie.

I gcás éigeandálaí lasmuigh d'uaireanta oibre, iarrtar ar an bpobal teagmháil a dhéanamh leis an Réimse Poiblí ar an nguthán: 01 457 4907

# 4 Plandú na gCrann / Plandú Athsholáthair

**Aithníonn Comhairle Contae Átha Cliath Theas an ról tábhachtach atá ag crainn sráide maidir leis an timpeallacht uirbeach a fheabhsú agus táthar tiomanta do chrainn nua a phlandú chun tarraingteacht amhairc Bhaile Átha Cliath Theas a chaomhnú don ghlúin atá ann faoi láthair agus do na glúnta atá le teacht. Coinneofar bunachar sonraí de láithreáin plandála crann a d'fhéadfadh a bheith ann, agus cuirfear clár bliantúil plandála crann i gcrích, faoi réir na n-acmhainní atá ar fáil.**

## 4.1 An Crann Ceart, an Áit Cheart

**Beidh an príomhphrionsabal i dtaobh an crann ceart a phlandú san áit cheart mar threoir do gach tionscnamh plandaithe crann nua agus crann athsholáthair.**

Tá sé ríthábhachtach speicis crann agus suíomhanna plandála araon a roghnú go cúramach chun an baol núise amach anseo a laghdú agus chun costais chothabhála nach bhfuil gá leo a sheachaint.

Déantar iniúchadh ar gach láithreán plandála beartaithe chun a n-oiriúnacht a chinneadh, ag smaoineamh ar chúinsí amhail seirbhísí faoi thalamh agus lasnairde, línte infheictheachta, comharthaíocht, comharthaí tráchta, spás atá ar fáil d'fhás sa todhchaí (lena n-áirítear forbairt fréimhe), agus go leor eile.

Agus crainn sráide nua á suíomh aici, beidh sé mar aidhm shonrach ag an gComhairle an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Cosc a chur ar bhacainní roimh shoilsiú poiblí amach anseo trína chinntiú go mbíonn ceannbhrat aibí na gcrann níos mó ná 5 mhéadar — agus méid nach lú ná 3 mhéadar — go hidéalach ó aon cholún soilsithe.
- Íosleithead cosáin soiléir 1.2 méadar a choinneáil, rud a chinnteoidh nach gcuirfidh fás crann isteach ar inrochtaineacht coisithe.
- Tosaíocht a thabhairt do thoirt leordhóthanach ithreach ag láithreáin phlandála chun tacú le forbairt shláintiúil crann agus le marthanas fadtéarmach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go bhféachann CCÁCT leis an oiread eiseamal dúchasach agus is féidir a phlandú, go háirithe laistigh dár bPáirceanna agus Spásanna Oscailte agus, nuair is féidir, mar chrainn sráide ach go dtuigeann sé go rímhaith an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht speiceas maidir le hathléimneacht aeráide.

Tiomsaítear na liostaí Plandála Crann, in Aguisín 1, trí mheasúnú a dhéanamh ar an gcaoi a bhfuil an stoc crann atá ann faoi láthair ag feidhmiú tar éis plandú agus ar an tionchar a bhíonn acu ar a ngarthimpeallacht. Le himeacht ama, baineadh speicis fhadhbacha den liosta chun roghnú speiceas a bheachtú. Téann an taithí saoil seo in éineacht le breithniú ar liostaí arna dtiomsú ag eagraíochtaí agus grúpaí eile atá ina gcónaí in aeráid chomhchosúil, mar shampla Forestry England, chun a chinntiú go bhfuil ár gcur chuige cothrom le dáta agus ábhartha i gcónaí.

## 4.2 Plandú na gCrann

Tá sé beartaithe ag an gComhairle a clár bliantúil plandaithe crann a bhunú ar na hacmhainní atá ar fáil laistigh den bhuiséad leithdháilte. Ó 2015 i leith, tá sceideal plandála bliantúil i bhfeidhm chun bonn eolais a chur faoi chrainn a phlandú ar fud an Chontae.

I measc na limistéar tosaíochta le haghaidh plandú nua tá suíomhanna inar baineadh crainn roimhe sin nó ina bhfuil gá aitheanta le ceannbhrat foriomlán na gcrann a fheabhsú. Déanfar iarratais ar chrainn nua ó Chomhairleoirí agus ó chónaitheoirí áitiúla a mheas mar chuid den chlár. Déanfar measúnú ar na hiarratais sin maidir le hoiriúnacht agus tabharfar tosaíocht dóibh bunaithe ar láithreacht reatha na gcrann ar an tsráid, lena n-áirítear crainn i ngairdíní tosaigh agus i réadmhaoine in aice láimhe.

Cónaitheoirí nó comhlachais cónaitheoirí ar mian leo crainn nó toir a chur ar shráideanna atá á mbainistiú ag an gComhairle, ar imeall bóithre, nó ar spásanna oscailte, ní mór dóibh cead a fháil ar dtús ón gComhairle sula gcuirfidh siad tús le haon tionscadal plandaithe.

Ritheann an clár plandála idir mí na Samhna agus mí an Mhárta, a aithnítear mar an tréimhse is fearr chun crainn fhréamhloma agus crainn a ndearnadh daba fréamhacha díobh a phlandú. Déanann pearsanra oilte an plandú uile faoi mhaoirseacht chuí, agus cothabháil iarphlandaithe iomchuí ina dhiaidh sin ar feadh tréimhse 24 mhí.

Comhlíonfaidh na hoibreacha plandála crann uile Treoirlínte na Comhairle maidir le Plandú na gCrann agus cloífidh siad le Caighdeáin ábhartha na Breataine, lena n-áirítear BS 8545:2014 – Crainn: ó phlandlann go neamhspleáchas sa tírdhreach – Moltaí.

Is ardstoc plandlainne a bheidh i bhformhór na gcrann nua a phlandófar, le giorta gais 12–16 cm agus airde 3–5 mhéadar de ghnáth. Tá sé léirithe go laghdaíonn roghnú an mhéid crann leath-aibí seo an dóchúlacht go dtarlóidh loitiméireacht go suntasach.

## 4.3 Dearadh Scéimeanna Plandála Crann Sráide

Leagtar amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013) an chaoi a bhfuil crainn sráide ina gcuid dhílis de dhearadh sráide mar go gcuireann siad leis an mbraistint imfhálaithe, go bhfeidhmíonn siad mar mhaolán do thorann/thruailliú tráchta agus go gcuireann siad leis an mbraistint áite. Is féidir éifeacht maolaithe tráchta a bhaint amach freisin, i gcás ina gcuirtear crainn i sraitheanna leanúnacha agus ina sáraíonn a gceannbhrait, go páirteach ar a laghad, an carrbhealach feithiclí. Is féidir crainn sráide a úsáid freisin chun inléiteacht a fheabhsú trí bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le bealaí a nascadh agus idirdhealú a dhéanamh idir limistéar amháin agus limistéar eile trí éagsúlachtaí ó thaobh méide agus roghnú speiceas de. (Féach Aguisín 4)

Le himeacht ama, cuireadh crainn ar go leor dár sráideanna thar na glúnta éagsúla, agus is minic a rinneadh é sin gan dearadh comhordaithe nó dea-mheasta. Cé gur féidir go n-éireoidh leis an gcur chuige neamhfhoirmiúil sin uaireanta, i gcásanna eile bíonn róphlódú, úsáid speiceas mí-oiriúnach, nó drochshuíomh mar thoradh air – rud a laghdaíonn cáilíocht thimpeallacht na sráide agus an taitneamh a bhaintear as ar deireadh. Mar sin, ní bhíonn sé oiriúnach i gcónaí crann a athsholáthar san áit cheannann chéanna.

I gcás ina bhfuil gá suntasach le plandú crann nua nó athsholáthair laistigh de shráid-dreach, is é an cur chuige is fearr leis an gComhairle plean plandaithe crann a fhorbairt a bheidh saincheaptha do charachtar, scála agus feidhm shonrach an limistéir, agus leasanna áitiúla á gcur san áireamh ag an am céanna. Agus aon scéim nua plandála á dhearadh, ba cheart an carachtar

tírdhreacha atá ann cheana a chomhlánú agus cur go dearfach leis an timpeallacht áitiúil.

Roghnófar speicis crann go cúramach bunaithe ar a n-oiriúnacht ó thaobh scála agus foirme de (lena n-áirítear breithnithe ar fhréamhacha), ar an méid a chuireann siad leis an áit ó thaobh cúrsaí amhairc agus éiceolaíocha de, agus ar a gcumas dul chun cinn a dhéanamh sa spás ina gcuirtear iad. Treorófar dlús plandála agus roghnú speiceas de réir an spáis atá ar fáil chun a chinntiú go mbeidh na dálaí is gá ag gach crann chun fás ina eiseamal sláintiúil aibí. I gcás inarb iomchuí, féadfaidh comhairliúchán pobail a bheith i gceist leis na pleananna sin sula ndéanfar iad a fhormheas agus a chur chun feidhme go críochnaitheach.

## 4.4 Roghnú Speiceas

Féachann an Chomhairle leis an oiread speiceas dúchasach agus is féidir a phlandú mar chuid den chlár bliantúil plandaithe crann. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara gur féidir le go leor de na heiseamail dhúchasacha in Éirinn fás go méideanna suntasacha agus dá bhrí sin d’fhéadfadh sé gurbh fhearr iad a úsáid i bPáirceanna agus Spásanna Oscailte den chuid is mó. Ceadaíonn na cineálacha spásanna seo raon níos leithne speiceas, a roghnaítear mar gheall ar a n-oiriúnacht don suíomh, luach bithéagsúlachta, agus tarraingteacht amhairc. Tá roghnú na speiceas crann le haghaidh plandú sráide bunaithe go príomha ar a n-oiriúnacht don suíomh plandála agus ar an gcarachtar tírdhreacha máguaird.

Tá roinnt tosca ann a threoraíonn roghnú crann sráide, lena n-áirítear méid aibí an chrainn, riachtanais uisce, cruth na corónach, forbairt fréamhacha agus riachtanais bhainistíochta leanúnacha. Roghnaítear na speicis a úsáidtear i gcláir phlandaithe faoi stiúir na Comhairle bunaithe ar bheartas áitiúil, ar shaineolas crannadóireachta agus ar thaithí phraiticiúil. Tá liosta molta de speicis atá oiriúnach do shráideanna, spás oscailte, gairdíní,





agus plandú crann dúchasach san áireamh in Aguisín 1. Ní liosta uileghabhálach é an liosta sin; féadfar speicis eile a mheas freisin i gcás inar léirigh siad go bhfuil siad oiriúnach do láithreáin shonracha.

Chun cosaint a thabhairt ar bhaol galar nó bagairtí comhshaoil eile, aithníonn an Chomhairle an tábhacht a bhaineann le héagsúlacht speiceas. Méadaíonn róspleáchas ar speiceas amháin leochaileacht, mar sin neartófar athléimneacht na gcrann trí éagsúlacht níos leithne crann a phlandú. Mar sin féin, i gcás ina gcruthaíonn speiceas áirithe líne crann ar leith nó grúpa atá aontaithe ó thaobh cúrsaí amhairc de feadh sráide, beidh crainn athsholáthair comhoiriúnach nó cosúil cuid mhór leis na speicis atá ann cheana chun leanúnachas amhairc a choinneáil.

Chomh maith le héagsúlacht speiceas a mhéadú, tabharfaidh an Chomhairle tús áite do speicis crann ceannbhrait mhóir a phlandú cibé áit is féidir de réir na ndálaí láithreáin. Cuireann na crainn sin tairbhí comhshaoil agus sóisialta i bhfad níos mó ar fáil i gcomparáid le speicis níos lú. Dá réir sin, is é an rogha a bheidh ann i gcónaí an crann iomchuí is mó a phlandú le haghaidh suíomh ar leith.

Tacaíonn an Chomhairle freisin le crainn torthaí a phlandú i suíomhanna oiriúnacha amhail páirceanna, spásanna pobail agus tailte scoile chun rannpháirtíocht, oideachas agus táirgeadh bia áitiúil a chur chun cinn.

## 4.5 Plandú Crann Athsholáthair

Tá sé mar aidhm ag an gComhairle a chinntiú, faoi réir na n-acmhainní buiséid atá ar fáil, gur chóir gach crann a leagadh a athsholáthar chun a chinntiú go gcoinneoidh an Contae a stoc crann le himeacht na mblianta do na glúnta atá le teacht, cé nach mbíonn sé praiticiúil ná stuama i gcónaí crann a athsholáthar san áit chéanna nó leis an speiceas céanna a cuireadh roimhe seo.

Tá an Chomhairle tiomanta do líon na gcrann sa chontae a chothabháil agus a athnuachan ar mhaithe leis na glúnta atá le teacht. Faoi réir na n-acmhainní buiséid atá ar fáil, tá sé mar aidhm ag an gComhairle a chinntiú go gcuirfear crann nua in ionad gach crainn a leagadh, nuair is féidir. Mar sin féin, d'fhéadfadh sé nach mbeadh sé praiticiúil ná iomchuí i gcónaí crann a athphlandú san áit chéanna nó leis an speiceas céanna.

Tá 3 phríomhchás ann inar gá crann a athsholáthar:

- **I gcás inar baineadh crann atá faoi úinéireacht na Comhairle cheana mar chuid d'oibreacha cothabhála caighdeánacha agus ina meastar go bhfuil sé oiriúnach lena athphlandú, féadfar crann athsholáthair de speiceas iomchuí a phlandú. Mar sin féin, toisc go gcuirtear stumpaí crann le liosta bainte stumpaí agus go bhfuil am ag teastáil chun meath a dhéanamh ar ábhar fréimhe faoi thalamh, d'fhéadfadh sé go mbeadh moill 3 go 5 bliana idir baint agus athphlandú.**
- **I gcás ina dteipeann ar chrainn nuaphlandaithe laistigh den tréimhse chothabhála iar-phlandaithe 24 mhí, cuirfear crainn nua ina n-ionad.**
- **Má dhéantar loitiméireacht ar chrainn, déanfaidh an Chomhairle measúnú chun a chinneadh an bhfuil sé iomchuí iad a athsholáthar.**

Déanfar an plandú athsholáthair uile le linn an tséasúir shuanaigh (idir mí na Samhna agus mí an Mhárta de ghnáth) chun na dálaí is fearr is féidir a chinntiú le haghaidh bunaíocht rathúil.

I ndáil le forbairtí, cibé acu ag an gComhairle nó ag eintiteas príobháideach, cuirtear athsholáthar crann bainte i bhfeidhm go ginearálta ar 2 chrann ar a laghad a chuirtear le haghaidh gach crainn aonair a bhaintear ach is féidir é sin a mhéadú de rogha na Comhairle ag brath ar mhéid agus ar aois an chrainn atá á bhaint. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach bhféadfaí crainn a athsholáthar sa limistéar ceannann céanna, ach beidh na láithreáin chomh gar don suíomh agus is féidir.

## 4.6 Sciatha Crainn a Úsáid

Ní dhéanann an Chomhairle sciatha mogaill do chrainn a shuiteáil timpeall ar chrainn sráide ná ar chrainn i spásanna oscailte poiblí. Bunaithe ar thaithí fhadtéarmach, is minic a bhíonn sciatha crainn ina spriocanna le haghaidh loitiméireachta, caitear neart bruscar mímhaiseach iontu, agus i gcásanna áirithe, is mó dochar ná maitheas a dhéanann siad. Is féidir struchtúr na scéithe féin a úsáid mar ghiaráil, rud a fhágann go mbíonn sé níos éasca tamhain crann óg a bhriseadh.

Chun an riosca loitiméireachta a laghdú agus chun feabhas a chur ar fhás crann, is é an modh is fearr leis an gComhairle crainn a phlandú le giorta gais láidir, 14–16 cm de ghnáth, agus tacú leo le córas cuaillí ísle atá suite thart ar 1 mhéadar os cionn leibhéal na talún. Tá sé cruthaithe go mbíonn an cur chuige sin éifeachtach, toisc go gcuireann an meascán de chrainn níos láidre agus tacaí ísle teorainn shuntasach leis an deis chun damáiste a dhéanamh.

## 4.7 Post Planting Maintenance Programme

Tá sé ríthábhachtach cúram agus cothabháil chuí a dhéanamh ar chrainn nuaphlandaithe, go háirithe le linn an chéad chúpla bliain nuair is leochailí a bhíonn na crainn. Tarlaíonn an riosca is airde teipe laistigh de na chéad chúig bliana tar éis plandú. Mar chuid de sholáthar na Comhairle, tá na conraitheoirí atá fostaithe chun na crainn a phlandú freagrach freisin as cothabháil iar-phlandaithe 24 mhí chun a chinntiú go mbunófar na crainn.

Spreagtar cónaitheoirí freisin chun cúnamh a thabhairt trí chrainn atá suite lasmuigh nó gar dá réadmhaoin a uisciú, go háirithe le linn tréimhsí tirime nó gaofara. Is é 10–20 lítear in aghaidh na seachtaine an méid a mholtar (thart ar 2 lítear in aghaidh an lae).



I gcás ina bhfuil sé ar fáil, is féidir uisciú a dhéanamh trí úsáid a bhaint as an bhfeadán uiscithe plaisteach a shíneann ón ithir ag bun an chrainn — treoraíonn an feadán seo uisce síos go fréamhacha an chrainn. Iarrtar ar chónaitheoirí uisce a chaomhnú trí uisce báistí bailithe a úsáid (m.sh. trí bhuta uisce) nó uisce liath ó úsáid tí, amhail uisce a bhailítear i mbáisín doirtil.

Áireofar leis an gcothabháil leanúnach freisin ceangail crann a choigeartú nó a scaoileadh de réir mar is gá, agus cuaillí agus ceangail a bhaint a luaithe a bheidh an crann bunaithe go daingean agus in ann seasamh go neamhspleách.

## 4.8 Plandú Crann Cuimhneacháin Urraithe

Tá prótacal ag an gComhairle chun aghaidh a thabhairt ar iarrataí ó am go chéile chun freastal ar urraíocht crann mar chuimhneacháin nó chun mórimeachtaí saoil a chomóradh. Mar gheall ar íogaireachtaí a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le planduithe crann cuimhneacháin, bheadh ar aon fhorbairt ar scéim le haghaidh plandú crann cuimhneacháin urraithe i spásanna poiblí breithniú cúramach a dhéanamh ar roghnú suíomhanna oiriúnacha ina mbeadh an riosca loitiméireachta nó damáiste don chrann fíorbheag. Seo a leanas an próiseas chun Crann Cuimhneacháin nó Crann Dóchais a phlandú:

### 4.8.1 Crann Dóchais

Breithneoidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas crainn dóchais a phlandú laistigh dá páirceanna agus dá spásanna oscailte (lena n-áirítear limistéir atá faoi rialú agus/nó faoi chothabháil na Comhairle) faoi réir suíomhanna oiriúnacha a bheith ar fáil. Iarrfar ar dhaoine aonair nó ar ghrúpaí atá ag iarraidh crann den sórt sin a phlandú cloí leis na téarmaí agus na coinníollacha seo a leanas:

1. Ní mór don ghrúpa/duine aonair atá ag lorg Crann Dóchais iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid CCÁCT ina leagtar amach an méid seo a leanas:
    - o An suíomh atá beartaithe
    - o An t-eiseamal atá beartaithe
    - o Ainm teagmhála agus sonraí an phríomhiarrthóra
2. Nuair a bheidh an t-iarratas i scríbhinn faighte, tiocfaidh na páirtithe ábhartha le chéile ag an láithreán roghnaithe chun an suíomh deiridh don chrann a phlé agus a chomhaontú. Cé go bhféadfadh sé gur shainaithin an t-iarratasóir/na hiarratasóirí láithreán ar leith a mheasann siad a bheith iomchuí, forchoimeádann CCÁCT an ceart chun suíomh a athrú/a modhnú/a bhogadh chun freastal ar sheirbhísí, sceidil chothabhála nó dálaí atá ann cheana chun a chinntiú gur féidir leis an gcrann maireachtáil i dtimpeallacht shláintiúil agus nach mbaineann saincheisteanna féideartha leis anois ná amach anseo.
3. An tráth sin, pléifidh na páirtithe uile an éagsúlacht crann atá le plandú. Oibríonn CCÁCT modheolaíocht 'An Crann Ceart, an Áit Cheart' chun crainn a phlandú agus cuideoidh sé nuair is gá le crann a roghnú. Leagfar síos roghnú speiceas crann de réir critéir amhail dálaí láithreáin, suíomh an láithreáin, gaireacht d'fhoirgnimh/bóithre/cáblaí lasnairde srl., ach gan bheith teoranta dóibh, agus béim á leagan arís ar an deis is fearr is féidir a thabhairt don chrann a bheith faoi bhláth.
4. A luaithe a chomhaontófar na míreanna sin, ceadófar don duine aonair/do na daoine aonair nó don ghrúpa/do na grúpaí dul ar aghaidh le Crann Dóchais a phlandú.
5. Iarrann CCÁCT go measúil nach gcuirtear ribíní ná maisiúcháin ar an gcrann mar go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu sin ar fhás an chrainn.
6. Iarrann CCÁCT go measúil nach gcuirtear aon phlátaí cuimhneacháin ar an gcrann nó timpeall an chrainn
7. Iarrann CCÁCT go measúil ar an ngrúpa nó ar na daoine aonair atá freagrach as an gcrann a phlandú an ithir/dramhaíl bhreise srl. uile a bhaint agus an suíomh a fhágáil chomh slachtmhar agus tarraingteach agus is féidir.
8. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun crann a bhaint nó a athlonnú tráth ar bith má mheastar gur gá sin.
9. Ba cheart iarratais ar Chrann Dóchais a phlandú a sheoladh i scríbhinn chuig an Oifigeach Riaracháin, an Stiúrthóireacht um Chomhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide.

### 4.8.2 Crann Cuimhneacháin

1. Ní mór don ghrúpa/duine aonair atá ag lorg Cuimhneacháin iarratas i scríbhinn a chur faoi bhráid CCÁCT ina leagtar amach an méid seo a leanas:
    - o An suíomh atá beartaithe
    - o An t-eiseamal atá beartaithe
    - o Ainm teagmhála agus sonraí an phríomhiarrthóra
2. Nuair a bheidh an t-iarratas i scríbhinn faighte, tiocfaidh na páirtithe ábhartha le chéile ag an láithreán roghnaithe chun an suíomh deiridh don chrann a phlé agus a chomhaontú. Cé go bhféadfadh sé gur shainaithin an t-iarratasóir/na hiarratasóirí láithreán ar leith a mheasann siad a bheith iomchuí, forchoimeádann CCÁCT an ceart chun suíomh a athrú/a modhnú/a bhogadh chun freastal ar sheirbhísí, sceidil chothabhála nó dálaí atá ann cheana chun a chinntiú gur féidir leis an gcrann maireachtáil i dtimpeallacht shláintiúil agus nach mbaineann saincheisteanna féideartha leis anois ná amach anseo.



3. An tráth sin, pléifidh na páirtithe uile an éagsúlacht crann atá le plandú. Oibríonn CCÁCT modheolaíocht 'An Crann Ceart, an Áit Cheart' chun crainn a phlandú agus cuideoidh sé nuair is gá le crann a roghnú. Leagfar síos roghnú speiceas crann de réir critéir amhail dálaí láithreáin, suíomh an láithreáin, gaireacht d'fhoirgnimh/bóithre/cáblaí lasnairde srl., ach gan bheith teoranta dóibh, agus béim á leagan arís ar an deis is fearr is féidir a thabhairt don chrann a bheith faoi bhláth.
4. A luaithe a chomhaontófar na míreanna sin, iarrfar ar an duine/na daoine aonair nó ar an ngrúpa/na grúpaí socrú a dhéanamh chun íocaíocht a dhéanamh leis an gComhairle. A luaithe a gheofar an íocaíocht sin, socrófar an plandú.
5. Cuirfear in iúl d'iarratasóirí cathain a bheidh an plandú ar siúl ionas go mbeidh an rogha acu a bheith i láthair más mian leo.
6. Iarrann CCÁCT go measúil nach gcuirtear ribíní ná maisiúcháin ar an gcrann mar go bhféadfadh drochthionchar a bheith acu sin ar fhás an chrainn.
7. Iarrann CCÁCT go measúil nach gcuirtear aon phlátaí cuimhneacháin ar an gcrann nó timpeall an chrainn
8. Forchoimeádann an Chomhairle an ceart chun crann a bhaint nó a athlonnú tráth ar bith má mheastar gur gá sin.
9. Ba cheart iarratais ar Chrann Dóchais a phlandú a sheoladh i scríbhinn chuig an Oifigeach Riaracháin, an Stiúrthóireacht um Chomhshaol, Uisce agus Athrú Aeráide.

Tabhair faoi deara, sa dá chás, go bplandóidh an Chomhairle eiseamail Dhúchasacha mura dteastaíonn rogha eile ón suíomh roghnaithe.

## 4.9 Iarratais ar Phlandú Crann – Nós imeachta

Gach bliain féachann an Chomhairle le crainn a phlandú agus ceannbhrat na gcrann a leathnú ar fud an Chontae. Forbraíonn CCÁCT an sceideal le haghaidh plandú i rith na bliana trí mheasúnú a dhéanamh ar shuíomhanna féideartha chun crainn a phlandú ar fud an Chontae. Mar chuid de sin, fáiltíonn an Chomhairle roimh ionchur ón bpobal, ó Chomhairleoirí nó ó pháirtithe leasmhara eile maidir le suíomhanna féideartha a shainaithint. Má tá suíomh ag duine aonair chun crann nua a phlandú, leantar an nós imeachta seo a leanas:

- Is féidir le duine aighneacht a dhéanamh ar an nguthán, ar ríomhphost, trí Chúram Custaiméirí nó trí Ionadaí Comhaltaí, ag lua an tsuímh shonraigh
- Déantar an suíomh a liostú lena iniúchadh chun measúnú a dhéanamh ar a oiriúnacht
- Déantar iniúchadh ar an suíomh chun measúnú a dhéanamh ar an spás le haghaidh plandú, lena n-áirítear seirbhísí agus bonneagar atá ann cheana os cionn talún agus faoi thalamh araon, colúin soilsithe, méid an spáis le haghaidh plandú, dlús chlúdach cheannbhrat na gcrann sa limistéar, ach gan bheith teoranta do na nithe sin
- Má mheastar gur leor an limistéar, liostófar é mar chuid den chlár um Plandú Crann don bhliain dár gcionn. Má mheastar go bhfuil sé mí-oiriúnach, ní chuirfear aon chrann san áit sin.

Trí oibriú ar an mbealach sin, is féidir leis an gComhairle a chinntiú go gcloíonn na hoibreacha leis an bprionsabal an Crann Ceart, an Áit Cheart.



# 5 Beartais um Leagan agus Prúnáil

**Chun a chinntiú go ndéileáiltear go héifeachtúil agus go comhsheasmhach le hiarratais ar oibreacha crann, leagtar amach thíos beartais Chomhairle Contae Átha Cliath Theas maidir leis na cineálacha iarratas is coitianta. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach bhféachann CCÁCT ach le crainn a bhaint nuair a bhíonn siad marbh, galraithe nó ag fáil bháis nó nuair a léirítear go bhfuil siad ina gcúis le deacracht nach féidir a réiteach ar aon bhealach eile. Ina theannta sin, is ar mhaithe leis na crainn féin a dhéantar iad a chothabháil chun a sláinte agus a bhfad saoil a chinntiú, chomh maith lena chinntiú nach bhfuil aon imní i dtaobh sláinte agus sábháilteachta ann don phobal.**

## 5.1 Bac ar Shoilsiú Sráide

**Tabharfaidh an Chomhairle faoi obair ar chrainn faoi úinéireacht/bainistíocht na Comhairle lena chinntiú nach gcuirfidh siad bac míchuí ar shoilsiú sráide.**

Déanfar prúnáil crann nuair is féidir go réasúnta chun aghaidh a thabhairt ar bhac ar sholas sráide. In imthosca ina gcuirfí inmharthanacht fhadtéarmach an chrainn i mbaol dá gcoinneofaí ina suíomh é le ceanglas maidir le cothabháil leanúnach chun éifeachtacht an tsolais sráide thadhlaigh a choinneáil ar bun, féadfar an crann a bhaint. Ba cheart réitigh mhalartacha soilsithe phoiblí a fhiosrú freisin le haghaidh limistéir ina bhfuil crainn aibí agus sheanbhunaithe cheana. I gcás ina mbaintear crann as imeall an bhóthair, mar gheall ar a ghaireacht do cholún soilsithe phoiblí, ní chuirfear crann athsholáthair ar ais san áit chéanna de ghnáth. Moltar sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013) gur cheart soilse nua a chur ar shiúl ó chrainn, toisc go bhféadfaidís fás le himeacht aimsire agus clúdach a chur ar na lóchrainn nó scáthanna a chaitheamh, rud a fhágfaidh nach mbeidh an soilsiú chomh héifeachtach céanna.

Ní dhéanfar crainn nua a phlandú laistigh de 5m de chuaille solais agus déanfar cothabháil ar chrainn atá ann cheana lena chinntiú gur féidir le cuaillí solais feidhmiú go héifeachtach.

## 5.2 Bac a chur ar Línte Radhairc, Comharthaí Tráchta nó Comharthaí Sráide le haghaidh Trácht ar Bhóithre

**Tabharfaidh an Chomhairle faoi obair ar chrainn faoi úinéireacht/bainistíocht na Comhairle chun línte amhairc a choimeád, i gcás ina bhfuil sé indéanta go réasúnach, ag acomhail bóithre agus ag pointí rochtana agus le haghaidh comharthaí tráchta agus comharthaí sráide.**

I gcás ina dtagann ceanglas leanúnach prúnála chun cinn mar thoradh ar línte radhairc, comharthaí bóthair nó comharthaí tráchta a bheith folaithe mar gheall ar fhás nó athfhás crann, breithneofar crainn a bhaint chun na costais leanúnacha a bhaineann le cothabháil a dhéanamh orthu arís agus arís eile a íoslaghdú.

## 5.3 Bac ar Bhóithre, ar Rotharbhealaí agus ar Chosáin

**Tabharfaidh an Chomhairle faoi obair ar chrainn faoi úinéireacht/ bainistíocht na Comhairle i gcás ina gcuireann siad bac ar mhórbhealach poiblí, cosán nó rotharbhealach poiblí, ceart slí poiblí, rochtain ar mhaoin nó ar spás oscailte poiblí, nuair is indéanta go réasúnach.**

Meastar go bhfuil prúnáil crann chun an glanspás airde seo a leanas a bhaint amach iomchuí i gcás ina bhfuil sé praiticiúil go réasúnta agus i gcás inar féidir é a bhaint amach gan dochar a dhéanamh do shláinte ná d'fhoirm na gcrann:

- Limistéir coisithe: 2.5m
- Rotharbhealaí: 3m
- Bóithre / sráideanna dáileacháin: 4.5m

Aon oibreacha is gá chun bacainn a chosc ar leithead cosáin phoiblí mar gheall ar chrann atá faoi úinéireacht na Comhairle a bheith ann, breithneofar ar bhonn cás ar chás iad.

Má tá crann faoi úinéireacht phríobháideach nó fásra eile ag cur bac ar chosán nó ar bhóthar, tá cumhachtaí ann faoi alt 70 d'Acht na mBóithre, 1993 a chuireann ar chumas Údarás na mBóithre déileáil leis an ábhar. Ceadaíonn an t-alt fógra a sheirbheáil ar an úinéir talún ina leagtar amach oibreacha feabhais atá le déanamh. Mura ngníomhaíonn an t-úinéir talún, is féidir leis an Údarás Bóithre socrú a dhéanamh go ndéanfar na hoibreacha riachtanacha agus féachaint le costas na n-oibreacha a fháil ar ais ón úinéir talún lena mbaineann.

## 5.4 Guais Tuisle

**Féachfaidh an Chomhairle le guais tuisle a dhéanamh sábháilte ar chosán poiblí nó ar bhóthar poiblí de bharr fás crainn atá faoi úinéireacht/bainistíocht na Comhairle.**





Baineann fréamhacha na gcrann leas as an ithir ar bhealaí éagsúla ag brath ar speicis, ar dhálaí áitiúla, agus ar stair shuaitheadh an tsuímh. Is féidir le brú a eascraíonn as fás gathach na bhfréamhacha dromchlaí cosán, bóithre nó struchtúr éadrom eile a dhífhoirmiú, go háirithe i dtimpeallacht uirbeach dhlúth. Is minice a tharlaíonn damáiste in aice leis an gcrann agus laghdaíonn sé go tapa de réir mar a théann sé ar shiúl ón gcrann.  Déanfaidh an Chomhairle measúnú ar an dífhoirmiúchán féachaint an bhfuil sé ina ghuais tuisle.  I gcás ina dtagann guais chun cinn agus ina bhfuil sí inchurtha i leith fréamhacha crann, scrúdófar roghanna innealtóireachta sula ndéanfar prúnáil fréimhe nó sula mbainfear an crann.

Is minic is féidir cosáin a dheisiú chun crainn agus fréamhacha crann in aice láimhe a chur san áireamh. I gcás ina ngobann fréamhacha amach, is féidir prúnáil a dhéanamh ar na fréamhacha, nó is féidir an cosán a athleagan timpeall an chrainn le hábhar solúbtha amhail asfalt chun dromchla réidh a sholáthar nó trí úsáid a bhaint as coincréit threisithe nó as réitigh innealtóireachta eile.

I gcás ina meastar go ndéanann crainn damáiste do chosáin nó do pasáistí coisithe, ní dhéanfaidh an Chomhairle breithniú de ghnáth ar chrainn a bhaint ach amháin i gcás ina bhfuil baol ann do shláinte an phobail nach féidir a mhaolú ar shlí eile.  Is iondúil nach mbainfear an crann ach sa chás nach bhfuil aon rogha eile ann, ag glacadh leis i gcúinsí áirithe nuair nach bhfuil luach ard ar an gcrann nó más féidir é a athsholáthar gan stró, go bhfuil seans ann gurb í baint an chrainn an réiteach is oiriúnaí. Féachfaidh an Chomhairle le roghanna innealtóireachta a fhiosrú trí chomhairliúchán inmheánach idir na rannóga Réimse Poiblí agus Cothabháil Bóithre chun guaiseacha tuisle a laghdú roimh phrúnáil na bhfréamhacha nó baint an chrainn.

## 5.5 Crainn atá i gCoimhlint leis an Timpeallacht Thógtha

**Ní hiondúil go measfaidh an Chomhairle baint crainn nuair is féidir damáiste struchtúrach a dheisiú nó aghaidh a thabhairt air go réasúnta trí réitigh innealtóireachta chuí.**

Tiocfaidh crainn i dtimpeallachtaí uirbeacha i gcoimhlint le daoine agus le bonneagar ó thráth go chéile. Is féidir leis sin a bheith ina chúis le brú go bprúnálfar nó go mbainfear crainn. Údar imní coitianta a bhíonn i measc cónaitheoirí ná an bhagairt a bhraitear a bhaineann le fréamhacha crainn d'fhoirgnimh nó struchtúir thógtha in aice láimhe. Mar sin féin, is minic nach mbíonn bunús leis na húdair imní sin. Ní dhéanann formhór na gcrann a fhásann gar d'fhoirgnimh damáiste dóibh. Is iondúil go mbíonn dúshraitheanna slána frithsheasmhach in aghaidh chur isteach díreach na bhfréamhacha. I gcásanna nuair is féidir damáiste struchtúrtha a dheisiú nó a mhaolú go réasúnta trí réitigh innealtóireachta nó dhearaidh, ní hiondúil go dtacóidh an Chomhairle le baint crainn, mura bhfuil sé i ndrochbhail struchtúrach nó fhiseolaíoch.

Aithníonn an Chomhairle go bhfuil seans go mbeidh crainn atá faoi úinéireacht nó faoi bhainistíocht aici ina gcúis le damáiste a dhéantar do struchtúir in aice láimhe ó thráth go chéile. Mar sin féin, aithníonn sí nach i gcónaí a bhíonn na crainn ina dtoisc chúisíoch chomh maith. Is minic a chuirtear an milleán ar chrainn in aice láimhe róluath, sula ndéantar iniúchtaí iomlána. I measc na gcúiseanna coitianta eile a bhíonn le damáiste struchtúrach, tá drochdhearadh na ndúshraitheanna, teip ghinearálta ar thógáil, oibreacha tochailte in aice láimhe nó athruithe struchtúrtha ar ionaid réadmhaoine in aice láimhe.

Nuair a chreideann úinéir tí go bhfuil nó go raibh crann atá faoi úinéireacht na Comhairle ina chúis le damáiste a rinneadh dá réadmhaoin, spreagtar iad chun teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an gComhairle agus a seasamh a leagan amach. As seo amach, measúnóidh an Chomhairle gach cás aonair ar bhonn a bhuanna féin chun an bealach is oiriúnaí chun cinn a aithint, lena bhféadfaí a cheangal ar an úinéir tí tuarascáil innealtóra a sholáthar agus na deacrachtaí atá ann á lua inti. Beidh gá le measúnú a dhéanamh ar údair imní maidir le réadmhaoin dhamáistithe mar Éileamh le hárachóirí na Comhairle. Mar sin féin, fiosróidh an Chomhairle na roghanna atá ar fáil di ó thaobh déileáil leis an gcrann a deirtear a bheith achrannach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, aon ghníomh a ghlacann an Chomhairle, go bhfuil sé neamhspleách ar chinneadh dliteanais an árachóra. Ní hionann baint crainn agus admháil dliteanais ag an gComhairle. Is iad árachóirí CCÁCT amháin a dhéanfaidh dliteanas a mheas. Ní mór údair imní nó ceisteanna ar bith maidir leis na measúnuithe sin a dhéanamh go díreach leo:

| | |
|---|---|
| **Fón:** | 01 639 5500 |
| **Ríomhphost:** | claims@ipb.ie |
| **Seoladh:** | 1 Cearnóg na Canálach Móire,<br>Calafort na Canálach Móire,<br>Baile Átha Cliath 2, Éire |

Dá dtiocfadh cás mar sin chun cinn, bainisteofar mar a leanas é:

1. Is féidir le hiarratasóirí an t-údar imní atá acu maidir le damáiste líomhnaithe a chur faoi bhráid na Comhairle tríd an bpost, ar ríomhphost, Cúram Custaiméirí nó Ionadaíocht na gComhaltaí. Spreagtar iarratasóirí chun a oiread sonraí agus is féidir a chur ar fáil lena n-áirítear, más féidir, grianghraif den mhéid atá feicthe acu
2. Déanfar an aighneacht a mheasúnú, agus eagróidh comhalta den Chomhairle go dtabharfar cuairt ar an láithreán chun an t-údar imní a mheas leis an Úinéir Tí.
3. Más léir go bhfuil crann atá faoi úinéireacht na Comhairle ina chúis leis an damáiste, déanfar bearta chun an fhadhb a mhaolú

4. Mura bhfuil sé soiléir gurb é an crann an fhadhb agus mura féidir leis an gComhairle fianaise chríochnúil a aimsiú go bhfuil crann atá faoi úinéireacht na Comhairle ina chúis leis an bhfadhb, beidh ar an úinéir tí fianaise a chur ar fáil mar aon le moladh maolaithe.
5. Má chuirtear tuairisc dá leithéid ar fáil don Chomhairle, tabharfaidh an Chomhairle faoi bhearta chun an fhadhb a mhaolú de réir mar a bhaineann sí leis an gcrann - Ní hionann oibreacha den sórt sin a dhéanamh agus admháil dliteanais. Déanfaidh IPB topaic an dliteanais a mheas.
6. Ní mór éilimh ar dhamáiste do réadmhaoin phríobháideach a chur faoi bhráid IPB trí mheán na sonraí thuas.

## 5.6 Crainn agus Draenacha

Ba cheart aon údar imní maidir le bail na ndraenacha poiblí a thuairisciú d'Uisce Éireann. Is iondúil go mbíonn úinéirí tí freagrach as cothabháil na ndraenacha laistigh dá gcuid teorainneacha réadmhaoine féin.

## 5.7 Crainn, Bruacha Abhann agus Sruthchúrsaí

Rachaidh an Chomhairle i mbun comhairle le Rannóga inmheánacha den Chomhairle agus údaráis iascaigh ábhartha nuair atá oibreacha á ndéanamh ar shruthchúrsaí nó in aice leo chun a chinntiú go dtugtar aghaidh orthu ar bhealach íogair, táirgiúil agus sábháilte.

## 5.8 Crainn agus Fóntais

Tá cearta dlí áirithe ag cuideachtaí fóntais chun oibreacha a dhéanamh ar chrainn atá faoi úinéireacht phoiblí nó phríobháideach chun aghaidh a thabhairt ar fhadhbanna sláinte agus sábháilteachta agus chun glanspás a choinneáil idir crainn agus an fearas atá acu. D'fhéadfadh sé go mbeadh caillteanas crann nó baint codanna móra de chrann i gceist leis sin, rud a d'fhágfadh coróin atá anchumtha agus míchothrom agus a laghdódh luach taitneamhachta an chrainn. Baineann cur isteach féideartha suntasach le hoibreacha tochailte laistigh de chrios fréamhacha na gcrann, lena laghdaítear cobhsaíocht agus marthanacht fadtéarmach na gcrann go minic.

Sula ndéanfar oibreacha ar bith, nuair atá gá le hoibreacha ar chrainn mar thoradh ar chóngaracht nó coimhlint, spreagfaidh an Chomhairle na hoibritheoirí fóntais chun an réiteach fadtéarmach is oiriúnaí a ghlacadh, ag cur sláinte an chrainn, clúdach na gcrann áitiúil agus taitneamhacht amhairc san áireamh.

Ní mór do chuideachtaí fóntais dul i gcomhairle leis an rannóg Réimse Poiblí de Chomhairle Contae Átha Cliath Theas roimh oibreacha prúnála, trinseála nó oibreacha de chineál eile, ar dócha go mbeidh tionchar acu ar chrainn atá faoi úinéireacht na Comhairle, agus tagróidh siad do nósanna imeachta agus coinníollacha chóras Treochláir na Comhairle. Beidh siad freagrach as tuiscint a bheith acu ar an mbeartas 'Maireachtáil le Crainn' freisin agus aontóidh siad go gcomhlíonfar na gníomhartha ar fad atá ann chomh maith leis na coinníollacha sin a leagann an Chomhairle amach.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach mór d'úinéirí tí teagmháil dhíreach a dhéanamh leis an soláthraí fóntais má tá údair imní acu maidir le crainn atá i gcoimhlint le fóntais ar leith, m.sh.:

| | |
|---|---|
| **Draenacha agus Uisce:** | Uisce Éireann |
| **Leictreach:** | BSL |
| **Leathanbhanda:** | Baineann go sonrach leis an gceantar agus leis an soláthraí |

Bíonn Ceadúnas Oscailte Bóithre ag teastáil i leith oibreacha ar bith atá á ndéanamh ag conraitheoirí lena mbaineann gné thochailte ar bith.

## 5.9 Crainn a Luacháil agus Cúiteamh a Thabhairt as Damáiste do Chrainn

**Bainfidh an Chomhairle úsáid as foirmle chaighdeánach um Luacháil Crann Taitneamhachta chun crainn sráide na Comhairle ar fad a luacháil agus úsáidfidh sí an fhaisnéis sin chun cuidiú le stoc na gcrann a bhainistiú.**

Le blianta beaga anuas, tá spéis mhéadaithe i dtairbhí na gcrann a mheas agus iad a aistriú ina dtéarmaí airgeadais. Forbraíodh roinnt foirmlí aitheanta amhail na córais CAVAT (Luach Sócmhainne Caipitil do Chrainn Taitneamhachta) agus Helliwell chun ligean d'údaráis luacháil ar stoc na gcrann acu a ullmhú is féidir a úsáid ansin chun údar a thabhairt le bainistíocht na gcrann ar an dóigh chéanna le sócmhainn airgeadais an phobail. Cuireann córas um luacháil crann taitneamhachta méid, fad saoil agus bail an chrainn san áireamh, mar aon le hoiriúnacht láithreáin agus tréithe eile chun luach airgid a chur fáil a úsáidfear chun cabhrú le cinntí bainistíochta a threorú. Is céim mhór chun tosaigh é sin toisc gur smaoiníodh ar bhainistíocht na gcrann agus na gcoillearnach ag údaráis áitiúla go traidisiúnta mar chostas amháin, gan aitheantas ar bith a thabhairt do na tairbhí airgeadais a bhaineann le crainn.

Tá sé tábhachtach go gcuirtear luach airgid ar chrainn Chomhairle Contae Átha Cliath Theas mar gheall ar an ionchur a dhéanann crainn le tírdhreach eacnamaíoch, sóisialta agus timpeallachta an chontae. Má mheastar luach na gcrann ar fad, cumasófar leibhéal tuisceana níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla a chur i bhfeidhm ar chrann áirithe nó ar ghrúpa crann nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi bhainistíocht nó baint na gcrann amach anseo.

Bainfidh an Chomhairle úsáid as córas caighdeánach um luacháil crann taitneamhachta chomh maith chun bunús a chur le ríomh an luacha athsholáthartha do chrainn ar bith a baineadh nó dá ndearnadh damáiste suntasach, agus lorgóidh an Chomhairle an leibhéal cúitimh sin ó eagraíochtaí a fhaightear a bheith freagrach as damáiste den sórt sin.





## 5.10 Crainn Sráide ag Gobadh Amach Os Cionn Ionaid Réadmhaoine in Aice Láimhe / Fréamhacha ag Brú Isteach i nGairdíní

**Ní hiondúil go bprúnálfaidh an Chomhairle crainn a ghobann amach os cionn ionaid réadmhaoine in aice láimhe mura bhfuil na crainn contúirteach nó má tá siad ina gcúis le núis inchaingne.**

Níl aon oibleagáid dhlíthiúil ar an gComhairle chun crainn a ghobann amach a phrúnáil mura bhfuil damáiste díreach á dhéanamh acu do réadmhaoin in aice láimhe nó má tá siad ar tí a bheith contúirteach. Léiríonn sé sin seasamh na Comhairle mar úinéir ar na mílte crann agus na hacmhainní atá ar fáil. Ós rud é go ngobann na mílte crann de chuid na Comhairle os cionn teorainneacha, ní húsáid éifeachtach acmhainní é chun gach géag a ghobann amach a phrúnáil.

Is rud nádúrtha é láithreacht na bhfréamhacha crainn i ngairdíní agus ní dócha go n-imreoidh prúnáil crann tionchar air sin. Mar sin féin, cásanna ina bhfuil fréamhacha crainn ag brú isteach ar bhealach dáiríre ar leibhéal eisceachtúil, dian agus míréasúnta, déileáiltear leo ar bhonn cás ar chás.

Tá úinéirí talún in aice láimhe i dteideal craobhacha nó fréamhacha crainn atá ag brú isteach a phrúnáil siar chuig teorainn a réadmhaoine. Mar sin féin, seans go mbainfidh prúnáil iomarcach na bhfréamhacha de chobhsaíocht an chrainn, rud a bhféadfadh dliteanas a bheith mar thoradh air má thiteann an crann, má fhaigheann sé bás nó má dhéanann sé damáiste do réadmhaoin mar gheall ar phrúnáil na bhfréamhacha. Ó thaobh an dlí de, ceanglaítear orthu na gearrthóga a choinneáil agus iad a thairiscint ar ais don Chomhairle, ach níl sé d'oibleagáid ar an gComhairle glacadh leo.

**Féach ar phointí 5.5 agus 5.30 chomh maith.**

## 5.11 Crainn atá ag Gobadh Amach Os Cionn Réadmhaoin Phríobháideach ón Réadmhaoin Phríobháideach in Aice Láimhe

Má tá crann ag fás ar thalamh atá faoi úinéireacht phríobháideach, bíonn an t-úinéir talún go hiomlán freagrach as an gcothabháil.

Nuair is féidir, áfach, mholfaimis gurb é an bealach is fearr chun fadhbanna le crainn nó fálta atá ag fás in ionaid réadmhaoine in aice láimhe a réiteach ná go labhródh úinéirí réadmhaoine lena gcomharsana agus go ndéanfaí iarracht teacht ar chomhaontú cairdiúil.

## 5.12 Crainn Chontúirteacha faoi Úinéireacht Phríobháideach

Tá dualgas reachtúil ar úinéirí crann agus coillearnaí faoin Acht um Dhliteanas Áititheoirí, 1995 agus Acht na mBóithre, 1993 a gcuid crann a chothabháil chun a chinntiú nach bhfuil siad contúirteach ná i mbail chontúirteach agus nach mbaineann bagairt don phobal leo.

Cuireann alt 70 d'Acht na mBóithre, 1993 oibleagáid ar úinéirí talún agus áititheoirí talún gach cúram réasúnta a ghlacadh chun a chinntiú nach mbaineann contúirt leis na crainn, fálta ná fásra eile atá ag fás ar a dtalamh do dhaoine a úsáideann nó a oibríonn ar bhóthar poiblí, nó nach bhféadfadh contúirt mar sin a bheith ag baint leo amach anseo. I measc na samplaí féideartha de chontúirtí, tá crainn atá marbh nó contúirteach, nó crainn agus fálta a ghobann amach os cionn bóithre, ag blocáil cosán nó ag doiléiriú comharthaí bóthair nó línte radhairc, i.e. radharc an bhóthair os do chionn.

Faoin alt sin, is féidir leis an gComhairle fógra scríofa a sheirbheáil ar úinéir talún nó áititheoir ag éileamh orthu go ndéanfar oibreacha sonraithe laistigh de thréimhse ama a luaitear san fhógra chun sábháilteacht na ndaoine a úsáideann nó a oibríonn ar bhóthar poiblí a chinntiú. Beidh aon úinéir nó áititheoir ar a dteipeann fógra a chomhlíonadh faoin alt sin ciontach i gcion agus is féidir leis an gComhairle an gníomh a shonraítear san fhógra nó gníomh eile is cuí léi a dhéanamh, lena n-áirítear ionchúiseamh. Nuair a mheasann an Chomhairle go mbaineann contúirt láithreach agus thromchúiseach le crann, tor, fál nó fásra eile do dhaoine a úsáideann bóthar poiblí, is féidir léi beart a dhéanamh láithreach bonn chun an chontúirt a laghdú nó a bhaint agus na costais a lorg ó úinéirí talún nuair a bhíonn ar an gComhairle an obair a dhéanamh.

Ba cheart a thabhairt faoi deara freisin go dtugann an tAcht um Rialáil Cumarsáide 2002 agus an tAcht um Rialáil Leictreachais, 1993 údarás do sholáthraithe fóntais chun crainn a phrúnáil.

## 5.13 Crainn atá ag Teagmháil le Réadmhaoin nó atá ina gCúis le Damáiste Díreach di

**Má tá crann atá faoi úinéireacht/bhainistíocht na Comhairle ag teagmháil le do réadmhaoin (teach cónaithe, garáiste srl), déanfaidh an Chomhairle gníomh chun an núis a bhaint.**

Gearrfaidh an Chomhairle crainn siar chun glanspás 2m a chur ar fáil ó ionaid réadmhaoine nuair a dhéanann siad teagmháil le fuinneoga, ballaí, díonta nó gáitéir chun damáiste a sheachaint. An réiteach a bheidh ann i neart cásanna ná go ndéanfaidh an Chomhairle an crann a phrúnáil, ach i gcúinsí áirithe, tá seans go mbeidh sé níos oiriúnaí an crann a leagan. Más cuí an phrúnáil, déanfaimid ár ndícheall tabhairt faoi oibreacha chun stop a chur le hatarlú na faidhbe sna chéad trí bliana eile. Aimseofar cothromaíocht idir an núis a bhí ag daoine aonair agus tairbhí an chrainn don mhórphobal.

## 5.14 Crainn a Cheileann Solas an Lae

**Ní hiondúil go bprúnálfaidh ná go leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun solas an lae ar réadmhaoin a fheabhsú. Déanfar gach cás a mheasúnú ar bhonn a bhuanna féin.**

Faigheann an chomhairle gearáin anois is arís maidir le crainn uirbeacha atá ag cur bac idir an solas agus ionaid réadmhaoine nó a chuireann scáth na gréine ar ghairdíní. Mar sin féin, tá tromchúis na héifeachta sin chomh hathraitheach leis an méid a bhraitear an éifeacht sin a bheith ann, agus is minic gur lú an éifeacht a bheidh ag baint an chrainn ar an méid solais gréine a bhainfidh an teach nó an gairdín amach. Sampla den méid sin is ea nuair atá aghaidh thuaidh ag an teach agus tá an crann beag nó achar uaidh.

Níl aon cheart chun solais faoin dlí agus níl aon oibleagáid dlí ar an gComhairle chun an núis bhraite sin a mhaolú dá bharr sin. Mar sin féin, déileáiltear le cásanna ina bhfuil crann ag cur bac idir solas an lae agus seomraí ar féidir cónaí iontu ar bhealach dáiríre ar leibhéal eisceachtúil, dian agus míréasúnta ar bhonn cás ar chás. Sainítear seomra ar féidir cónaí ann mar sheomraí suí cónaithe, seomraí leapa agus cistineacha (má áirítear spás bia leo agus iad níos mó ná 12.6 méadar cearnach). Fágtar seomraí folctha, leithris, léibhinn agus forsheomraí ar lár. Déanfar gach cás a mheasúnú agus aird ann ar chothromaíocht a aimsiú idir déine na núise don duine aonair agus tairbhí an chrainn don mhórphobal. Ní gnách go ndéanfar prúnáil ach amháin i gcás ina bhfuil an crann ina thoisc shuntasach a chuireann leis an timpeallacht agus go bhfuil seans réasúnta ann go gcuirfidh an phrúnáil feabhas ar an gcás. Le cinneadh ar bith a dhéantar chun tabhairt faoi oibreacha crainn, chuirfí san áireamh sláinte agus tábhacht an chrainn, an méid a chuireann sé le taitneamhacht an phobail i gcoitinne, treoshuíomh an tí, agus cé acu a bhí nó nach raibh an crann ann cheana féin nuair a bhog an t-áititheoir isteach go dtí an réadmhaoin. Rachaidh níos mó tábhachta le scáthú na seomraí ar féidir cónaí iontu in ionad réadmhaoine ná scáthú an ghairdín.

## 5.15 Bac ar Radharc

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun an radharc ó réadmhaoin phríobháideach a fheabhsú.**

TNíl aon cheart dlí chun 'radhairc'. Fásann fásra agus crainn agus cuireann siad le carachtar sainiúil an chontae le himeacht ama. Bheadh sé dodhéanta gach crann a bhfuil tionchar aige ar radharc a phrúnáil agus bheadh mórthionchar diúltach ag prúnáil den sórt sin ar thaitneamhacht an phobail.

Mar sin féin, nuair atá radhairc thíre stairiúla nó radhairc a shainíonn ceantar ann, measfar cothabháil chuí an chrainn chun carachtar an tírdhreacha a chaomhnú.

## 5.16 Crainn a Mheastar a Bheith Rómhór

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht/bhainistíocht na Comhairle toisc gur meastar go bhfuil sé 'rómhór' nó 'ró-ard'.**

D'fhéadfadh sé go mbeadh eagla ar chónaitheoirí roimh mhéid crainn agus go smaoineoidís go bhfuil sé contúirteach. Mar sin féin, ní bhíonn crainn contúirteach ó nádúr díreach toisc go bhfuil siad ard, go bhfuil cuma ard orthu i gcomhthéacs a dtimpeallachta nó go mbogann siad sa ghaoth. Is oiriúnú nádúrtha agus tábhachtach é gluaiseacht na gcrann le linn na gaoithe airde, oiriúnú a chabhraíonn leo séideáin láidre a sheasamh. Is gá fianaise shoiléir a bheith ann ar fhadhbanna struchtúracha nó fadhbanna a bhaineann leis an tsláinte ionas go measfar go bhfuil crann contúirteach.

Faoi láthair, tá cur chuige 'an crann ceart, an áit cheart' á leanúint ag an gComhairle i leith phlandú na gcrann nua, ag roghnú speiceas agus áiteanna go cúramach chun oiriúnacht fhadtéarmach

a chinntiú agus údair imní fhéideartha a bhaineann le méid nó lonnú a íoslaghdú.

## 5.17 Fálta Arda

Níl aon reachtaíocht in Éirinn faoi láthair a rialaíonn airde crann ná fálta. Ní bhíonn an Chomhairle páirteach i bhfadhbanna a bhaineann le hairde na bhfálta ar thailte príobháideacha mura bhfuil siad contúirteach d'úsáideoirí na mbóithre poiblí. Spreagtar cónaitheoirí a bhfuil fadhbanna acu i ndáil le crainn agus fálta ar ionaid réadmhaoine in aice láimhe chun iarracht a dhéanamh na fadhbanna atá idir an dá pháirtí a réiteach nó comhairle dhlí neamhspleách a lorg. Ní mheastar go bhfuil rannpháirtíocht i réiteach díospóidí maidir le crainn agus fálta idir úinéirí talún príobháideacha mar chuid de chúram na Comhairle.

## 5.18 Cabhsaí agus Bealaí Isteach Nua

**Ní hiondúil go dtacóidh an Chomhairle le baint crainn ná le gearradh fhréamhacha an chrainn chun trasnaisc feithiclí a thógáil agus/nó athruithe a dhéanamh ar rochtain ar chabhsa cónaithe.**

Nuair atá leathnú na rochtana atá ann cheana féin nó cruthú rochtana nuaí ar an mbóthar poiblí á mheas, tá cead pleanála de dhíth (faoi réir reachtaíocht leasaithe ar bith). Is í an Rannóg Pleanála a bhainisteoidh an próiseas sin.

## 5.19 Crainn agus Painéil Ghréine

Ní hiondúil go bprúnálfaidh ná go leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht/bhainistíocht na Comhairle chun suiteáil painéil gréine a éascú ná chun solas an lae air a fheabhsú.

Tugann an Chomhairle aitheantas don tábhacht a bhaineann leis an bhfuinneamh in-athnuaite, i ndáil leis na tairbhí timpeallachta agus an luach a thugann sé do thithe aonair araon. Mar sin féin, baineann





tairbhí timpeallachta, aeistéitice, agus éiceolaíochta suntasacha le crainn, crainn lánfhásta go háirithe. Cé go ndéanann painéil ghréine leas do réadmhaoin aonair go príomha, cuireann crainn le folláine an mhórphobail. Dá bharr sin, tá cur chuige cothrom agus comhréireach ríthábhachtach nuair atá coimhlintí á réiteach idir feidhmíocht na bpainéal gréine agus láithreacht na gcrann.

Nuair a chreideann úinéir tí go bhfuil crann ag blocáil nó ag laghdú éifeachtúlacht na bpainéal gréine acu, nó ag cur cosc lena suiteáil, déanfaidh an Chomhairle iniúchadh láithreáin chun an cás a mheas, ag cur tosca lárnacha san áireamh amhail cóngaracht, treoshuíomh agus aghaidh. Más léir go bhfuil tionchar á imirt ag crann atá faoi bhainistíocht na Comhairle, seans go measfaidh an Chomhairle bearta prúnála chun feabhas a chur ar fheidhmíocht na bpainéal gréine fad atá an crann á choinneáil in situ.

Déanfar gach cás a mheasúnú ar a bhuanna aonair féin.

Cé go dtacaíonn an Chomhairle go hiomlán leis an aistriú chuig réitigh fuinnimh in-athnuaite, ní mór di luach agus ionchur fadtéarmach na gcrann don mhórphobal, taitneamhacht áitiúil, bithéagsúlacht, caighdeán aeir agus athléimneacht aeráide a chosaint chomh maith. Spreagtar úinéirí réadmhaoine chun smaoineamh ar láithreacht—agus fás amach anseo—na gcrann in aice láimhe nuair atá suíomh oiriúnach á roghnú acu do shuiteáil na bpainéal gréine.

## 5.20 Crainn ag Imirt Tionchar ar Theilifíseáin, Comhartha Satailíte agus TCI

**Ní hiondúil go bprúnálfaidh ná go leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht/bhainistíocht na Comhairle chun feabhas a chur ar chomhartha teilifíse/satailíte, línte radhairc TCI ná cloigíní dorais nuair nach mbeadh oibreacha de dhíth ar na crainn atá i gceist murach sin.**

Aithníonn an Chomhairle go mbíonn teilifís, siamsaíocht satailíte agus TCI tábhachtach do chónaitheoirí. Mar sin féin, ní mór cothromaíocht a aimsiú idir iad siúd agus an timpeallacht áitiúil. Spreagfaidh an Chomhairle cónaitheoirí chun réitigh mhalartacha réasúnta a lorg chun feabhas a chur ar chomhartha nó línte radhairc seachas prúnáil nó baint crainn a iarraidh.

I measc na n-eisceachtaí féideartha, tá TCI na nGardaí, crainn atá in aice le ceamaraí TCI a dhéanann monatóireacht ar UMBanna nó atá laistigh den réimse radhairc atá á chlúdach chun a chinntiú nach mbaintear de shlándáil phoiblí. Ní mór go gcuirfear crainn atá ann cheana san áireamh le suiteáil ceamaraí TCI nua chun cosc a chur ar iarratais ar oibreacha prúnála neamhriachtanacha nó ar bhaint crann chun feabhas a chur ar línte radhairc inmhianaithe.

## 5.21 Crainn ag Imirt Tionchar ar TCI

**Ní hiondúil go bprúnálfaidh ná go leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht/bhainistíocht na Comhairle chun feabhas a chur ar línte radhairc TCI nó ceamaraí cloigín dorais**

I measc na n-eisceachtaí féideartha, tá TCI na nGardaí, crainn atá in aice le ceamaraí TCI a dhéanann monatóireacht ar UMBanna nó atá laistigh den réimse radhairc atá á chlúdach chun a chinntiú nach mbaintear de shlándáil phoiblí. Ní mór go gcuirfear crainn atá ann cheana san áireamh le suiteáil ceamaraí TCI nua chun cosc a chur ar iarratais ar oibreacha prúnála neamhriachtanacha nó ar bhaint crann chun feabhas a chur ar línte radhairc inmhianaithe.

## 5.22 Coireacht agus Iompraíocht Fhrithshóisialta

**Nuair a bhaineann gníomhaíocht choiriúil agus / nó iompraíocht fhrithshóisialta le crann atá faoi úinéireacht na Comhairle, measfar bearta chun an fhadhb a mhaolú ar bhonn láithreán ar láithreán.**

Nuair a bhaineann gníomhaíocht choiriúil agus / nó iompraíocht fhrithshóisialta le crann, is iondúil go mbeidh comhordú le roinnt gníomhaireachtaí, na Gardaí san áireamh, ag baint leis na céimeanna chun an fhadhb a mhaolú. Ní i gcónaí a bhíonn prúnáil nó leagan crainn ina bhfreagairt ar an bhfadhb.

## 5.23 Titim na nDuilleog

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun titim na nduilleog a bhaint ná a laghdú, ná chun duilleoga tite a bhaint de réadmhaoin phríobháideach.**

Tá caillteanas na nduilleog ó chrainn san fhómhar mar chuid den timthriall nádúrtha agus ní féidir é a sheachaint leis an bprúnáil. Bíonn cothabháil na ngáitéar de fhreagracht ar úinéir na réadmhaoine / talún, agus níl dualgas ar an gComhairle duilleoga a d'fhéadfadh a bheith tite ó chrainn atá faoi úinéireacht na Comhairle a bhaint. Nuair a bhlocáiltear gáitéir go rialta le duilleoga tite, is féidir sciatha gáitéir a fheistiú chun réiteach ar bheagán cothabhála a chur ar fáil. Eagraíonn an Chomhairle seirbhís glanta sráide a scuabfaidh duilleoga ó fhormhór na sráideanna agus na mbóithre cónaithe le linn thréimhse an fhómhair. Spreagtar múiríniú na nduilleog mar bhealach chun an acmhainn luachmhar seo a athchúrsáil ar mhaithe leis an timpeallacht.

## 5.24 Spruadair Ghreamaitheacha ó Dhrúchtín Meala

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun drúchtín meala nó iarmhar greamaitheach a bhaint de chrainn nó a laghdú agus sin amháin.**

Tá speicis crann áirithe soghabhálach i leith aifidí nó feithidí eile a itheann duilleoga, mar shampla crainn líomaí agus seiceamair. Is éard is drúchtín meala ann ná an sú siúcrúil / spruadar greamaitheach a bhíonn mar thoradh ar bheathú na bhfeithidí

agus a gcoilíníonn fungais múscáin súiche ar dhromchlaí ina dhiaidh sin é, rud a fhágann go mbíonn cuma dhubh air. Is fadhb shéasúrach agus nádúrtha é an drúchtín meala, agus bíonn déine na faidhbe éagsúil ó bhliain go bliain ag brath ar na dálaí. Ní mór cothromaíocht a bhaint amach idir míchaoithiúlacht na spruadar drúchtín meala agus tairbhí níos leithne na gcrann agus ní dócha go mbeidh údar le prúnáil ná baint crann mar gheall ar spruadair drúchtín meala dá bharr sin. Moltar do chónaitheoirí a gcuid socruithe féin a dhéanamh chun an fhadhb a íoslaghdú; carr a ní go rialta, an carr a chlúdach nó a pháirceáil áit eile. Nuair a bhíonn tionchar ag an drúchtín meala ar charranna, bainfidh uisce bogthe sobalach an tsubstaint gan stró.

## 5.25 Salachar Éan

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun salachar éan a bhaint nó a laghdú agus sin amháin.**

Is féidir le salachar éan a bheith gránna agus ina chrá croí, ach ní mheastar gur leor an fhadhb mar chúis le crann a phrúnáil ná a bhaint. Is eachtra nádúrtha iad éin a théann ar an bhfara mar aon le táirgeadh an tsalachair acu. De ghnáth, ní mhaolófar an fhadhb má leagtar crann toisc go n-athlonnóidh na héin chuig crann eile sa cheantar. Ní mheasfar prúnáil ná leagan crann mar bhealach chun cúrsaí dá leithéid a réiteach. Is iondúil go mbeidh uisce bogthe sobalach leordhóthanach chun salachar éan a bhaint. Cosnaítear éin atá ag neadú faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, 1976 agus Rialachán um Ghnáthóga I.R. Uimh. 293/2021 - Rialacháin an Aontais Eorpaigh (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú), 2021..

## 5.26 Torthaí / Caora / Cnónna / Bláthanna

**Ní leagfaidh ná ní phrúnálfaidh an Chomhairle crainn atá faoi úinéireacht na Comhairle chun údair imní a bhfuil feiniméin nádúrtha agus/nó shéasúracha ina gcúis leo a mhaolú agus sin amháin, amhail torthaí / caora, cnónna nó bláthanna, feiniméin nach bhfuil smacht aici orthu faoin dlí.**

Is tarluithe nádúrtha agus séasúracha iad na húdair imní a thagann chun cinn maidir le torthaí, caora, cnónna nó bláthanna atá ag titim agus ní aithníonn córas dlí na hÉireann iad mar 'núis dhlíthiúil'. Cé go dtuigimid na fadhbanna seo, meastar gur míchaoithiúlacht sách beag iad nuair a chuirtear san áireamh na tairbhí iomadúla a bhaineann le crainn a bheith laistigh de thimpeallacht uirbeach. Cuirtear fáilte roimh chrainn torthaí amhail crainn úill, crainn silíní agus crainn piorraí i neart suíomhanna as an tairbhe dúbailte a bhaineann leo, is é sin bláthanna san earrach agus torthaí san fhómhar. Fágann sé sin go mbíonn crainn torthaí go maith don fhiadhúlra agus ina bhfoinse bia saor in aisce. Mar sin féin, nuair a bhíonn torthaí atá ag titim ina gcúis le hiompraíocht fhrithshóisialta shuntasach, measfaidh an Chomhairle bearta chun an fhadhb a laghdú, lena n-áirítear cé acu atá nó nach bhfuil baint agus athsholáthar céimnithe le speicis mhalartacha réasúnta. Má tá contúirt ann ar an gcosán poiblí, ba cheart an fhadhb a chur in iúl do rannóg Réimse Poiblí na Comhairle chun glanadh a eagrú.

## 5.27 Crainn agus Caora Nimhiúla

**Níl aon bheartas ginearálta ag an gComhairle chun crainn a thugann torthaí / duilliúr atá nimhiúil (amhail crainn iúir) a bhaint. Mar sin féin, nuair a mhaítear nó nuair is eol gur dócha go nochtfaí páistí óga, faoi mhaoirseacht, do chaora nó do dhuilliúr atá nimhiúil, fiosrófar cásanna den sórt sin agus measfar beart cuí.**

## 5.28 Lotnaid Ainmhithe Fiáine / Feithidí

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun minicíocht lotnaidí amhail beacha, foichí nó ainmhithe fiáine a laghdú.**

## 5.29 Pailin

**Ní phrúnálfaidh ná ní leagfaidh an Chomhairle crann atá faoi úinéireacht na Comhairle chun scaoileadh pailine a bhaint nó a laghdú.**

## 5.30 Prúnáil Fréamhacha Crann

**Ní thabharfaidh an Chomhairle faoi phrúnáil fréamhacha ach amháin nuair nach féidir teacht ar réitigh inoibrithe eile seachas na fréamhacha a scoitheadh agus nuair is féidir toradh soiléir agus dearfach a bhaint amach gan aon damáiste fadtéarmach a dhéanamh don chrann.**

Is iad fréamhacha an chrainn a choinníonn crann sláintiúil agus ina sheasamh. Aimsítear formhór na bhfréamhacha sa chéad 600mm den chré agus is minic a fhásann siad amach níos faide ná airde an chrainn. Má dhéantar damáiste do na fréamhacha, seans go n-éireoidh an crann éagobhsaí nó go bhfulaingeoidh sé dochar dochúlaithe agus go bhfaighidh sé bás ar deireadh thiar.

Is gnách go gcuirtear i gcoinne phrúnáil na bhfréamhacha mar mhodh chun damáiste do réadmhaoin in aice láimhe a mhaolú, amhail ardú bonneagair nó cur isteach ar línte seirbhíse. Is mar gheall ar nádúr dothuartha na n-impleachtaí fadtéarmacha a bhaineann le prúnáil throm agus leanúnach na bhfréamhacha atá sé sin. Prúnálfaidh an Chomhairle fréamhacha crainn ar bith nuair is féidir sula measfar baint an chrainn. Tá ceadú na Comhairle de dhíth sula bprúnáiltear fréamh crainn ar bith atá níos mó ná 25mm ar trastomhas.

Ní mór go mbeadh oibreacha tógála, tochailte nó suiteála ar bith a dhéantar i gcóngar crann i gcomhréir le Caighdeán na Breataine (2012): Crainn i ndáil le Dearadh, Leagan agus Tógáil – Moltaí agus Treoirlínte reatha de chuid NJUG (Grúpa Náisiúnta um Chomhfhóntais na Ríochta Aontaithe) maidir le Pleanáil, Suiteáil agus Cothabháil Fearas Fóntais i gCóngar Crann.

## 5.31 Crainn atá Lonnaithe Feadh Teorainneacha Príobháideacha i bPáirceanna agus Spásanna Oscailte

**Féachfaidh an Chomhairle le pleananna fadtéarmacha um bainistíocht crann i bpáirceanna agus i spásanna oscailte a fhorbairt chun feabhas a chur ar chaighdeán na timpeallachta, mar aon le comharba de chrainn inmharthana shláintiúla a choinneáil.**

De ghnáth, gearrfaidh an Chomhairle crainn atá lonnaithe i bpáirceanna agus limistéir spáis oscailte in aice láimhe siar chun glanspás a chur ar fáil ó theorainneacha na réadmhaoine. D'fhéadfadh go mbeadh sé níos oiriúnaí crainn a leagan i gcúinsí áirithe.

## 5.32 Crainn atá Lonnaithe i nGairdíní Tithíochta atá faoi Úinéireacht na Comhairle

**Tá crainn atá lonnaithe laistigh de ghairdíní cónaithe na tithíochta atá faoi úinéireacht na Comhairle le cothabháil ag tionóntaí mar chuid dá gcomhaontú tionóntachta, seachas i gcásanna atá faoi réir bhreithiúnas na Rannóige Tithíochta.**



# 6 Crainn agus Forbairt

**Is féidir le crainn lánfhásta a bheith ina sócmhainn d'fhorbairt nua. Tugann siad braistint carachtair isteach in áiteanna, agus cuireann siad tírdhreach réamhdhéanta ar fáil. Bíonn sé inmhianaithe crainn a choinneáil i gcónaí, cé go gcailltear go leor crann gach bliain in imeacht na forbartha. Baintear roinnt crann mar gheall ar a mbail nó toisc go bhfuil siad go díreach i mbealach na forbartha. Mar sin féin, cailltear go leor crann mar gheall ar chosaint mhí-oiriúnach le linn chéim na tógála.**

## 6.1 Coinneáil Crann agus Iarchúram ar an Láithreán Forbartha

**Bainfidh an Chomhairle úsáid as a cuid cumhachtaí chun a chinntiú go gcoinnítear a oiread crann agus is féidir ar láithreáin forbartha nua nuair atá sé fabhrach do chuspóirí Phlean Forbartha an Chontae agus do chuspóirí pleanála eile.**

Tá an Chomhairle tiomanta d'fheabhas leanúnach a chur ar an gcaoi a meastar fadhbanna a bhaineann le crainn, bithéagsúlacht agus tírdhreach i ndáil le hiarratais ar fhorbairt nua. Tá brú mór ann chun na deiseanna forbartha atá ar fáil a uasmhéadú agus gnéithe tírdhreacha agus bithéagsúlachta a chosaint agus a fheabhsú ag an am céanna.

Agus iarratais phleanála á bpróiseáil, beidh an Chomhairle ag iarraidh crainn atá ar ardluach taitneamhachta / timpeallachta a choinneáil, agus buanna an chrainn aonair féin agus idirghníomhaíocht an chrainn mar chuid de ghrúpa nó gné thírdhreacha níos leithne á gcur san áireamh.

Measfaidh an Chomhairle úsáid a bhaint as Orduithe Buanchoimeádta Crann i gcomhréir le Treoirlínte Rannóige do chrainn a bhfuil luach taitneamhachta, tírdhreacha nó oidhreachta eisceachtúil leo.

Ní mór go mbeidh an obair ar fad a dhéantar ar láithreáin tógála i gcomhréir le Caighdeán na Breataine 5837 (2012): Crainn i ndáil le Dearadh, Leagan agus Tógáil – Moltaí agus Treoirlínte na Comhairle um Fhorbairt Spáis Oscailte agus Glacadh Faoi Chúram.

Cuirfidh an Chomhairle athsholáthar na gcrann bainte chun cinn le pleanáil agus forbairt cheadaithe na spásanna uirbeacha, na bhfoirgneamh, na sráideanna, na mbóithre, na dtionscadal bonneagair agus na láithreán forbartha príobháideacha a éascú. Is iondúil go gcuirtear athsholáthar na gcrann bainte i bhfeidhm ach 2 chrann ar a laghad a phlandú do gach crann aonair a baineadh ach is féidir é sin a mhéadú de rogha na Comhairle, ag brath ar mhéid agus aois an chrainn atá á bhaint. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach bhféadfaí crainn a athsholáthar sa limistéar ceannann céanna, ach beidh na láithreáin chomh gar don suíomh agus is féidir.

## 6.2 Crainn ar Láithreáin Forbartha

Bíonn gá le Suirbhéanna Crann agus Measúnachtaí Tionchair Crannadóireachta, taobh le Pleananna um Chosaint Crann go luath i bpróiseas na n-iarratas pleanála do láithreáin a bhfuil crainn orthu cheana féin ionas gur féidir suíomh agus grúpáil na gcrann luachmhar a thabhairt isteach i ndearadh an láithreáin. Cuidíonn sé sin lena oiread crann agus is féidir a choinneáil.

Cuirtear ceangail chrainn ar chrainn atá ann cheana ar láithreáin forbartha is fiú a choinneáil ar bhonn rialta, chun a chinntiú go gcosnaítear agus go gcoinnítear iad. Tá ceangail chrainn, nó codanna díobh, leithlisithe ag an gComhairle ó roinnt láithreán nuair nár leor cosaint na gcrann agus cailleadh crainn nó rinneadh damáiste dóibh mar thoradh air sin.

## 6.3 Forbairt na Timpeallachta Tógtha (lena n-áirítear Síntí Cónaithe nó Forbairtí Forthí) i gCóngar Crann Seanbhunaithe

**Sa chás go bhfuil crainn laistigh de láithreán iarratais pleanála atá beartaithe nó ar thalamh atá in aice leis a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhforbairt mholta nó tionchar na forbartha a bheith á imirt orthu, lena n-áirítear crainn sráide atá faoi úinéireacht nó bainistíocht ag an gComhairle, ní mór go mbeadh aighneacht mhionsonraithe san áireamh leis an iarratas pleanála arna hullmhú ag Crannadóir atá cáilithe go hoiriúnach i gcomhréir le Caighdeán na Breataine 5837: 2012 'Crainn i ndáil le Dearadh, Leagan agus Tógáil – Moltaí'.**

Measfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas cosaint na gcrann atá ann cheana féin nuair atá cead pleanála á bhronnadh ar mhionfhorbraíochtaí agus ar mhórfhorbraíochtaí agus féachfaidh sí le coinneáil, caomhnú agus bainistíocht uasta na gcrann, na ngrúpaí crann agus na bhfálta a chinntiú.

Nuair a mholtar forbairt, tá sé ríthábhachtach go meastar na crainn atá ann cheana sna céimeanna dearaidh is luaithe agus roimh iarratas ar bith ar chead pleanála a chur isteach. Ní mór go measfaí fréamhchórais, gais agus ceannbhrait i ngach tionscadal mar aon le gluaiseacht agus fás amach anseo a chur san áireamh.

Ó thaobh na n-iarratas ar fad ar mhionfhorbairt agus ar mhórfhorbairt ina bhféadfadh sé go n-imreofaí tionchar ar chrainn, ní mór go mbeadh an fhaisnéis seo thíos in éineacht leis an iarratas agus í ullmhaithe ag Crannadóir atá cáilithe go hoiriúnach (a bhfuil saineolas





aige/aici trí oideachas, oiliúint agus taithí ábhartha i réimse na gcrann i ndáil le cúrsaí tógála) i gcomhréir le Caighdeán na Breataine 5837: 2012 'Crainn i ndáil le Dearadh, Leagan agus Tógáil – Moltaí':

- Suirbhé ar chrainn
- Measúnacht tionchair crannadóireachta
- Ráiteas ar mhodh crannadóireachta
- Plean coinneála/bainte crann
- Plean um chosaint crainn

Details of retained trees and Root Protection Areas shown on tl measc sonraí na gcrann coinnithe agus na Limistéar um Chosaint Fréamhacha a léirítear ar an leagan amach molta, tá sonraí na gcrann atá lonnaithe laistigh de láithreán molta an iarratais pleanála nó ar thalamh, ar shráid nó ar thaobh an bhóthair in aice le láithreán iarratais a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an bhforbairt mholta nó tionchar na forbartha a bheith á imirt orthu.

Mar chuid de mheasúnú an iarratais, cuirfidh an Chomhairle foirmle chaighdeánach um Luacháil Crann Taitneamhachta i bhfeidhm chun na costais iomlána a bhaineann le baint, coinneáil nó athsholáthar na gcrann ar leith a bhaineann leis an ngníomhaíocht forbartha a fháil amach. Má tá meath ag teacht ar bhail crainn agus tá ionchas saoil an chrainn gearr, seans go measfar baint an chrainn chun ligean don fhorbairt nua. Beidh baint agus athsholáthar na gcrann ar chostas an iarratasóra agus athphlandófar crann nó crainn nua chomh gar don chrann bunaidh agus is féidir. Is iondúil go gcuirtear athsholáthar na gcrann bainte i bhfeidhm ach 2 chrann ar a laghad a phlandú do gach crann aonair a baineadh ach is féidir é sin a mhéadú de rogha na Comhairle, ag brath ar mhéid agus aois an chrainn atá á bhaint. Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach bhféadfaí crainn a athsholáthar sa limistéar ceannann céanna, ach beidh na láithreáin chomh gar don suíomh agus is féidir.

Is é crannadóir atá cáilithe go hoiriúnach a dhéanfaidh cibé oibreacha crainn ar bith atá de dhíth roimh, le linn nó tar éis an chríochnaithe.

Is é an t-iarratasóir a íocfaidh as costas na n-oibreacha crainn. Aontófar oibreacha molta ar bith le Rannóg Réimse Poiblí na Comhairle roimh thosú na forbartha.

## 6.4 Plandú Crann ar Láithreáin Forbartha

Cinnteoidh an Chomhairle go mbeidh plandú crann ar láithreáin forbartha leordhóthanach agus cuí trína iarraidh go gcuirfear isteach moltaí tírdhreachaithe agus pleananna chun moltaí plandaithe crann a chuimsiú mar chuid d'iarratas pleanála.

Leagtar amach sa Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha (2013) an chaoi a bhfuil crainn sráide ina gcuid dhílis de dhearadh sráide mar go gcuireann siad leis an mbraistint imfhálaithe, go bhfeidhmíonn siad mar mhaolán do thorann/thruailliú tráchta agus go gcuireann siad leis an mbraistint áite. Is féidir éifeacht maolaithe tráchta a bhaint amach freisin, i gcás ina gcuirtear crainn i sraitheanna leanúnacha agus ina sáraíonn a gceannbhrait, go páirteach ar a laghad, an carrbhealach feithiclí. Is féidir crainn sráide a úsáid freisin chun inléiteacht a fheabhsú trí bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le bealaí a nascadh agus idirdhealú a dhéanamh idir limistéar amháin agus limistéar eile trí éagsúlachtaí ó thaobh méide agus roghnú speiceas de.

## 6.5 Orduithe Buanchoimeádta Crann (TPO)

Is é Ordú Buanchoimeádta Crann (TPO) a dhéanamh an príomhshásra atá ar fáil d'údarás pleanála chun a chinntiú go gcaomhnaítear crainn atá thar a bheith luachmhar. Is le halt 205 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 a sholáthraítear an creat dlí agus na nósanna imeachta a bhaineann le TPO a dhéanamh.

Cuireann Ordú Buanchoimeádta Crann (TPO) ar chumas na n-údarás áitiúil aon chrann aonair nó grúpa crann a chaomhnú agus iad a thabhairt faoi rialú pleanála. Ní dhéantar orduithe buanchoimeádta crann ach amháin má tá an chuma ar an scéal gur gá crann nó grúpa crann a chosaint ar mhaithe le taitneamhacht sa timpeallacht.

Tugann bunú TPO an crann/na crainn ainmnithe faoi smacht pleanála agus bíonn srianta i bhfeidhm. Ní mór cead a lorg ón údarás pleanála sula ngearrtar, sula leagtar nó sula mbaintear an barr de chrann ar bith lena ngabhann TPO. Sa chás go molann an t-údarás ordú, ní mór dó fógra a fhoilsiú i nuachtán amháin nó níos mó. Is féidir barúlacha a chur in iúl agus aighneachtaí a dhéanamh don údarás pleanála laistigh de thréimhse nach lú ná 6 seachtaine. Ní dhéantar orduithe buanchoimeádta crann ach amháin i ndiaidh don údarás áitiúil dianmhachnamh a dhéanamh ar na haighneachtaí agus na barúlacha ar fad a chuirtear in iúl dó.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara, faoi alt 267 (12) den Acht um Pleanáil, 2024 atá beartaithe, gur féidir leis na comhaltaí:

**'iarraidh ar an údarás pleanála go ndéanfar ordú i gcomhréir le fo-alt (4) nó (8) agus is féidir leis an údarás pleanála déanamh amhlaidh nuair a mheasann sé gur cuí leis'.**

Níl an tAcht i bhfeidhm go fóill, áfach, le linn shaolré an Bheartais seo, cinnteoidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas go gcomhlíonfar an treoir agus an reachtaíocht reatha, cothrom le dáta agus ábhartha ar fad.

Faoi láthair, tá ceithre TPO i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath theas, mar a leanas

| Ordú | Suíomh |
|---|---|
| TPO Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath 1973 | St. Brigids (ar a thugtar Newlands Garden Centre anois), Bóthar Nua, Cluain Dolcáin, Baile Átha Cliath 22 |
| TPO Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath 1987 | Mulláin Beaufort, Ráth Fearnáin, Baile Átha Cliath 14 |
| TPO Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath 1990 | Bailte Fearainn de Ghleanntán an Choiréil agus Plásóg an tSrutháin, Baile Phámar, Baile Átha Cliath 10 |
| TPO Chomhairle Contae Átha Cliath Theas (Láithreán Chúil Amra) 2015 | Bóthar an Chaisleáin Nua, Leamhcán |

# 7 Maireachtáil le Crainn - Plean Gníomhaíochta 2026-2031

## Cuspóirí

- **Leanúint le clár um bainistíocht réamhghníomhach crann a chur i bhfeidhm**
- **Chun ceannbhrat crann an Chontae a leathnú**
- **Chun clár feasachta agus oideachais phoiblí a chur i bhfeidhm**

**• Cuspóir 1 - Leanúint le clár um bainistíocht réamhghníomhach crann a chur i bhfeidhm**

| Tag | Gníomh | Tomhas | Cé | Cathain |
|---|---|---|---|---|
| 1.1 | Leanúint le suirbhéireacht a dhéanamh ar gach crann sráide sa Chontae | Líon na gcrann a ndearnadh suirbhéireacht orthu | Gníomhú ar son na hAeráide | Leanúnach |
| 1.2 | Obair a dhéanamh le soláthraithe fóntais agus bonneagair ar bhonn réigiúnach chun déileáil le crainn nuair is gá | Nósanna imeachta agus prótacail aontaithe leis na soláthraithe fóntais | Gníomhú ar son na hAeráide | Leanúnach |
| 1.3 | Athbhreithniú bliantúil ar an bPlean Gníomhaíochta maidir leis an mBeartas um Bainistíocht Crann a chur i láthair | Athbhreithniú Bliantúil críochnaithe | Gníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |
| 1.4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar an mBeartas um Bainistíocht Crann 2031-2036 agus Beartas nua a dhréachtú | Athbhreithniú 5 bliana críochnaithe | Gníomhú ar son na hAeráide | 2031 |



## • Cuspóir 2 - Ceannbhrat crann an Chontae a leathnú

| Tag | Gníomh | Tomhas | Cé | Cathain |
|---|---|---|---|---|
| 2.1 | An clár plandaithe crann bliantúil a thabhairt cothrom le dáta agus a chur i bhfeidhm | Líon na gcrann a cuireadh | Gníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |
| 2.2 | Leanúint le coillearnacha a fhorbairt i bpáirceanna agus i spásanna oscailte | Ceannbhrat crann méadaithe/Líon na gcrann a plandaíodh | Gníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |
| 2.3 | Úsáid a bhaint as cumhachtaí pleanála na Comhairle chun crainn a choinneáil agus a chosaint ar láithreáin forbartha agus iad a fhorfheidhmiú nuair is gá | Athbhreithniú bliantúil | Gníomhú ar son na hAeráide | Leanúnach |
| 2.4 | Athbhreithniú a dhéanamh ar Orduithe Buanchoimeádta Crann atá ann cheana | Athbhreithniú Bliantúil | Gníomhú ar son na hAeráide | Leanúnach |
| 2.5 | Úsáid a bhaint as córas Helliwell chun crainn sráide na Comhairle a luacháil nuair is gá | Bíonn luach cruinn ag gach crann | Gníomhú ar son na hAeráide | De réir mar is gá |
| 2.6 | Nósanna imeachta agus prótacail a aontú le comhpháirtithe chun cosaint na gcrann atá faoi úinéireacht na Comhairle ar dhamáiste inseachanta a dhaingniú | Aontaíodh nósanna imeachta agus prótacail le Rannóga inmheánacha den Chomhairle agus le gníomhaireachtaí seachtracha | Gníomhú ar son na hAeráide | Leanúnach |
| 2.7 | Leanúint le monatóireacht a dhéanamh ar ionchur na gCrann atá faoi úinéireacht na Comhairle i dtreo an Athraithe Aeráide agus na Gabhála Carbóin | Comhoibriú le rannóga agus grúpaí spéise eile | Gníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |

## • Cuspóir 3 - Clár feasachta agus oideachais phoiblí faoi chrainn a ullmhú agus a chur i bhfeidhm

| Tag | Gníomh | Tomhas | Cé | Cathain |
|---|---|---|---|---|
| 3.1 | Seachtain na gCrann agus Lá na gCrann a chur chun cinn | Líon na ngníomhaíochtaí mar chuid de Sheachtain na gCrann agus Lá na gCrann a eagraítear gach bliain | Gníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |
| 3.2 | Feachtas faisnéise faoi chrainn ar na meáin shóisialta a ullmhú | Líon na bpostálacha | Gníomhú ar son na hAeráide | Bliantúil |
| 3.3 | Físeán/físeáin faisnéise a ullmhú faoi chrainn agus an tábhacht a bhaineann leo | Líon na n-amharc | Gníomhú ar son na hAeráide | Le nuashonrú |

# 8 Aguisíní

## Aguisín 1: Liosta Samplach de na Speicis Crann atá Oiriúnach lena bPlandú

Treoraítear roghnúchán na gcrann sráide de réir an mhéid a bheidh siad agus iad lánfhásta, éileamh ar uisce, chruth na corónach, riachtanais bhainistíochta amach anseo agus oiriúnacht don suíomh. Is treoir maidir leis na cineálacha speiceas a mheastar a bheith oiriúnach do phlandú sráide atá sa mhéid seo a leanas. Ní liosta uileghabhálach é seo agus d'fhéadfadh sé go mbeadh crainn eile chomh hoiriúnach céanna.

### Crainn Taispeántais atá Oiriúnach do Phlandú Spáis Oscailte

| Ainm Laidineach | Ainm coitianta |
|---|---|
| Acer pseudoplatanus 'Spaethii' | Mailp |
| Betula pendula | Beith Gheal |
| Betula pubescens | Beith Chlúmhach |
| Aesculus hippocastanum | Crann cnó capaill |
| Alnus cordata | Fearnóg Iodálach |
| Alnus glutinosa | Fearnóg |
| Alnus incana | Fearnóg Liath |
| Betula ermanii | Beith Erman |
| Castanea sativa | Castán |
| Cedrus atlantica 'Glauca' | Céadar gorm Atlais |
| Cedrus libani | Céadar na Liobáine |
| Fagus sylvatica | Feá |
| Fagus sylvatica 'Atropurpurea' | Feá rua |

### Crainn Taispeántais atá Oiriúnach do Phlandú Spáis Oscailte (ar lean)

| Ainm Laidineach | Ainm coitianta |
|---|---|
| Juglans regia | Crann gallchnó |
| Pinus sylvestris | Péine Albanach |
| Platanus x acerifolia | Plána Londan |
| Prunus 'Shirotae' | Crann silíní Shliabh Fuji |
| Prunus padus | Donnroisc |
| Prunus avium | Crann silíní fiáin |
| Prunus 'Yedoensis' | Crann blátha silíní Yoshino |
| Pterocarya fraxinifolia | Cnó eiteach Cugasach |
| Quercus ilex | Dair Thoilm |
| Quercus robur | Dair Ghallda |
| Quercus petraea | Dair Ghaelach |
| Robinia pseudoacacia | Crann lócaiste |
| Tilia x euchlora | Teile |
| Tilia cordata | Teile bheag |
| Crataegus laevigata 'Paul's Scarlet' | Sceach Gheal |
| Sorbus aria 'Lutescens' | Fionncholl |
| Sorbus aria Majestica' | Fionncholl |
| Sorbus aucuparia | Fionncholl |
| Malus sylvestris | Crann Fia-úll |
| Ulmus 'Lobel | Leamhán |

### Speicis Crann atá Oiriúnach do Phlandú Sráide

| Latin Name | Common Name |
|---|---|
| Acer campestre ‘Elsrijk’ | Mailp |
| Acer campestre ‘Streetwise’ | Mailp |
| Acer platanoides ‘Globosum’ | Mailp |
| Amelanchier arborea 'Robin Hill' | Sceach na Sead |
| Betula albosinensis 'Fascination' | Beith Shíneach |
| Betula pendula | Beith Gheal |
| Betula pubescens | Beith Chlúmhach |
| Carpinus betulus ‘Frans Fontaine’ | Crann Sleamhain |
| Crataegus laevigata ‘Paul’s Scarlet’ | Sceach Gheal |
| Sorbus aria 'Lutescens' | Fionncholl |
| Sorbus aria Majestica’ | Fionncholl |
| Sorbus aucuparia | Caorthann |
| Sorbus intermedia 'Brouwers' | Fionncholl Lochlannach |




### Crainn atá Oiriúnach do Ghairdíní Uirbeacha


| Ainm Laidineach | Ainm coitianta |
|---|---|
| Arbutus unedo | Caithne |
| Acer palmatum ‘Atropurpureum’ | Mailp Sheapánach |
| Acer davidii | Mailp nathairchoirteach |
| Acer griseum | Mailp choirtpháipéarach |
| Amelanchier lamarckii | Úlláinséar |
| Crataegus orientalis | Sceach an Oirthir |
| Cercis canadensis 'Forest Pansy' | Bachlóg Dhearg |
| Malus ‘Golden Hornet’ | Crann fia-úll |
| Malus ‘Royalty’ | Crann fia-úll |
| Prunus 'Amanogawa' | Crann silíní |
| Sorbus vilmorinii | Caorthann |

Nóta: Rinneadh crostagairt idir na liostaí seo agus Beartais eile de chuid na nÚdarás Áitiúil, a mheastar i ndáil le taithí oibre na Comhairle chomh maith le doiciméid sheachtracha amhail liosta crann don todhchaí de chuid Forestry England: Speicis crann don todhchaí | Forestry England. Bíonn an Chomhairle i gcónaí ag iarraidh a oiread crann dúchasach agus is féidir a phlandú.


# AGUISÍN 2: Treoirlínte an Ghrúpa Náisiúnta um Chomhfhóntais (RA) maidir le Pleanáil, Suiteáil agus Cothabháil Fearas Fóntais i gCóngar Crann

## Figiúr 1 – Crios um Chosaint Crainn





**Stoc crainn**




**Ceannbhrat nó clúdach na gcraobhacha**



**Crios Coiscthe – 1 mhéadar ón stoc**
Ní ceadmhach tochailt de chineál ar bith a dhéanamh laistigh den chrios seo mura ndéantar comhairliúchán iomlán le hOifigeach Crann an údaráis áitiúil. Ní ceadmhach ábhair, plandaí agus cré a stóráil laistigh den chrios.



**Crios réamhchúramach – 4 x trastomhas an chrainn**
Ba cheart go gcuirfí cosc le húsáid gléasra tochailte mheicniúil nuair is gá tabhairt faoi oibreacha tochailte laistigh den chrios seo. Ba cheart go nglacfaí réamhchúraimí chun aon fhréamh nochta a chosaint. Téigh i mbun plé le hOifigeach Crann an údaráis áitiúil má tá aon amhras ort.



**Crios ceadaithe – lasmuigh den chrios réamhchúramach**
Is féidir oibreacha tochailte a dhéanamh laistigh den chrios seo, áfach, ní mór go mbeifeá ar d'fhaichill agus go mbeadh teorainn le húsáid gléasra mheicniúil.
Ba cheart aon fhréamh nochta a chosaint.

## FRÉAMHACHA A CHOSAINT - RUDAÍ IS CEART AGUS NACH CEART A DHÉANAMH

Tá trí chrios ainmnithe thart timpeall ar chrann, ag a mbíonn a chuid critéar féin maidir le cleachtais oibre.

### AN CRIOS COISCTHE

**Ná** etochail laistigh den chrios seo.

**Ná** húsáid cineál ar bith de ghléasra meicniúil laistigh den chrios seo

**Ná** stóráil ábhair, gléasra ná trealamh laistigh den chrios seo.

**Ná** bog gléasra ná feithiclí laistigh den chrios seo.

**Ná** luigh ábhair i gcoinne an stoic ná gléasra a cheangal de le slabhra.

**Déan** teagmháil le hoifigeach crainn an údaráis áitiúil nó le húinéir an chrainn mura féidir tochailt laistigh den chrios seo a sheachaint.

**Cosain** fréamhacha nochta ar bith a aimsítear laistigh den chrios seo le sacéadach tirim.

**Aislíon** le meascán d'ábhar gráinneach támh agus barrithir a luaithe agus is féidir tar éis chríochnú na n-oibreacha.

**Cuir** aon damáiste in iúl d'oifigeach crann an údaráis áitiúil nó d'úinéir an chrainn.

### AN CRIOS RÉAMHCHÚRAMACH

**Ná** tochail le hinnealra. Nuair nach féidir an tochailt a sheachaint laistigh den chrios seo, tochail de láimh amháin nó bain úsáid as teicnící gan trinse.

**Ná** gearr fréamhacha atá níos mó ná 25mm ar trastomhas, mura lorgaíodh comhairle ó oifigeach crann an údaráis áitiúil.

**Ná** bog / húsáid gléasra meicniúil trom arís agus arís eile seachas ar sheasamh crua.

**Ná** stóráil cartadh ná ábhar tógála, lena n-áirítear ceimiceáin agus breoslaí, laistigh den chrios seo.

**Ná** prúnáil fréamhacha atá le baint trí úsáid a bhaint as uirlis ghéar (m.sh. miondeimheas nó sábh láimhe). Déan gearradh glan agus fág an chréacht is lú is féidir.

**Aislíon** an trinse le meascán d'ábhar gráinneach támh agus barrithir. Dlúthaigh an t-aislíonadh go cúramach thart timpeall ar na fréamhacha coinnithe.

**Aislíon** le cré thochailte amháin ar láithreáin nach láithreáin mhórbhealaigh iad.

**Cosain** fréamhacha nochta ar bith le sacéadach tirim agus cinntigh go mbainfear é roimh an aislíonadh.

**Cuir** aon damáiste in iúl d'oifigeach crann an údaráis áitiúil nó d'úinéir an chrainn.

### AN CRIOS CEADAITHE

**Ná** gearr fréamhacha atá níos mó ná 25mm ar trastomhas, mura lorgaíodh comhairle ó oifigeach crann an údaráis áitiúil.

**Bí** cúramach má tá sé fíor-riachtanach gléasra meicniúil a oibriú laistigh den chrios seo.

**Ná** prúnáil fréamhacha atá le baint trí úsáid a bhaint as uirlis ghéar (m.sh. miondeimheas nó sábh láimhe).

**Déan** gearradh glan agus fág an chréacht is lú is féidir.

**Cosain** fréamhacha nochta ar bith le sacéadach tirim agus cinntigh go mbainfear é roimh an aislíonadh.

**Cuir** aon damáiste in iúl d'oifigeach crann an údaráis áitiúil nó d'úinéir an chrainn.

## Aguisín 3: Cód Cleachtais d'Iniúchtaí ar Chrainn sula dTugtar faoi Oibreacha i gcomhair Éin atá ag Neadú

Is é an tAcht um Fhiadhúlra, 1976 (arna leasú in 2000) an phríomhreachtaíocht a chosnaíonn éin atá ag neadú in Éirinn. Is cion é san Acht aon éan fiáin a mharú, a ghortú nó a thógáil agus aon nead atá in úsáid nó atá á chur le chéile a thógáil, a dhamáistiú nó a dhíothú. I dtéarmaí ginearálta, is féidir a bheith ag súil leis go mbeidh neadú éan ar siúl in Éirinn idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa.

Ní mór do chriúnna cothabhála crann Chomhairle Contae Átha Cliath agus conraitheoirí atá ag oibriú thar ceann na Comhairle iniúchtaí a dhéanamh ar chrainn sula dtugtar faoi oibreacha i

gcomhair fiadhúlra agus éin atá ag neadú i gcomhréir leis na moltaí dea-chleachtais. Cuireann Tábla 1 seicliosta ar fáil d'iniúchtaí réamhoibre i gcomhair éin atá ag neadú.

Le linn shéasúr neadaithe na n-éan, ba cheart go gcloífí leis na nósanna imeachta ginearálta seo a leanas:

- Beidh cosc ar obair laistigh d'fhásra dlúth (mura dtreoraíonn an Garda Síochána a mhalairt).
- Plandaí aonair is féidir a fheiceáil ina n-iomláine a bheidh sna crainn agus toir a bhfuil obair á déanamh orthu.
- Comhlíon an seicliosta "An méid atá le déanamh roimh oibreacha ar chrainn" - féach Tábla 1.
- Comhlánaigh an fhoirm iniúchta láithreáin - féach Tábla 2.
- Má tá an crann/tor roghnaithe mar chuid de ghrúpa nó díreach in aice le crann/toir, ba cheart iniúchadh a dhéanamh orthu siúd i gcomhair neadacha chomh maith. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go nochtfaí nead d'athrú ar mhiocraeráidí nó do chreachadóirí dá leagfaí crann amháin.
- Má fheictear nead ghníomhach nó nead atá á tógáil ag am ar bith, ní mór nach ndéanfar obair ar an gcrann/tor.
- Má fheictear nead agus is léir go bhfuil sí sean nó tréigthe (níl sí á coinneáil/tá sí ag titim as a chéile nó is léir nach bhfuil sí in úsáid – beidh an t-am den bhliain ina thoisc), is féidir an crann/tor a leagan.
- Ó thaobh na gcrann aibí atá níos mó de, ba cheart go mbeadh sé mar aidhm againn obair a dhéanamh ar na crainn sin lasmuigh den séasúr neadaithe rialta. Mar sin féin, ar chúiseanna sláinte agus sábháilteachta nó má táthar ag freagairt do dhamáiste gaoithe, ba cheart go leanfaí leis an obair go cúramach. Ba cheart go ndéanfaí breathnóireacht leanúnach ar an gcrann i gcomhair neadacha agus gníomhaíochtaí éin.
- Ba cheart go mbreathnófaí ar phoill sa stoc/sna craobhacha le hamhras, agus ba cheart go n-úsáidfí gach beart atá ar fáil (m.sh. déshúiligh, ardaitheoir) chun tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar ghnéithe den sórt sin. Má fhaightear amach go bhfuil nead i gcrann atá i mbail chontúirteach, ba cheart go leanfaí leis an obair gan cur isteach ar an nead nuair is féidir agus í a dhéanamh chomh tapa agus is féidir. Nuair atá an seans ann go gcuirfear isteach go fisiceach ar an nead, ba cheart go lorgófaí comhairle ón tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS).
- Baineann deiseanna neadaithe le crainn tite agus craobhacha sraoilleacha i limistéir uisce d'éin uisce amhail Cearca Ceannann agus Foithigh. Is iondúil nár cheart obair a dhéanamh ar chrainn agus fásra cois uisce le linn an tséasúir neadaithe. Más gá obair a dhéanamh ar chrainn nó ar fhásra dá leithéid (m.sh. fadhbanna sláinte agus sábháilteachta), féach ar an gcrann/gcraobh/bhfásra óna oiread aghaidheanna agus is féidir ar dtús chun aon nead a aithint, lena n-áirítear faoi bhrainseáil/fásra ar bith cois uisce.
- I gcás na dtor, speicis shíorghlasa amhail Labhras go háirithe (an crann is fearr leis an lon dubh), scar na craobhacha óna chéile de réir mar is gá agus féach i limistéir lárnacha an toir le haghaidh neadacha.
- Nuair atá fás an tséasúir reatha á bhearradh de thoir nó d'fhálta a fhástar go foirmiúil, ba cheart iniúchadh a dhéanamh lena gcuimsítear bogadh agus scaradh fisiceach, mar aon le hiniúchadh amhairc ar na limistéir atá le gearradh. Ba cheart leanúint le hoibríochtaí i limistéir den sórt sin go cúramach agus go mbeadh na hoibritheoirí ullamh chun stopadh má fheiceann siad aon rud a chuireann imní orthu maidir le gluaiseacht nó gníomhaíocht éan.

## Tábla 1. Seicliosta Iniúchta sula dTugtar faoi Oibreacha i gcomhair Gníomhaíochtaí Neadaithe Éan

| **Measúnú do Ghníomhaíochtaí Neadaithe Éan<br>Seicliosta den Mhéid atá le Déanamh roimh Obair a Dhéanamh ar Chrainn** | |
|---|---|
| **Gníomh** | **Ticeáil nuair atá an tasc críochnaithe** |
| 1. Féach siar ar an gcrann, ag féachaint suas agus síos an crann le haghaidh comharthaí neadaithe. | |
| 2. Siúil timpeall an chrainn go mall, ag déanamh iniúchadh i gcomhair comharthaí neadaithe arís | |
| 3. Téigh faoi bhun an chrainn, agus siúil timpeall air go mall arís ag faire amach do neadacha. | |
| 4. Féach ar an talamh le haghaidh dlús salachair ar dhath bán, seiceáil an fásra os do chionn arís ansin. | |
| 5. Ba cheart go mbreathnófaí ar phoill sa stoc/sna craobhacha le hamhras, agus ba cheart go n-úsáidfí gach beart atá ar fáil (m.sh. déshúiligh, ardaitheoir) chun tuilleadh fiosrúcháin a dhéanamh ar ghnéithe den sórt sin. | |
| 6. Agus tú ag siúl trí limistéar, bí ag faire amach d'éin atá ag eitilt amach as fásra in aice leat agus ag tabhairt amach duit go dian; seans go mbeadh nead acu in aice láimhe. | |
| 7. Suigh go ciúin agus bí ag faire amach d'éin a d'fhéadfadh a bheith ag tabhairt ábhar neide nó bia chuig áit amháin arís agus arís eile. Bíonn an claonadh ag éin a neadacha a chur díreach ar íochtar cheannbhrat an chrainn agus ag an áit a dtagann craobhacha le chéile. | |
| **Nuair a Aimsítear Nead Ghníomhach – Cuir an obair ar athlá!** | |

## Tábla 2: Foirm iniúchta láithreáin chun cuardaigh ar ghníomhaíocht neadaithe éan a bhaineann le hobair a dhéantar ar chrainn agus ar thoir i séasúr neadaithe na n-éan a thaifeadadh (1 Márta – 31 Lúnasa)

| Measúnú do Ghníomhaíochtaí Neadaithe Éan | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| **Dáta** | | **Am** | | | | |
| Ainm an chigire | | | | | | |
| Suíomh | | | | | | |
| Cur síos ar an gcrann/tor | | | | | | |
| Cur síos ar an láithreán | | | | | | |
| Cur síos ar an teicníc iniúchta | Iniúchadh Talún | Iniúchadh Ardaitheora | | | | |
| | | | | | | |
| Fianaise amhairc de ghníomhaíocht neadaithe éan | Breathnóireacht Fhisiceach | | Neadacha Fisiceacha | | Bianna | |
| | Nead Ábhair | | Salachar | | Cuasa | |
| Barúlacha Deiridh | | | | | | |
| Sínithe | | | | | | |

## Aguisín 4: Sliocht ón Lámhleabhar Deartha do Bhóithre agus Sráideanna Uirbeacha

mbraistint imfhálaithe, go bhfeidhmíonn siad mar mhaolán do thorann/thruailliú tráchta agus go gcuireann siad leis an mbraistint áite. Is féidir éifeacht maolaithe tráchta a bhaint amach freisin, i gcás ina gcuirtear crainn i sraitheanna leanúnacha agus ina sáraíonn a gceannbhrait, go páirteach ar a laghad, an carrbhealach feithiclí. Is féidir crainn sráide a úsáid freisin chun inléiteacht a fheabhsú trí bhéim a leagan ar an tábhacht a bhaineann le bealaí a nascadh agus idirdhealú a dhéanamh idir limistéar amháin agus limistéar eile trí éagsúlachtaí ó thaobh méide agus roghnú speiceas de. Ba cheart plandú crann a mheas mar chuid lárnach de dhearadh sráide.

De ghnáth, ba cheart go mbeadh méid na speiceas a roghnaítear i gcomhréir le leithead na sráide.

- Is iad na speicis níos mó, a bhfuil clúdach ceannbhrait atá níos mó ná 6m acu is fearr a oirfidh do shráideanna níos leithne, amhail sráideanna Artaireacha agus Nasctha.
- Is iad na speicis níos lú a bhfuil clúdach ceannbhrait idir 2–6m acu is fearr a oirfidh do shráideanna níos cúinge amhail sráideanna Áitiúla.
- Seans go mbeadh dearthóirí ag iarraidh an cur chuige seo a athrú chun teacht le tréithe áite.
- Mar shampla: D'fhéadfadh sé go mbeadh plandú gann níos oiriúnaí i Lár Bhaile, ag feabhsú na dtréithe uirbeacha atá aige.
- Seans go mbeadh speicis níos lú níos oiriúnaí nuair atá foirgnimh lonnaithe i gcóngar charrbhealach imeall na sráide (i.e. chun caitheamh scáile agus srianta fáis a chur san áireamh).
- Seans go mbeadh speicis níos mó inmhianaithe laistigh de bhruachbhailte chun feabhas a chur ar an gcarachtar níos glaise a bhaineann leis na háiteanna sin.

Le bheith éifeachtach, ba cheart crainn a phlandú agus bearnaí 14–20m idir eatarthu. Is féidir é sin a leathnú go tréimhsiúil chun suiteáil áiseanna sráide eile a éascú, amhail soilsiú. Ba cheart do dhearthóirí an tionchar a bheidh ag fás na bhfréamhacha a mheas chomh maith. Seans go mbeadh gá le fréamhacha an chrainn a choinneáil faoi smacht laistigh de phoill chrainn aonair, stráicí leanúnacha plandaithe ithreach nó úsáid a bhaint as modhanna eile chun srian a chur leis an bhfás faoi chosáin/i dtreo seirbhísí.

## Aguisín 6: Tagairtí agus Foinsí Faisnéise

British Standard 3998:2010 Tree Work. Recommendations. Londain: BSI

British Standard 5837:2012 Trees in relation to Design, Demolition and Construction – Recommendations. Londain: BSI

British Standard 8545:2014 Trees: From nursery to independence in the landscape – Recommendations. Londain: BSI

London Tree Officers Association (2008). The Risk Limitation Strategy for Tree Root Claims. Londain: LTOA

McHugh, D agus Gallagher, G (2004). Trees, Forests and the Law in Ireland. Baile Átha Cliath: COFORD

National Tree Safety Group (2011). Common Sense Risk Management of Trees. Guidelines on trees and public safety in the UK for owners, managers and advisers. Dún Éideann: Forestry Commission.

National Joint Utilities Group (2007). Guidelines for the Planning, Installation and Maintenance of Utility Apparatus in Proximity to Trees. NJUG Publications Volume 4, Londain: NJUG

Trees and Design Action Group (2014). Trees in Hard Landscape – A Guide for Delivery. Londain: TDAG

Trees and Design Action Group (2012). Trees in the Townscape: A Guide for Decision Makers. Londain: TDAG

Comhairle Crann na hÉireann (2010). Amenity Trees and Woodlands, A Guide to their Management in Ireland. Baile Átha Cliath: Comhairle Crann na hÉireann

SDCC
Comhairle Contae
Átha Cliath Theas
South Dublin
County Council

Maireachtáil le Crainn

South Dublin County Council, County Hall, Tallaght, Dublin 24, D24 A3XC.
Comhairle Contae Átha Cliath Theas, Halla an Contae, Tamhlacht, Átha Cliath 24, D24 A3XC.

**T** 01 414 9000 | **E** info@sdublincoco.ie | **W** www.sdcc.ie
www.twitter.com/sdublincoco.ie | SMS: 51678